

COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE
GALWAY COUNTY COUNCIL



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2013



**Comhairle Chontae na Gaillimhe
Áras an Chontae
Cnoc na Radharc
Gaillimhe**

**Fón: (091) 509 000
Fasc: (091) 509 010
Idirlíon: www.gaillimh.ie**


RÁITEAS MISIN	03
TEACHTAIREACHT Ó MHÉARA CHONTAE NA GAILLIMHE	04
TEACHTAIREACHT ÓN mBAINISTEOIR CONTAE	05
COMHALTAÍ CHOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE	07
FAISNÉIS GHINEARÁLTA	11
CUSPÓIRÍ CORPARÁIDEACHA	15
AN tAONAD SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA, TITHÍOCHTA AGUS ÉIGEANDÁLA	16
AN tAONAD COMHSHAOIL, SEIRBHÍSÍ UISCE, AGUS FORBARTHA POBAIL, FIONTRAÍOCHTA & EACNAMAÍOCHTA	50
AN tAONAD SEIRBHÍSÍ PLEANÁLA & ACMHAINNÍ DAONNA	67
AN tAONAD BÓITHRE & IOMPAIR, MUIRÍ AGUS SEIRBHÍSÍ GINEARÁLTA	83
DAOINE ATÁ AINMNITHE AG AN gCOMHAIRLE CHUIG COISTÍ AGUS COMHLACHTAÍ EILE	98
COMHDHÁLACHA AR FHREASTAIL NA COMHALTAÍ TOFA ORTHU	103
COSTAIS NA gCOMHALTAÍ TOFA	114
COISTÍ BEARTAIS STRAITÉISIGH	116
PRÍOMHOIFIGIGH NA COMHAIRLE	118
OIFIGÍ NA COMHAIRLE CONTAE	121
ÚDARÁIS ÁITIÚLA EILE SA CHONTAE	122
TÁSCAIRÍ SEIRBHÍSE	124
FAISNÉIS CHOTHROM LE DÁTA FAOIN SCÉIM RANNÍOCAÍOCHTA FORBARTHA	135
RÁITEAS AIRGEADAIS BLIANTÚIL	137

Nóta Tábhachtach: Tá cóipeanna den Tuarascáil Bhliantúil ar fáil i bhformáidí malartacha ach teagmháil a dhéanamh le: An Rannóg Seirbhísí Corparáideacha, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh
Teil: 091- 509000 nó ríomhphost chuig general@galwaycoco.ie

RÁITEAS MISIN



SEIRBHÍSÍ ÚDARÁIS ÁITIÚIL A SHOLÁTHAR DO CHONTAE NA GAILLIMHE A CHUIREANN LE SAOL GEILLEAGRACH, SÓISIALTA AGUS CULTÚRTHA NA SAORÁNACH.



PRÍOMHLUACHANNA:

- Daonlathach
- Cuimsitheacht
- Trédhearcacht agus Cuntasacht
- Luach ar Airgead
- Freagrúlacht
- Ceannaireacht Pobail agus Muinín an Phobail
- Inrochtaineacht



TEACHTAIREACHT Ó MHÉARA CHONTAE NA GAILLIMHE



Tá Údaráis Áitiúla Chontae na Gaillimhe i measc na soláthróirí seirbhíse poiblí is mó dá bhfuil ann sa Chontae agus tá freagracht agus oibleagáid orthu seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar dár gcustaiméirí go léir. Déanaimid iarracht an bonneagar eacnamaíochta, sóisialta, cultúrtha agus fisiceach a fheabhsú go leanúnach ar fud an Chontae dár gcuid saoránach go léir. Soláthraímid raon seirbhísí ar fud Chontae na Gaillimhe lena n-áirítear seirbhísí tithíochta, bóithre, uisce, pleanála, leabharlainne, dóiteáin, mótarchánach, áineasa & taitneamhachta, agus tréidliachta. Feidhmíonn Comhairlí Baile i mBéal Átha na Sluaighe, i dTuaim agus i mBaile Locha Riach chun tacú le próiseas an daonlathais go háitiúil agus, ina theannta sin, soláthraíonn siad roinnt feidhmeanna lena n-áirítear tithíocht, seirbhísí taitneamhachta agus ionadaíocht áitiúil.

I mo cháil mar Mhéara ar Chontae na Gaillimhe, is cúis áthais dom é an Tuarascáil Bhliantúil seo a thíolacadh thar ceann Údaráis Áitiúla Chontae na Gaillimhe, ar tuarascáil í ina ndéantar taifead ar an dul chun cinn maidir leis na seirbhísí a soláthraíodh sa bhliain 2013.

D'eagraigh Comhairle Chontae na Gaillimhe roinnt Fáiltithe Cathartha i rith na bliana 2013, lena n-áirítear fáiltithe do Bhuaiteoirí Chraobhchomórtas Uile-Éireann Sóisearach Peile na gClubanna, Cumann Bhéal Átha na Sluaighe, do Chumann Naomh Tomás a bhuaigh Craobhchomórtas Uile-Éireann Iománaíochta na gClubanna, d'fhoireann Bhaile Chláir faoi bhun 14 a bhuaigh Féile Pheile Uile-Éireann agus d'fhoireann na Gaillimhe a bhuaigh an Craobhchomórtas Uile-Éireann Idirmheánach Camógaíochta 2013. Bhí Fáiltiú Cathartha ann freisin do bhuaiteoirí ghradam Uile-Oileáin Mhórtas Áite agus sheol mé Fáilte Méara do Kieran Molloy ó Chlub Dornálaíochta Uachtar Ard a fuair bonn cré-umha le linn Chraobhchomórtas Domhanda Sóisearach an AIBA i gCív.

Bhí mise mar óstach ag Searmanas Bliantúil Ghradaim an Mhéara a seoladh in Óstán Bhaile Chláir ar an 19 Samhain 2013 agus d'freastail os cionn dhá chéad is caoga duine as gach cuid de Chontae na Gaillimhe ar an searmanas agus ba ócáid shuntasach dom í. Trí na Gradaim sin, déantar gníomhaíochtaí pobail agus deonacha ar fud an Chontae a aithint agus a cheiliúradh agus bhronn mé aon ghradam déag i rith na hoíche. Ón tráth ar tháinig mé chun bheith i seilbh oifige mar Mhéara an Chontae, bhí sé de phléisiúr agam cuairt a thabhairt ar líon an-mhór pobal ar fud an Chontae, agus obair a dhéanamh in éineacht leo, agus i rith na tréimhse sin chonaic mé an obair iontach a dhéantar sna pobail sin go léir. Is mian liom buíochas ó chroí a ghabháil le gach duine atá ag gabháil don obair sin agus aitheantas a thabhairt do na gníomhaithe pobail go léir i leith a ndíograis i ndáil le feabhas a chur ar a bpobail áitiúla. Ceann de na buaicphointí a bhí ann, dar liom, ná cuairt a thabhairt ar an tSín in éineacht le hionadaithe as Inis Oírr ar éirigh leo dhá mhór-Ghradam Idirnáisiúnta LivCom i réimse na bPobal Inbhuanaithe a ghnóthú.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil leis an mBainisteoir Contae, lena Lucht Bainistíochta agus lena foireann as an obair iontach a dhéanann siad ar bhonn laethúil chun an Contae seo a fhorbairt. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an gComhairleoir Thomas Welby a bhí mar Mhéara do na chéad sé mhí den bhliain agus le mo chomhghleacaithe sa Chomhairle as an tacaíocht agus as an gcomhoibriú a fuair mé uathu le linn mo thréimhse mar Mhéara.

Is onóir mhór dom an tréimhse atá caite agam mar Mhéara ar an gContae breá seo. Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl as ucht an chomhoibrithé iontaigh a fuair mé ó fheidhmeannaigh na Comhairle, ó fhoireann na Comhairle ar fad, ó na Comhairleoirí eile agus ó phobal na Gaillimhe fére chéile. Cé go bhfuil dúshláin mhóra romhainn táim cinnte go bhfuil ar chumas an Chontae seo tarraingt le chéile agus oibriú i dtreo todhchaí thairbheach a áirithiú dúinn ar fad.

*An Comhairleoir Liam Carroll
Méara Chontae na Gaillimhe*

TEACHTAIREACHT ÓN mBAINISTEOIR CONTAE



I mo cháil mar Bhainisteoir Contae na Gaillimhe, cuirim fáilte roimh fhoilsiú na Tuarascála Bliantúla seo ina leagtar amach cuid den iliomad nithe atá bainte amach ag an gComhairle i rith na bliana 2013.

Rinneadh clár substaintiúil oibreacha a chur i gcrích tríd an Aonad Bóithre agus Iompair, d’ainneoin an laghdaithe ar na leithroinntí ón Údarás um Bóithre Náisiúnta agus d’ainneoin an laghdaithe shuntasaigh ar leibhéil foirne sa bhliain 2013. Ba é a bhí sa leithroinnt deontais ón Údarás um Bóithre Náisiúnta ná €18,091,817 ar suim í sin a bhí comhdhéanta de €16,637,407 le haghaidh oibreacha feabhsúcháin agus €1,454,410 le haghaidh oibreacha cothabhála. Leanadh de thalamh a cheannach i rith na bliana le go bhféadfaí tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an M18/M17, is é sin, an bealach ón nGort go Tuaim. Rinneadh Straitéis Chontae na Gaillimhe maidir le Siúl agus Rothaíocht chur i gcrích agus rinneadh tuilleadh dul chun cinn maidir leis an Siúlbealach agus an Rotharbhealach Glas ón gClochán go Gaillimh a réamh-mheasúnú agus a fhorbairt ar bhonn comhpháirtíochta le páirtithe leasmhara amhail úinéirí talún agus comhlachtaí turasóireachta. Ba é a bhí sa leithroinnt iomlán deontais do Bhóithre Réigiúnacha & do Bhóithre Áitiúla ná €21,591,543. Bhí an méid sin comhdhéanta de €17,583,748 le haghaidh oibreacha feabhsúcháin agus €4,007,805 le haghaidh oibreacha cothabhála agus ba chabhair é sin maidir leis an bhfeabhas foriomlán a cuireadh ar ár mbonneagar bóithre sa bhliain 2013.

D’infheistigh Comhairle Chontae na Gaillimhe os cionn €100,000 i scéimeanna éagsúla trína ndearnadh Gaillimh a chur chun cinn mar ionad cuairteoirí i rith Bhliain an Tóstail. Leanadh den tionscnamh líonraithe gnó, MEET WEST, sa bhliain 2013 agus bhí 300 cuideachta agus tuairim is 350 toscaire i láthair thar thréimhse 2 lá. Thacaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe le gníomhaíochtaí eacnamaíochta agus fiontraíochta i bpobail ar fud Chontae na Gaillimhe trí infheistíocht níos mó ná €150,000 a dhéanamh i dtionscadail a bhí á reáchtáil ag Comhlachais Tráchtála i mBailte Chontae na Gaillimhe, i dtionscadail/in imeachtaí Turasóireachta Pobail, agus i Lárionaid Fiontraíochta faoi Bhainistíocht Phobail. Infheistíodh €200,000 eile i bpobail de chuid an Chontae trí Dheontais Tacaíochta Pobail. Leithroinneadh an maoiniúchán sin do níos mó ná 200 tionscadal pobail. Rinneadh €60,000 a infheistiú i bpobail ar mhodh Deontas agus Gradam Ealaíon.

Cuireadh tús leis an obair ar Ghréasán Séarachais an Chlocháin. Leis an gconradh sin, déantar socrú maidir le gréasán nua bailithe uisce dromchla a thógáil, mar aon le hoibreacha gaolmhara a dhéanamh chun uisce dromchla a scaradh ón ngréasán séarach láithreach atá ann i mbaile an Chlocháin ar ceann scríbe coitianta do thurasóirí agus lárionad tábhachtach eacnamaíochta é in iarthar Chonamara. Déanfar an obair sin sula ndéanfar dara conradh a chur i bhfeidhm chun Gléasra nua Cóireála Séarachais agus córas sceite a sholáthar don bhaile. Tá an Chomhairle ag leanúint d’infheistíocht a dhéanamh i soláthar saoráidí cóireála séarachais i dtéarmaí cáilíochta agus cainníochta araon agus, sa bhliain 2013, críochnaíodh an obair thógála i ndáil le gréasáin i sráidbhailte Bhaile an Mhuilinn agus Bhaile Chláir. Sa bhliain 2014, déanfar an fhreagracht as Seirbhísí Uisce a aistriú chuig an gcuideachta fóntais nua, is é sin le rá, Uisce Éireann, agus rinneadh cuid mhór oibre sa bhliain 2013 chun aistriú réidh a chinntiú.

Rinneadh an creat conraitheoirí tithíochta le haghaidh Oibreacha Ginearálta Tógála, Cothabhála agus Iarfeistiúcháin a athnuachan sa bhliain 2013. Cumasaíonn an creat obair ar aonaid a chríochnú ar bhealach níos éifeachtúla agus níos tapa agus úsáideadh é chun obair a chur ar

tairiscint ina míreanna chun luach ar airgead níos fearr a bhaint amach. Sa bhliain 2013, rinne an t-aonad tithíochta os cionn 67 dteach a chur ar ais i riocht inúsáidte trí úsáid a bhaint as lucht saothair na Comhairle agus as conraitheoirí araon. Ina theannta sin, rinneadh oibreacha faoin gClár Éifeachtúlachta Fuinnimh agus Iarfeistiúcháin a chur i gcrích i 659 dteach agus is ionann an líon sin tithe agus 34% dár stoc iomlán tithíochta. Grúpithithe is mó a bhí i gceist leis na tithe sin agus iad suite in eastáit agus bhí siad ann le níos mó ná 10 mbliana. Bhain na hoibreacha le huasghrádú insliúcháin ballaí trí chuasáin a líonadh agus le 300mm d'insliúchán áiléir a shuiteáil, mar aon le roinnt beart a dhéanamh i ngach teach ar leith i ndáil le siorradh-dhíonadh agus aerúchán. Bunaíodh an tAonad Iompair Fhrithshóisialta (ASB) sa bhliain 2013 agus déileáilann sé le gearáin faoi ASB. Maidir le straitéis na Comhairle sa réimse seo, áirítear teagmháil ghníomhach leis an bpobal/rannpháirtíocht ghníomhach an phobail ar bhonn leanúnach ag leibhéal áitiúil, agus béim á leagan ar iompar frithshóisialta agus sárúithe ar chomhaontú tionóntachta a shainaitheint ag céim luath. Tá sé sin ina chuid de Bhainistíocht Eastát fhoriomlán na Comhairle agus tá sé ceaptha chun a chinntiú gur áiteanna maithe iad na heastáit ó thaobh cónaí a dhéanamh iontu agus chun caighdeán shaol na dtionóntaí a fheabhsú tuilleadh.


Tá mionsonraí le fáil sa Tuarascáil Bhliantúil seo faoin iliomad seirbhísí ilchineálacha a chuir an Chomhairle ar fail sa bhliain 2013. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann ar fad as an méid atá bainte amach acu, go háirithe i gcomhthéacs an laghdaithe leanúnaigh atá tagtha ar acmhainní foirne agus maoiniúcháin de bharr cúrsaí náisiúnta eacnamaíochta. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na Comhaltaí Tofa a bhfuil athléimneacht, solúbthacht agus tacaíocht léirithe acu i ndáil leis na dúshláin sin.

Agus sinn ag smaoineamh ar an mbliain 2014, beidh athruithe suntasacha agus tuilleadh dúshlán ann mar thoradh ar thionscnamh an Rialtais dar teideal *'Tús Áite do na Daoine: Clár Gnímh do Rialtas Áitiúil Éifeachtach'* ina leagtar amach beartas an Rialtais i leith athchóiriú agus fhorbairt an Rialtais Áitiúil. Déanann an tionscnamh sin socrú maidir le bunú Dúichí Bardasacha agus maidir le díscáileadh na gComhairlí Baile. Beidh tionchar aige sin ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe mar go ndéanfar Comhairlí Baile Thuama, Bhaile Locha Riach agus Bhéal Átha na Sluaighe a neamhniú i Meitheamh 2014 agus, dá dhroim sin, tiocfaidh méadú ar líon iomlán Chomhaltaí Tofa na Comhairle Contae, ó 30 go 39, agus bunófar cúig cinn de Dhúichí Bardasacha. Trí oibriú le chéile, beidh na Comhairlí, an lucht bainistíochta agus an fhoireann in ann na dúshláin sin a shárú agus leanúint dár gcuid seirbhísí a sholáthar, ar seirbhísí iad a chuireann go mór le caighdeán an tsaoil i gContae na Gaillimhe agus le rath Chontae na Gaillimhe.

Martina Moloney
An Bainisteoir Contae

COMHALTAÍ CHOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE 2013


TOGHLIMISTÉAR CHONAMARA

				
1. Comh. Seosamh Ó Cuaig	2. Comh. Tomás Ó Curraoin	3. Comh. Seosamh Ó Laoi	4. Comh. Eileen Mannion	5. Comh. Seán Ó Tuairisg
				
6. Comh. Seamus Walsh	7. Comh. Thomas Welby			

Comhairleoirí

	Teileafón	Fón Póca
1. Comh. Seosamh Ó Cuaig, Aill na Brún, Cill Chiaráin	095 33428	087 2194247
2. Comh Tomás Ó Curraoin, Na Fothraí Maola Thiar, Bearna		087 2933782
3. Comh Seosamh Ó Laoi, Baile an tSagairt, An Spidéal		087 2739909
4. Comh Eileen Mannion, Bóthar na Spéire, An Clochán		087 9555645
5. Comh Seán Ó Tuairisg, Aille Thiar, Indreabhán	091593084	086 3864179
6. Comh Seamus Walsh, Glann, Uachtar Ard	091552726	087 0519884
7. Comh Thomas Welby, An Chreig, Uachtar Ard,	091552959	087 2855676

TOGHLIMISTÉAR BHAILE LOCHA RIACH



Comhairleoirí

	Teileafón	Fón Póca
1. Comh Michael Fahey an Chathair Dhubh, Ard Raithin	091635177	087 2456000
2. Comh Peter Feeney, Baile Dháith, Baile Átha an Rí	091844735	087 6812403
3. Comh Gerry Finnerty, Baile Uí Mhurchú, an Gort.	091 632167/633291	087 2674295
4. Comh Pat Hynes, "Dún Guaire", Bóthair an Ghoirt, Baile Locha Riach	091842399	087 2404404
5. Comh Michael 'Moegie' Maher, Clostoken, Baile Locha Riach	091 842968	087 0409208
6. Comh Jimmy Mc Clearn, Bóthar Thíne, Cill Íomair	090 9676235	087 2548723
7. Comh Bridie Willers, an Ghreanach, Ard Raithin	091635425	086 0847270



TOGHLIMISTÉAR THUAMA



Comhairleoirí

	Teileafón	Fón Póca
1. Comh Sean Canney, Baile Chláir Thuama, Tuaim	093 55367	086 2513639
2. Comh Michael Connolly, Maigh Locha Mhór, Maigh Locha	090 9679465	087 6829049
3. Comh Mary Hoade, an Phríomhshráid, Áth Cinn	093 35763	087 2255979
4. Comh Shaun Cunniffe, Bóthar Bhéal Átha Ghadaí, Tuaim		087 8161663
5. Comh Tom McHugh, Cill Chlocháin, Tuaim	093 28486	086 2574192
6. Comh Peter Roache, an Mhaighean, Mainistir Chnoc Muaidhe, Tuaim	093 49187	087 8251470
7. Comh Tiarnan Walsh, An tArd Aoibhinn, Baile Liam	094 9659046	086-8514674




TOGHLIMISTÉAR BHÉAL ÁTHA NA SLUAIGHE

				
1.Comh. Tim Broderick	2.Comh Kevin Ryan	3.Comh. Dermot Connolly	4. Comh. Tomás Mannion	5.Comh. Michael Finnerty

Comhairleoirí

	Teileafón	Fón Póca
1. Comh Tim Broderick, Corr an Aonaigh, Cill Chonaill, Béal Átha na Sluaighe	090 9686896	087 2728058
2. Comh Kevin Ryan, Maigh Locha, Béal Átha na Sluaighe		087 9701125
3. Comh Dermot Connolly, Gleann na bhFeadóig, Eachroim	090 9642986	0860886160
4. Comh Tomás Mannion, Sruthán, an Chealtrach, Béal Átha na Sluaighe	090 9678212	087 6787490
5. Comh Michael Finnerty, Tobar Grealláin, Béal Átha na Sluaighe		087 6133676

TOGHLIMISTÉAR ÓRÁN MÓR

			
1.Cllr. Liam Carroll	2.Cllr. Jim Cuddy	3. Cllr. Jarlath McDonagh	4.Cllr. Malachy Noone

Comhairleoirí

	Teileafón	Fón Póca
1. Comh Liam Carroll, Cathair Uí Mhaighin, Órán Mór		087 6488684
2. Comh Jim Cuddy, an Laighdeacán, an Carn Mór, Órán Mór	091798136	087 6360242
3. Comh Jarlath McDonagh “Teach Shligigh”, an Turlach Mór	091841411	087 2346012
4. Comh Malachy Noone, an Cruisín, Baile Chláir	091 798297	087 1333711

FAISNÉIS GHINEARÁLTA

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe freagrach as limistéar riaracháin Chontae na Gaillimhe, gan Cathair na Gaillimhe agus limistéar Chomhairle Baile Bhéal Átha na Sluaighe a áireamh. Tá an Chomhairle freagrach as bóithre a phleanáil, a dhearadh agus a thógáil, scéimeanna soláthair uisce, saoráidí siltin, tithíocht, stáisiúin dóiteáin, leabharlanna agus reiligí. Tugann sí aire don chomhshaol agus déantar iarracht feabhas a chur ar an gcontae mar aon lena charachtar agus atmaisféar uathúil a chosaint trí bheartais pleanála agus comhshaoil. Tá ról gníomhach aici freisin maidir le gnóthaí tionscail, gnó, sóisialta, ealaíon, oidhreachta agus cultúir an chontae a fhorbairt.

De réir chóras rialtais áitiúil na hÉireann, a chuimsíonn ionadaíocht dhaonlathach agus riarachán poiblí, tá ról ionadaíoch agus ról oibríochtúil ag Comhairle Chontae na Gaillimhe ina cáil mar údarás áitiúil.

Is iad comhaltaí tofa na Comhairle a fheidhmíonn **ról ionadaíoch** Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Tá tríocha comhalta (Comhairleoir) ann agus toghtar iad sin ó chúig thoghlimistéar áitiúla:

Béal Átha na Sluaighe	5 comhalta
Conamara	7 comhalta
Baile Locha Riach	7 comhalta
Órán Mór	4 comhalta
Tuaim	7 comhalta

Toghtar na comhaltaí seo ar feadh tréimhse cúig bliana agus reáchtáladh toghcháin áitiúla sa bhliain 2009. Déanann an Chomhairle duine dá Comhaltaí a thoghadh mar Mhéara ag an gCruinniú Bliantúil.

Tugtar **“feidhmeanna forchoimeáda”** ar na feidhmeanna a chomhlíonann na Comhaltaí tofa. Leis na feidhmeanna sin, leagtar síos an creat beartais faoina bhfeidhmíonn an Bainisteoir Contae.

Áirítear na nithe seo a leanas i measc na bhfeidhmeanna sin:

- an Buiséad bliantúil a ghlacadh
- an Plean Forbartha Contae a dhéanamh nó a athrú
- Scéim Tosaíochtaí Ligin maidir le tithíocht údarais áitiúil a ghlacadh
- fodhlíthe a dhéanamh, a leasú agus a chúlghairm
- ceadú i gcomhair airgead a fháil ar iasacht
- dearbhú a dhéanamh á rá gur bóithre poiblí iad bóithre áirithe

Déanann an Chomhairle a cuid cinntí trí rúin a ritear ag a cuid cruinnithe.

Déanann an Bainisteoir Contae agus a foireann **ról oibríochtúil** Chomhairle Chontae na Gaillimhe a chomhlíonadh. Tá siad freagrach as riaradh na Comhairle Contae ó lá go lá. Déanann an Bainisteoir Contae feidhmeanna ar a dtugtar na **“feidhmeanna feidhmiúcháin”** a chomhlíonadh agus déantar cinntí an Bhainisteora trí **“Ordú Bainisteora”** i scríbhinn.

Áirítear na nithe seo a leanas i measc na bhfeidhmeanna sin:

- tithe a ligean
- ceadanna pleanála a dheonú nó a dhiúltú
- comhaltaí foirne a cheapadh etc.

Ní mór don Bhainisteoir Contae, agus cinntí á ndéanamh aige/aici, gníomhú ar shlí a thagann leis an mbeartas a bhunaigh na comhaltaí tofa agus, ag an am céanna, tugann sé/sí comhairle do na comhaltaí maidir le comhlíonadh a bhfeidhmeanna forchoimeáda.

STRUCHTÚR EAGRÚCHÁIN ÚDARÁIS ÁITIÚLA NA GAILLIMHE

De réir an Achta Rialtais Áitiúil 2001, is bunfheidhm de chuid an údaráis áitiúil fóram a sholáthar le haghaidh ionadaíochta daonlathaí sa phobal áitiúil agus ceannaireacht chathartha a sholáthar don phobal. De bhreis air sin, tá an t-údarás áitiúil freagrach as raon seirbhísí a sholáthar mar aon le feidhmeanna rialála agus forfheidhmithe.

Leagann an tríocha comhalta tofa síos an creat beartais faoina n-oibríonn an Lucht Bainistíochta. Déanann Grúpa Beartais Chorporáidigh, agus cúig Choiste um Beartais Straitéiseacha, beartas a cheapadh agus a chomhaontú. Cuimsíonn na Coistí um Beartais Straitéiseacha comhairleoirí tofa agus ionadaithe deonacha/earnála a dhéanann an beartas thar raon feidhmeanna de chuid na Comhairle a athbhreithniú agus a cheapadh. Maidir leis an Lucht Bainistíochta, a chuimsíonn Stiúrthóirí Seirbhísí agus an Bainisteoir Contae, oibríonn sé i gcáil fheidhmiúcháin.

An Grúpa Beartais Chorporáidigh (CPG)

Cuimsíonn an Grúpa Beartais Chorporáidigh an Méara agus Cathaoirligh na gCoistí um Beartais Straitéiseacha agus faigheann sé tacaíocht ón mBainisteoir Contae. Oibríonn an CPG leis na Coistí éagsúla um Beartais Straitéiseacha agus gníomhaíonn siad mar ‘comh-aireacht’ le fóram a sholáthar inar féidir cinntí beartais a bhfuil éifeacht acu ar an gComhairle iomlán a chomhaontú lena gcur faoi bhráid na Comhairle ina hiomláine. Tugann an CPG comhairle agus cabhair don Chomhairle agus soláthraíonn sé ionchur maidir le hábhair is díol spéise don phobal i gcoitinne. Tá ról aige freisin maidir le faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht iomlán an údaráis áitiúil.

An Coiste um Beartais Straitéiseacha (SPC)

Soláthraíonn struchtúr an SPC creat d'ionadaithe tofa mar aon le deis an ról atá acu a chomhlíonadh mar lucht déanta beartas agus, cruthaíonn sé deiseanna i gcomhair comhpháirtíochtaí le grúpaí leasmhara áitiúla agus le hionadaithe pobail. Soláthraíonn SPC-anna fóram trína gcumasaítear beartais a cheapadh, a athbhreithniú agus a mheasúnú ar bhealach níos fearr agus cúnamh intreach á fháil ó ghrúpaí leasmhara ábhartha earnála agus tacaíocht ar fail ó Stiúrthóirí Seirbhísí. Bunaíodh cúig SPC sa Chomhairle:

- Seirbhísí Tithíochta, Dóiteáin & Éigeandála
- Bóithre agus Iompar
- Pleanáil, Forbairt Eacnamaíochta & Pobal
- Comhshaol & Seirbhísí Uisce
- Gnóthaí Corparáideacha agus Cultúr


Coistí Ceantair

Fónann an Coiste Limistéir do gach Toghlímistéar sa Chontae agus is iad na hionadaithe tofa ón limistéar sin a chomhdhéanann an Coiste Limistéir. Cumasaíonn struchtúr an Choiste Limistéir gné limistéir/gné áitiúil a bheith ann maidir le soláthar seirbhísí agus maidir le saincheisteanna oibríochtúla ar díol spéise áitiúla iad. Déileálann an Coiste Limistéir le nithe a bhaineann le soláthar oibríochtúil seirbhísí de chuid an údaráis áitiúil.

Comhairlí Baile

Oibríonn struchtúir ionadaíocha agus ceaptha beartais de chuid Comhairlí Baile i mBéal Átha na Sluaighe, i dTuaim agus i mBaile Locha Riach. Tá 9 gcomhaltaí ar gach Comhairle Baile ar leith díobh sin. Déanann na Comhairlí Baile feidhmeanna tábhachtacha ionadaíocha a chomhlíonadh agus cuireann siad tuairimí daoine sa limistéar in iúl maidir le cúrsaí beartais agus cúrsaí oibríochtúla. Is é Comhairle Baile Bhéal Átha na Sluaighe an tríú húdarás baile is mó sa tír i dtéarmaí geografacha agus, de bhreis ar sheirbhísí riachtanacha a sholáthar, amhail soilsiúchán poiblí, glanadh sráideanna, tithíocht shóisialta, rialú forbartha agus pleanáil fhisiceach, tá an Chomhairle Baile páirteach i raon leathan gníomhaíochtaí eile amhail saoráidí áineasa agus taitneamhachta a sholáthar agus a chothabháil, corrrádáil, Aonach Mhí Dheireadh Fómhair agus comórtas na mBaile Slachtmhara.

STRUCHTÚR EAGRÚCHÁIN ÚDARÁIS ÁITIÚLA NA GAILLIMHE 2013



CUSPÓIRÍ CORPARÁIDEACHA

Fónann an Plean Corparáideach 2010 - 2014 mar chreat straitéiseach le haghaidh gníomhartha a dhéanfaidh an Chomhairle amach anseo le linn na tréimhse sin. Saináithníonn sé naoi gCuspóir Straitéiseacha agus Straitéisí Tacaíochta chun Ráiteas Misin agus Príomhluachanna na Comhairle a bhaint amach. Léirítear sa Tábla thíos na cuspóirí straitéiseacha agus na straitéisí tacaíochta a shainaithnítear sa Phlean.

Tag:	Cuspóirí	Straitéisí
1.	Forbairt	Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an gContae ar shlí

	Chothromaithe agus Inbhuanaithe a bhaint amach	chothromaithe trí phleanáil fhorchéimnitheach a fhreastalóidh ar riachtanais tionscail agus pobal, agus trí bhonneagar riachtanach a sholáthar.
2.	An Comhshaol a chaomhnú agus a fheabhsú	Oidhreacht nádúrtha an Chontae a bhainistiú chun freastal ar riachtanais na bpobal áitiúil faoi láthair agus a chinntiú go mbeidh daoine amach anseo ábalta slí bheatha a bhaint amach atá ag teacht lena dtimpeallacht.
3.	Pobail Inbhuanaithe a fhorbairt	Pobail áitiúla a threisiú trí shócmhainní agus acmhainní pobail a sholáthar trí rannpháirtíocht agus tacaíocht réamhghníomhach.
4.	Uasmhéadú a dhéanamh ar Uilechuimsitheacht Shóisialta agus Rialachas Áitiúil	Iarracht a dhéanamh seirbhísí poiblí a fheabhsú sa Chontae, ar seirbhísí iad a chuireann le caighdeán saoil gach saoránach agus a thugann aitheantas agus tacaíocht do phobail i dtaca le ról gníomhach a bheith acu sa tsochaí.
5.	Tacú le Cultúr Uathúil Chontae na Gaillimhe	Tacú leis an nGaeilge agus le cultúr na hÉireann agus éagsúlacht chultúir a cheiliúradh agus rannpháirtíocht sna healaíona agus sa spórt a spreagadh.
6.	Uasmhéadú a dhéanamh ar Éifeachtacht agus Éifeachtúlacht Eagraíochtúil	Éifeachtacht an údaráis áitiúil a fheabhsú maidir lena chuid seirbhísí a phleanáil agus a sholáthar ar shlí atá bunaithe ar éifeachtúlacht, ar chuntasacht, ar luach ar airgead agus ar bharrfheabhsú acmhainní i ngach réimse den eagraíocht lena n-áirítear na réimsí acmhainní daonna, airgeadais agus teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide.
7	Feabhas a chur ar Sheirbhísí Ardchaighdeáin do Chustaiméirí agus ar Sholáthar Seirbhísí	Caighdeáin dea-chleachtais a chur i bhfeidhm maidir le soláthar seirbhísí ardchaighdeáin dár gcustaiméirí.
8	Tacú leis an Daonlathas Áitiúil agus é a fheabhsú	Ról ionadaíoch na gComhaltáí Tofa agus na nIonadaithe Pobail atá ann inár gcuid struchtúr daonlathach a éascú le linn dóibh an ról sin a chomhall mar fhreagra ar riachtanais an Phobail.
9	Barrfheabhsú Acmhainní Daonna	An úsáid is mó is féidir a bhaint as an gCóras Bainistíochta Feidhmíochta agus Forbartha san eagraíocht agus Sábháilteacht, Sláinte agus Leas na bhfostaithe go léir a chur chun cinn.

Maidir leis an dul chun cinn agus leis an méid atá bainte amach ag an eagraíocht sa bhliain 2013 i ndáil leis na Cuspóirí Straitéiseacha, tá léiriú le fáil air sin, a mhéid a bhaineann le gach Aonad ar leith, sna ranna sin ina dhiaidh seo.

AN tAONAD SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA, TITHÍOCHTA AGUS ÉIGEANDÁLA

Seirbhísí Corparáideacha

Tá an tAonad Corparáideach tiomanta i leith íomhá dhearfach chorparáideach a fhorbairt trí sheirbhísí éifeachtúla gairmiúla agus inniúla a sholáthar don Chomhairle, don Bhainistíocht Shinsearach agus don phobal i gcoitinne. Cuimsíonn an tAonad raon leathan seirbhísí éagsúla de chuid na Comhairle ó Ghnóthaí Corparáideacha go Seirbhísí Leabharlainne, Iniúchadh Immheánach, Seirbhísí Dílíthiúla agus tacaíocht don Chomhairle i bhfoirm Rúnaíochta Corparáidí.

Tá léiriú le fáil anseo thíos ar an dul chun cinn a rinne an tAonad, agus ar an méid a bhain an tAonad amach, sa bhliain 2013 i ndáil leis na cuspóirí ábhartha atá ann sa Phlean Corparáideach, 2010-2014.

POBAIL INBHUANAITHE A FHORBAIRT

CLÁR SEIRBHÍSÍ FORBARTHA LEABHARLAINNE

Le linn na tréimhse atá ann faoi láthair, ar tréimhse í lena mbaineann dúshlán eacnamaíochta, tá Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe níos luachmhaire agus níos tábhachtaí ná riamh do leanaí, d'aoisigh agus do theaghlacha Chathair agus Chontae na Gaillimhe. Ba bhliain dheacair í an bhliain 2013 ach, d'ainneoin na ndeacrachtaí foirne, leanann ár gcuid Leabharlann Brainse go léir de sheirbhís a sholáthar atá dírithe ar léitheoirí agus aire á tabhairt acu do riachtanais a gcuid léitheoirí. Cuimsíonn gréasán Leabharlanna Chontae na Gaillimhe an méid seo a leanas:

- 29 Leabharlann Brainse,
- Seirbhís Leabharlainne Shoghluaiste,
- Seirbhís Scoile do Bhunscoileanna,
- Clos-Seirbhís do Dhaoine Lagamhairc
- Stair Áitiúil
- 38,804 ball chláraithe (bhí 19,282 aosach agus 19,522 leanbh cláraithe sa bhliain 2013)
- 565,542 chuairt ar ár gcuid Leabharlann
- rinneadh 713,874 leabhar a eisiúint chuig daoine sa bhliain 2013

Forbairtí sa bhliain 2013

- Tá **na Pleananna i gcomhair Leabharlann nua Bhéal Átha na Sluaighe** ag céim na dtairiscintí agus cuirfear tús leis an obair sa bhliain 2014. Beidh an leabharlann suite i seanfhoirgneamh Chlochar na Trócaire.
- Tá **Leabharlann Uachtar Ard** suite sa Teach Cúirte. Rinneadh deisiúcháin riachtanacha ar an bhfoirgneamh. Tá pleananna tarraingthe suas ag Comhairle Chontae na Gaillimhe agus ag Grúpa Athchóirithe áitiúil chun nuachóiriú a dhéanamh ar an bhfoirgneamh agus beidh Leabharlann leathnaithe mar chuid den fhoirgneamh nuachóirithe.
- Rinneadh uaireanta oscailte **Leabharlann Bhaile Átha an Rí** a leathnú i rith na bliana 2013 agus, dá bharr sin, cumasaíodh seirbhís fheabhsaithe leabharlainne a sholáthar don cheantar.
- Is é atá i **Leabharlann An Taobh Thiar agus RFID** (Aitheantas Radaimhnicíochta) ná córas féinseirbhíse trína n-eisítear leabhair agus trína dtugtar leabhair ar ais. Ba í Leabharlann An Taobh Thiar an leabharlann ba ghnóthaí de chuid na seirbhíse sa bhliain 2013 agus tá an córas nua seo ina chabhair maidir le déileáil le léitheoirí. Bhain idir 59% agus 75% de na hiasachtaithe úsáid as RFID gach mí i rith na bliana 2013.

IMEACHTAÍ OIDEACHAIS AGUS CULTÚIR NA SEIRBHÍSE LEABHARLAINNE

Tá Leabhair agus Léitheoireacht i gcroílár gach ní a dhéanaimid.

Is mian linn tacú le daoine a mhéid a bhaineann lena ngrá do leabhair agus le saothrú an eolais acu. Soláthraíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe maoiniúchán le haghaidh ár gciste leabhar rud a chumasaíonn dúinn rogha leathan ilchineálach leabhar a sholáthar d'aoisigh agus do leanaí i ngach

réimse den litríocht agus den eolas. Tapaímid gach deis chun leabhair agus léitheoireacht a chur chun cinn.

Tá an-éileamh ar Ghrúpaí Léitheoireachta.

- Tagann Grúpaí Léitheoireachta le chéile i gcuid mhór dár Leabharlanna Brainse ar bhonn míosúil.
- Tugann leabharlanna tacaíocht do ghrúpaí léitheoireachta príobháideacha freisin trí leabhair a sholáthar dóibh.
- Rinneadh Club Leabhar Gaeilge a sheoladh i rith na bliana i Leabharlann na Ceathrún Rua.
- Tagann Grúpaí Léitheoireachta do Leanáí le chéile sa Bhaile Bán, sa Taobh Thiar, in Áth Cinn agus i dTuaim.
- Tá *Over the Edge Poetry Reading* á reáchtáil uair sa mhí le deich mbliana anuas i Leabharlann Chathair na Gaillimhe. Tá an-éileamh air agus, ar an meán, freastalaíonn 100 duine air. Rinneadh foilseachán speisialta dar teideal *Over the Edge-the First ten Years-An Anthology of Fiction and Poetry* a sheoladh sa bhliain 2013.

Seirbhísí do Leanáí

I measc na nithe is tábhachtaí a dhéanaimid i Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe áirítear cabhrú le leanáí tuiscint a fháil ar an sult atá le baint as léitheoireacht. Is maith le leanáí leabhar amháin ar leithligh a bheith acu lena léamh agus soláthraímid spreagadh agus dreasachtaí de gach cineál ina leith sin.

- Éiríonn go han-mhaith le **Dúshlán Léitheoireachta an tSamhraidh** atá á reáchtáil le níos mó ná fiche bliain agus bhí 4000 leanbh cláraithe le haghaidh an Dúshláin i 24 Leabharlann Bhraíne sa bhliain 2013. Ghlac na leanáí a bhí cláraithe páirt sa Dúshlán a raibh ‘Creepy House’ mar théama aige.
- Bhronn Méara Chontae na Gaillimhe, an Comhairleoir Liam Carroll, Teastais agus Boinn Léitheoireachta ar na céadta leanáí ag deireadh cóisirí samhraidh ina mBrainsí áitiúla. Bhí searmanais bhronnta teastas agus bonn ann i Leabharlanna Brainse ar fud an chontae i rith na bliana 2013, lena n-áirítear Baile Átha an Rí, Béal Átha na Sluaighe, an Cheathrú Rua,



Dún Mór, an
Gort, Cill Íomair,
Baile Locha
Riach, Port
Omna, Tuaim
agus an Ghráig.

Méara na Gaillimhe, an
Comhairleoir Liam
Carroll, agus é ag
bronnadh
Léitheoireachta i bPort
Omna sa bhliain

- Rinne an Leas-Mhéara, Eileen Mannion, an bronnadh i leabharlann Uachtar Ard agus i leabharlann an Spidéil.
- D'éirigh go maith leis an imeacht léitheoireachta a reáchtáil Lárionad Ghallaigh sa bhliain 2013.
- **One Book One Tuam:** ba é “Faraway Home” le Marilyn Taylor an leabhar a roghnaíodh. I gcomhar leis an bhFoireann Teagmhála Baile/Scoile, thug Leabharlann Thuama spreagadh do gach duine i dTuaim an leabhar a léamh. D’fhreastail ranganna as scoileanna áitiúla ar sheisiúin léitheoireachta sa Leabharlann.

- Rinneadh **Féile Leabhar na Leanaí** a réachtáiltear i mí Dheireadh Fómhair a cheiliúradh le Féile Scéalaíochta ar thug an Oifig Ealaíon, Comhairle Chontae na Gaillimhe, urraíocht ina leith. Thug scéalaithe amhail Pat Speight (as Corcaigh), Yourman Puppets, Little Gem Puppets, Sorcas na Gaillimhe agus roinnt scríbhneoirí Éireannacha de chuid Futa Fata, ar foilsitheoirí iad atá lonnaithe sa Spidéal, cuairt ar Leabharlanna Bhraínse.
- Tá an-éileamh ar **Storytime for Young Children**, ar imeacht seachtainiúil é i Leabharlanna Chathair na Gaillimhe, an Bhaile Bháin, Westside, Órán Mór, Áth Cinn, an Spidéal, Bhaile Locha Riach agus an Líonáin.
- D’eagraigh **Leabharlann na Ceathrún Rua** imeacht do leanaí i gcomhair le ‘Cúirt’ i mí Aibreáin agus d’eagraigh siad ‘Turas Leabhar Bheartla Broc’ i mí na Samhna freisin.
- Bhí seisiúin cheardaíochta ann do leanaí i leabharlanna amhail leabharlann **an Líonáin** agus leabharlann **Chloch na Rón**, lena n-áirítear cártaí agus leabharmharcanna Cásca agus Nollag a dhéanamh.

Leabharlanna Aosach agus na hEalaíona

Is ionann leabharlanna agus moil bheoga chruthaitheacha ina ndéantar cruthaitheacht agus smaointeoireacht a spreagadh agus a chothú. Tá daoine in ann rochtain a fháil ar na hEalaíona trína gcuid Leabharlann áitiúil.

- Bíonn **Taispeántais Ealaíne** ann go tráthrialta i gcuid mhór Leabharlann. Bíonn saothar de chuid ealaíontóirí áitiúla agus ealaíontóirí cuairte ar taispeántas lena linn.
- Tá spás iontach i gcomhair taispeántas ag **Leabharlann na Ceathrún Rua** agus ag **Leabharlann an Spidéal** agus bhí an-éileamh orthu ar fud na bliana 2013.
- Is é seo an 7^ú bliain de chuid **Chonair Ealaíne Oirthear na Gaillimhe**. Déanann sé cónasc idir ealaíontóirí agus leabharlanna amhail brainsí Bhéal Átha na Sluaighe, Phort Omna, na Gráige, Dhún an Uchta agus Chill Íomair. Sanntar ealaíontóir chuig leabharlann i gcomhair taispeántais, bíonn oscailt oifigiúil ann agus déantar an t-ealaíontóir a chur chun cinn ar feadh trí seachtaine. Is bealach iontach é chun ealaín a chur chun cinn i bpobal áitiúil.

Ceadaíl Cheoil

- I mí Mheán Fómhair, rinneadh **Oíche Cultúir** a cheiliúradh i mBaile Átha an Rí, i gCathair na Gaillimhe, sa Spidéal agus i leabharlanna eile ar fud Chontae na Gaillimhe.
- Bíonn imeachtaí rialta ceoil ann i **mBaile Locha Riach, sa Cheathrún Rua agus i dTuaim**. I roinnt cásanna, tagann ceoltóirí áitiúla le chéile agus seinneann siad sa Leabharlann.
- Sheinn Con Tempo i gCathair na Gaillimhe, sa Bhaile Bán, i mBaile Locha Riach, sa Ghort, sa Chlochán agus i bPort Omna.

Féilte Ealaíon

- Cuimhnítear ar **Leabharlann an Chlocháin** nuair a luaitear **Féile Ealaíon an Chlocháin** ón tráth a tionscnaíodh an fhéile sin 26 bliana ó shin. I mbliana, baineadh úsáid as an Leabharlann mar ionad i gcomhair roinnt seisiún léitheoireachta filíochta agus i gcomhair taispeántais ealaíne.
- **Thug Leabharlann an Ghoirt tacaíocht d’Fhéile ‘Forge’ i mí an Mhárta agus, chomh maith leis sin, do Thionól an Fhómhair i mí Mheán Fómhair.**
- Thacaigh **an Baile Bán agus An Taobh Thiar** leis an tionscnamh “Léitheoireachtaí Filíochta sa Chistin” mar chuid d’Fhéile na Cúirte i mí Aibreáin.
- Thug **Leabharlann Phort Omna** tacaíocht d’fhéile nua Filíochta agus Litríochta Phort Omna dar teideal **Shorelines Festival**.

- Tá baint ag **Leabharlann Bhaile Locha Riach** leis an **Baffle Arts Festival** le roinnt blianta anuas.
- Ceiliúradh **Seachtain na Gaeilge** sa **Spidéal**, sa **Cheathrú Rua**, i **mBaile Locha Riach**, i **mBéal Átha na Sluaighe** agus i **gCathair na Gaillimhe**.
- Rinneadh **Féile na Bealtaine** a cheiliúradh i gcomhar le Age Action i mBéal Átha na Sluaighe, sa Ghort, in Órán Mór, i gCathair na Gaillimhe, i dTuaim, sa Bhaile Bán agus sa Taobh Thiar.

Imeachtaí agus Seirbhísí eile don Phobal

- D’eagraigh **Leabharlann na Ceathrún Rua** ‘Áirneáil an Lae Inniu’ ar fud na bliana 2013. Dhírigh an tsraith rathúil tráthnóna seo ar ghnéithe éagsúla de shaol na tuaithe agus de shaol Chonamara agus d’fhreastail líon mór daoine áitiúla agus cuairteoirí ar na seisiúin.
- D’eagraigh leabharlanna Gaeltachta imeachtaí, go formhór i nGaeilge, ar fud na bliana go háirithe **leabharlanna na Ceathrún Rua, an Spidéil, Inis Meáin, Inis Oírr agus Chill Rónáin**.



Máire Bhreathnach agus í ag labhairt i Leabharlann an Spidéil

- Osclaíodh leabhar comhbhróin i **leabharlann Chathair na Gaillimhe** i Meán Fómhair 2013 in ómós do Seamus Heaney RIP.
- Chuir **an tSeirbhís Leabharlainne Shoghluaiste** leabhair ar fáil do roinnt Lárionad Sláinte agus do roinnt lárionad pobail tuaithe ar fud na bliana.

Chun cabhair a thabhairt maidir lenár riachtanais foirne sa bhliain 2013, fuaireamar tacaíocht ó Mhic Léinn Leabharlannaíochta as áiteanna éagsúla san Eoraip, lena n-áirítear mic léinn ón nGearmáin, ón Iodáil, ón bhFrainc agus ón Spáinn. D’oibrigh siad i gCeannoifig na Leabharlainne, i gCathair na Gaillimhe, sa Taobh Thiar, sa Bhaile Bán, in Órán Mór agus sa Ghort. Fuarthas tacaíocht freisin ó intéirnigh i mBéal Átha na Sluaighe, sa Cheathrú Rua, sa Taobh Thiar, i dTuaim agus i mBaile Locha Riach.

Chuaigh cuid mhór daoine d’Fhoireann na Leabharlainne ar scor i rith na bliana 2013 tar éis cuid mhór blianta seirbhíse díograisí a chur isteach, lena n-áirítear na daoine seo a leanas:

An Leabharlannaí Contae, Pat McMahan. Chuaigh Maureen Moran, Leabharlannaí Sinsearach Feidhmiúcháin, ar scor mar a rinne Pat Conneely, Leabharlann Mhaigh Locha, Chloe Walsh,

Leabharlann Leitir Fraic, Maura Breathnach, Leabharlann an Spidéil, Ruth Meally, Leabharlann Uachtar Ard, Francis Murphy, Leabharlann Thuama, agus Peter Corley, Leabharlann Chathair na Gaillimhe.

Rinne an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil **Straitéis do Leabharlanna Poiblí 2013-2017 – Straitéisí do Chách – an Leabharlann Phoiblí mar chatalaíoch i ndáil le forbairt eacnamaíochta, shóisialta agus chultúir** a sheoladh in 2013. Díríonn an straitéis ar an tseirbhís leabharlainne a chur sa riocht gur fócasphointe sa phobal í agus gur ceannaire í i dtaca le teagmháil leis an bpobal. Déanann leabharlanna poiblí comhtháthú agus leas pobail, fás eacnamaíochta, cobhsaíocht agus féiniúlacht chultúir a chur chun cinn. Cuirfidh siad le mórtas agus féinmhuinín.

Féachfaidh Leabharlann Chontae na Gaillimhe leis an straitéis a chur i ngníomh. Ní mór don tseirbhís leabharlainne poiblí seirbhís éifeachtach, bhríomhar, ábhartha a sholáthar do dhaoine agus do phobail sa timpeallacht athraitheach atá ann, ar timpeallacht í a bhíonn ag athrú de shíor. Soláthraíonn an straitéis nua náisiúnta an creat chun an méid sin a bhaint amach agus chun an tseirbhís leabharlainne poiblí a chur sa riocht gur féidir léi an tseirbhís is fearr is féidir a chur ar fáil amach anseo ar mhaithe leis an bpobal.

SAORÁIDÍ ÁINEASA AGUS TAITNEAMHACHTA

- Soláthraíodh maoiniúchán do **Athenry Arts and Heritage Ltd** i ndáil le hoibriú Ionad Oidhreachta Bhaile Átha an Rí.
- **Lárionad Léirmhíniúcháin agus Cuairteora Eachroma:** Bhí Lárionad Léirmhíniúcháin Eachroma, atá faoi úinéireacht, agus á oibriú, ag Comhairle Chontae na Gaillimhe, ar oscailt ar feadh tréimhse fadaíthe ó Bhealtaine go Meán Fómhair 2013. Bunaíodh foireann GROW AUGHRIM chun an méid seo a leanas a dhéanamh: gnó nua a aimsiú don lárionad, fócas an lárionaid ar Chath Eachroma 1691 a athnuachan mar chroíchuspóir an lárionaid, beartais shoiléire a eagrú, nósanna imeachta a struchtúru ar bhonn bainistíochta agus forbartha, agus obair i gcomhpháirtíocht le comhlachtaí agus le pobail eile chun an Lárionad a fhorbairt. Ullmhaíodh Plean maidir le Margaíocht agus Cur Chun Cinn Turasoíreachta agus eagraíodh cruinnithe le hóstáin áitiúla chun comhaontú a chur i gcrích maidir le cur chun cinn an Lárionaid i measc cuairteoirí. Fuarthas ceadú i ndáil le post mar Bhainisteoir an Lárionaid agus i ndáil le post nua mar Chéimí Páirtaimseartha (Oiliúint do Threoraithe). Bhí Imeacht de chuid an Tóstail ann sa Lárionad – ón 12 Iúil go dtí an 14 Iúil – mar chuid de Scoil Samhraidh Stair Mhíleata Eachroma. Chláraigh Eachroim mar bhall de Chumann Mhúsaeim na hÉireann den chéad uair. Suiteáladh CCTV i Lárionad Eachroma. Rinneadh Teagmháil le Lárionad Chath na Bóinne chun tús a chur le plé faoi ‘Rian na Láithreacha Catha/Battlefield Trail’ náisiúnta.
- Déantar **an Clár Garda Tarrthála** a chur i bhfeidhm ar bhonn séasúrach, ó Bhealtaine go Meán Fómhair, agus, sa bhliain 2013, soláthraíodh é i 10 n-ionad sa Chontae, lena n-áirítear sé Thrá Bhrataí Goirme, agus i gcúig ionad sa Chathair, mar chuid de chomhaontú seirbhísí comhroinnte le Comhairle Cathrach na Gaillimhe. Rinneadh Faisnéisiú Phaineál an Gharda Tarrthála agus Seoladh Oifigiúil na Seirbhíse Garda Tarrthála a eagrú ar an 23 Bealtaine 2013 agus déantar beirt gharda tarrthála ar a laghad a chur ar fáil i ngach ionad Trá Brataí Goirme i gcomhréir le rialacha an International Lifeguarding Federation of Europe (ILSE). Rinneadh faisnéis cothrom le dáta faoi ionaid agus uaireanta a phostú ar Roinn na dTaitneamhachtaí de www.galway.ie/www.gaillimh.ie Ceadáíodh Uaireanta garda tarrthála breise le linn tréimhse neamhghnáiche dea-aimsire i mí Iúil tar éis moladh a fháil ina Leith sin ón Oifigeach Sábháilteachta Uisce agus bhí 47 n-uaire an chloig breise ann i mí Iúil ar Thránna de chuid na Cathrach agus an Chontae.
- Leanadh de **Sheirbhísí Linne Snámha** a sholáthar i dTuaim agus i mBéal Átha na Sluaighe i gcomhpháirtíocht le Kingfisher Ltd. Rinneadh an próiseas tairisceana a chur i gcrích maidir

le Comhaontú Ceadúnais nua i dtaca le hoibriú agus bainistiú na Linnte Snámha i dTuaim agus i mBéal Átha na Sluaighe.

- **Áiteanna Súgartha** De réir na ngealltanais a tugadh roimhe seo faoin mBeartas maidir le Súgradh, tugadh cúnaimh d'áiteanna súgartha trí mhaoiniúcháin díreach agus trí árachas a sholáthar i rith na bliana 2013 in Áth Eascrach, i bhFothannach agus i gCill Íomair Uí Dhálaigh. Go dtí seo, tá forbairt déanta ar 55 áit súgartha san iomlán sa Chontae faoin mbeartas seo.
- Cuireadh Oiliúint Chreidiúnaithe ROSPA ar Iniúchadh Áiteanna Súgartha ar fáil do Ghrúpaí Pobail agus d'Fhoireann na Comhairle de réir mar a cheanglaítear faoi Scéim Árachais Chomhlachtaí Poiblí na hÉireann/na Comhairle maidir le hÁiteanna Súgartha.
- Rinneadh Beartas maidir le hÁiteanna Súgartha Saor Ó Thoit Tobac a cheapadh, a ghlacadh agus a sheoladh. Faoin tionscnamh sin, rinneadh comharthaíocht, atá bunaithe ar an duais-iontráil i gcomórtas póstaer do bhunscoileanna agus a bhfuarthas urraíocht ina leith go hiomlán ó chuideachta áitiúil comharthaíochta, a chur in airde sna háiteanna súgartha seo a leanas atá faoi úinéireacht na Comhairle: Palace Grounds, Tuaim; *Parkmore*, Tuaim; Bóthar Bhéal Átha Ghadaí/*Belair Drive*, Tuaim; *Neighbourhood Park & Play*, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Tuaim; An Limistéar Súgartha in Eastát Tithíochta na Tíre Buí, Tuaim; Bóthar an Ghoirt, Baile Locha Riach; Garraí Bríde, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Baile Locha Riach; Court Lane, Baile Átha an Rí; St. Joseph's Road, Port Omna.
- **An tSeachtain Náisiúnta Áineasa:** Dé Domhnaigh, an 30 Meitheamh, eagraíodh Cluichí Faoin Aer agus Féile Óige Pháirc Rinn Mhíl i gcomhpháirtíocht le Pobal & Fiontraíocht, Bailte Slachtmhara Órán Mór, Comhairle na nÓg agus *Youth Work Ireland*. Fuarthas cuid den mhaoiniúchán ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.
- **An Lá Náisiúnta Súgartha:** Seoladh imeachtaí i bPáirc an Phobail, atá tadhlach le Lárionad Cuairteoirí Eachroma, Dé Domhnaigh an 7 Iúil agus fuarthas cuid den mhaoiniúchán ina leith sin ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.
- *'Let's Play!' -Guide to Playgrounds in County Galway'* – seoladh an Léarscáil Idirghníomhach Áiteanna Súgartha seo ar an Lá Náisiúnta Súgartha.
- Tá tuilleadh ábhair le fáil ar na meáin shóisialta agus ar an láithreán gréasáin chun an treoir agus an léarscáil idirghníomhach saoráidí súgartha a chur chun cinn. Tá faisnéis faoi níos mó ná 50 Áit Súgartha sa Chontae le fáil sa treoir.
- Rinneadh **Páirceanna Imeartha Uile-Aimsire Thuama** a thógáil agus cuireadh an próiseas tairisceana i gcrích i ndáil le ceapadh Oibreora don tsaoráid.
- Leanann **Páirc Rinn Mhíl, Órán Mór**, de thaitneamhacht shuntasach a sholáthar do phobail áitiúla agus, sa bhliain 2013, leag an tAonad Seirbhísí Corparáideacha tuilleadh béime ar an bPáirc agus ar mhéadú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear aisti. Leanadh de chlár cothabhála a chur i bhfeidhm i gcomhpháirtíocht le grúpaí áitiúla agus i gcomhréir leis na hacmhainní a bhí ar fáil, de réir an tSuirbhé ar Ghnáthóga agus an Phlean Bainistíochta don Pháirc.
Bhí Lamháltóir ann sa tréimhse ó Mhárta go Deireadh Fómhair 2013 chun aonad soghluaiste uachtair reoite/tae-caife amuigh faoin aer a oibriú. Rinneadh Plean Bainistithe Foraoise a chur i gcrích do Pháirc Rinn Mhíl agus tá oibreacha tosaigh sábháilteachta déanta. I mí Lúnasa 2013, fuarthas Léirithe Spéise maidir le baint féir le haghaidh Féarlais. Rinneadh uasghrádú ar shiúláin i bPáirc Rinn Mhíl agus cuireadh dromchla nua orthu.
- **Giomnáisiamaí Amuigh Faoin Aer i bPáirc Rinn Mhíl agus i mBaile Locha Riach** – fuarthas deontas €40,000 faoin gClár Caipitiúil Spóirt. Rinneadh Clár Oibreacha i gcomhair

shuiteáil an trealamh a chomhaontú leis an gConraitheoir agus cuirfear i gcrích é i mí Eanáir 2014.

- **Coiste Ciste Idirchaidrimh Líonadh Talún Greenstar:** Tionóladh cruinnithe den Choiste ar an 22 Eanáir, ar an 27 Márta agus ar an 24 Meán Fómhair. Cuireadh bailchríoch ar fhoirmeacha iarratais athbhreithnithe ar Mhaoiniúchán do Thionscadail Phobail. Maoiniúchán: cheadaigh an Coiste maoiniúchán €35k do Scoil Náisiúnta Cheapaigh an tSeagail i gcomhair limistéir nua súgartha Ilchluichí.
- **DEONTAIS ARDOIDEACHAIS**
- Sa bhliain 2012, thug an Rialtais isteach Údarás Dámhachtana Náisiúnta nua aonair (Tacaíocht Uilíoch do Mhic Léinn, Éire [SUSI]) agus tá sé á oibriú ag Coiste Gairmoideachais Chontae Bhaile Átha Cliath. Tá SUSI freagrach as gach iarratas nua ar dheontas mic léinn a phróiseáil.
- I rith na bliana 2013, dhéileáil an Roinn Deontas Mic Léinn le níos mó ná 1,050 athnuachan, lena n-áirítear athmheasúnú a dhéanamh ar 100 dámhachtain shealadach. Íocadh os cionn 90% d'íocaíochtaí cothabhála chéad téarma faoi dheireadh mhí Dheireadh Fómhair 2013.
- Tá cuntas dílis *twitter* www.twitter.com/galwaystudents, líne theileafóin agus seirbhís téacs ann chun freastal ar fhiosrúcháin ó mhic léinn.

SCÉIM MAOR POBAIL

Is seirbhís faoi éide de chuid an údarais áitiúil iad na Maoir Phobail agus tá roinnt ról acu thar raon feidhmeanna údarais áitiúil, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- Forfheidhmiú e.g. cionta tráchta reachtúla, cionta bruscair, feithiclí tréigthe, diúscairt dramhaíola/dumpáil mhídhleathach, ceadúnais madraí agus corrthrádáil;
- Faireachán e.g. eastáit tithíochta, saoráidí taitneamhachtaí poiblí amhail ionaid athchúrsála, bainc ‘fág anseo’, páirceanna, tránna agus áiteanna súgartha,
- Cabhair e.g. cabhair do thurasóirí, do dhaoine scothaosta, do scoileanna, do chomharsanachtaí, do phobail, do na Gardaí agus do ghníomhaireachtaí stáit,
- Breathnóireacht agus Tuairisciú maidir leis na nithe sin thuas ar fad.
- Rinneadh Suirbhéanna ar Thruailliú Bruscair/Láithreáin Thréigthe agus lean na Maoir d'iniúchtaí rialta a dhéanamh ar Áiteanna Súgartha, ar Pháirceanna, ar Eastáit Údarais Áitiúil, ar Láithreáin Stad, ar Chéanna, ar Thránna, ar Bhainc Bhuidéal etc.
- Lean Seirbhís na Maor Pobail d'fhíneálacha Bruscair agus d'fhógraí a eisiúint faoi na hAchtanna um Bainistiú Dramhaíola agus Truailliú Uisce.
- Lean na Maoir de bheith ag cabhrú le páirceáil a n-íoctar as a oibriú agus le pleananna bainistíochta tráchta a chur i bhfeidhm i roinnt bailte sa Chontae.
- Lean na Maoir Phobail de chabhrú leis an Rannóg Tithíochta maidir le cur i bhfeidhm dualgas faoin Acht um Rialú Capall 1996 agus maidir le dualgais eile.
- Leanadh d'fheachtais iniúchta Ceadúnas Madraí le linn na bliana chomh maith.
- Lean na Maoir d'fhorálacha Acht na mBóithre 1993 a chur i bhfeidhm i ndáil le feithiclí tréigthe agus rinneadh feithiclí den sórt sin a shainaithint, a thuairisciú agus a thógáil chun bealaigh de réir mar ba ghá le linn na bliana.
- I mí Aibreáin 2013, cheadaigh an Fhoireann Bhainistíochta socruithe oibríochta uasdátaithe do Scéim na Maor Pobal.
- Ghlac Maoir Phobail páirt in oiliúint i rith 2013, ar oiliúint í a bhain le Sláinte & Sábháilteacht, le hOibrithe Aonair agus le hiniúchadh áiteanna súgartha ROSPA.
- Rinneadh Feistí Oibre Aonair a eisiúint chuig an tSeirbhís Maor Pobail.
- Rinneadh oibreacha modhnuithe agus deisithe ar Veaineanna na Seirbhíse Maor Pobail.

**UASMHÉADÚ A DHÉANAMH AR UILECHUIMSITHEACTH SHÓISIALTA
AGUS AR RIALACHAS ÁITIÚIL.**

CLÁR NA dTOGHTHÓIRÍ

Is é an 15 Feabhra an dáta a bhfoilsítear Clár na dToghthóirí gach bliain. Déantar foráil leis an Acht Toghcháin freisin maidir le Forlíonadh don Chlár a ullmhú agus a fhoilsiú. Is é an dáta deiridh le hiontráil a dhéanamh ar an bhforlíonadh 14 lá oibre roimh thoghchán nó reifreann.

- Foilsíodh Clár na dToghthóirí ar an 1 Feabhra 2013 agus bhí 132,469 dtoghthóir san iomlán ar an gclár.
- I gcomhthéacs an Reifrinn a bhí ann i mí Dheireadh Fómhair, d'éascaigh an Chomhairle ullmhú Cláir Fhorlíontaigh. Bhí 2,205 dhuine ar an gClár Forlíontach don Reifreann ar an 4 Deireadh Fómhair 2013.
- Cuireadh athbhreithniú ar Chonarthaí Tiomsaitheoirí i gcrích sa bhliain 2013 agus seoladh seisiún ionduchtúcháin leis na Tiomsaitheoirí roimh thús a chur leis an bhFeachtas chun Clár na dToghthóirí 2014/2015 agus an Clár Forlíontach a uasdátú.

MÉARA CHONTAE NA GAILLIMHE



Méara Chontae na Gaillimhe, an Comhairleoir Tomás Welby atá ag dul as oifig, ag déanamh comhghairdis le Méara nua Chontae na Gaillimhe, an Comhairleoir Liam Carroll i ndiaidh Chruinniú Bhliantúil na Comhairle ar an 10 Meitheamh 2013.

. LEAS-MHÉARA CHONTAE NA GAILLIMHE



Leas-Mhéara an Chontae, an Comhairleoir Peter Roche atá ag dul as oifig, ag déanamh comhghairdis le Leas-Mhéara nua an Chontae, an Comhairleoir Eileen Mannion i ndiaidh Chruinniú Bliantúil na Comhairle ar an 10 Meitheamh 2013.

PLEANÁIL AGUS TACAÍOCHT CHORPARÁIDEACH

Grúpa Beartais Chorparáidigh	Cruinnithe
Grúpa Beartais Chorparáidigh	7 gcruinniú

Coistí um Beartais Straitéiseacha	Cruinnithe
Seirbhísí Tithíochta, Dóiteáin & Éigeandála	3 chruinniú
Bóithre agus Iompar	4 chruinniú
Pleanáil, Forbairt Eacnamaíochta & Pobal	4 chruinniú
Comhshaol & Seirbhísí Uisce	4 chruinniú
Gnóthaí Corparáideacha agus Cultúr	5 chruinniú

INROCHTAINEACHT

Sa bhliain 2013, rinneadh an Plean Gníomhaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2007-2015 a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na teorainneacha a bhaineann leis an maoiniúchán a leithroinneadh roimhe seo.

- Cuireadh feabhas ar rochtain ar Leabharlann na Cathrach trí oibreacha ar dhoirse sleamhnáin sorochtana a chríochnú ag an tsaoráid.
- Cuireadh feabhas ar rochtain ar Áras an Chontae trí dhoirse sorochtana a chur in ionad seandoirse.
- Tugadh cuireadh de mheánscoileanna chun bheith páirteach sa Tionscnamh maidir le Cumasú Rochtana Thar na Glúnta.
- Freastalaíodh ar chruinnithe de Ghréasán Náisiúnta na nOifigeach Rochtana agus ar an Seimineár Náisiúnta faoi Chúrsaí Rochtana, ar an 3 Deireadh Fómhair 2013, agus bhíothas rannpháirteach sna himeachtaí sin.
- Aontaíodh Gníomhartha maidir le Rochtain lena gCur i bhFeidhm i Straitéis Contae Aoischairdiúil na Gaillimhe.

TACÚ LE FORBAIRT CHULTÚRTHA

CUR CHUN CINN NA GAELIGE

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe tiomanta i leith seirbhísí trí Ghaeilge a fheabhsú agus i leith leanúint de na hoibleagáidí ábhartha atá uirthi faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chomhlíonadh agus, chomh maith leis sin, i leith an Scéim Teanga a chur i bhfeidhm. Ina theannta sin, féachann an Chomhairle le tacú leis an nGaeilge, agus leis an nGaeilge a chur chun cinn, ar fud an Chontae.

Chuathas i mbun na ngníomhaíochtaí seo a leanas:

- Cuireadh *ábhar feasachta* agus tacaíochta teanga ar fáil do chomhaltáí foirne Chomhairle Chontae na Gaillimhe chun feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí trí Ghaeilge.
- *Aiseolas faoi Sheirbhísí Custaiméara trí Ghaeilge* – Déileáladh le saincheisteanna éagsúla a d'ardaigh daoine den phobal go díreach nó a ardaíodh tríd an gCoimisinéir Teanga de réir mar a fuarthas iad agus, le comhoibriú ó aonaid éagsúla de chuid na Comhairle, cuireadh bearta i bhfeidhm chun feabhas a chur ar an tseirbhís atá á soláthar.
- Leanadh de chur le *Feasacht na Foirne* i leith na n-oibleagáidí faoin reachtaíocht teanga trí sheisiúin faisnéise a soláthraíodh do gach duine d'fhoireann Chomhairle Chontae na Gaillimhe maidir le dualgais, oibleagáidí agus reachtaíocht teanga.

- *Seirbhís Teileafóin Gaeilge* – I dtrátha dheireadh na bliana 2013, rinneadh sainrogha Ghaeilge a chur ar fáil, ar bhonn píolótach, mar chuid den tseirbhís teileafóin a sholáthraítear in Áras an Chontae agus rinneadh togra maidir le hoibriú feabhsaithe na seirbhíse teileafóin Gaeilge a dhreachtú agus chur faoi bhráid Ghrúpa na nOifigeach Seirbhísí Custaiméara agus cheadaigh an Lucht Bainistíochta an togra sin sa bhliain 2013
- *Stéibh 2013* – I gcomhar le Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe & le hÓige na Gaeltachta, rinneadh comórtas scríofa/taibhíthe amhrán Gaeilge do Scoileanna Gaeltachta a chur i gcrích agus rinneadh CD, ar tugadh ardmholadh dó, a thairfeadh sa bhliain 2013.
- *Dara Scéim Teanga Údaráis Áitiúla Chontae na Gaillimhe* – Leanadh den phlé leis an Roinn Ealaíon, Oidhreacht & Gaeltachta maidir le ceadú agus comhaontú an dara scéim teanga. Beidh Scéim Teanga 2005-2008 i bhfeidhm go dtí go n-aontaítear Scéim nua.
- *Glór na nGael* – Lean Comhairle Chontae na Gaillimhe de bheith ag tacú le tionscnamh Ghlór na nGael maidir le maoiniú a sholáthar do ghradam Chontae na Gaillimhe do Phobail a chuireann an Ghaeilge chun cinn agus a chuireann feabhas ar staid na teanga.
- Rinneadh cúrsa Gaeilge a chur ar fáil do na comhaltaí tofa sa bhliain 2013.
- I mí an Mhárta, cuireadh clár mionsonraithe do **Sheachtain na Gaeilge** a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear rannpháirtíocht ar thaobh na foirne agus an phobail i gcomórtais, in imeachtaí agus i dtaispeántais.
- Rinneadh próiseas Tairisceana i gcomhair seirbhísí aistriúcháin Gaeilge do Chomhairle Chontae na Gaillimhe a chur i gcrích.

Earcaíodh Intéirneach Gaeilge faoin scéim JobBridge.

GRADAIM AN MHÉARA

Bhí Méara Chontae na Gaillimhe, an Comhairleoir Liam Carroll, ina óstach i gcomhair an tríú Searmanas Bliantúil do Ghradaim an Mhéara in Óstán Bhaile Chláir ar an 19 Samhain 2013 agus bhí os cionn dhá chéad agus caoga duine i láthair ag an searmanas sin. Aithníonn agus ceiliúrann na Gradaim gníomhaíocht phobail agus gníomhaíocht dheonach ar fud Chontae na Gaillimhe. I mí Dheireadh Fómhair 2013, lorgaíodh ainmniúcháin i gcomhair gradam in aon chatagóir déag agus fuarthas os cionn céad ainmniúchán. Rinne painéal moltóirí neamhspleácha gearrliosta ainmniúchán. Bhí na daoine ar an ngearrliosta i láthair ag Searmanas na nGradam ar lena linn a fógraíodh ainmneacha an aon bhuaiteora déag.



Daoine a bhí i láthair ag Searmanas Ghradaim an Mhéara (ina suí ó chlé go deas): Martina Moloney Bainisteoir Contae na Gaillimhe, Gerry Larkin ó Abbey Community Development, Angelea Geoghegan, Cumann Forbartha Chill Íomair & Ceantair, Frank Glynn as Baile an Mhuilinn agus Deirdre Burke ó Tuam Youth Bank.

(Ina seasamh ó chlé go deas): Petal Pilly, Peigí Uí Chéidigh, Micheál Ó Máille, Scoil Bhriocáin Ros Muc, Joe Lynch, Kavanagh's SuperValue, an Clochán, Stewart McCamley ó Maree/ Oranmore FC, Kathleen Nic Dhonnacha, ó Ionad Oidhreachta Leitir Mealláin & Gharma agus Sharon Finnerty, Ahascragh Development Association.

Ion Ba é Kavanagh's Super Value, sa Chlochán, a bhuaigh an chéad Ghradam de chuid na hoíche, is é sin, an *Gradam do Rannchuidiú na hEarnála Gnó leis an bPobal*.

Cumann Forbartha Áth Eascrach a ghnóthaigh an *Gradam do Thionscnamh Eacnamaíochta Pobail*.

Ghnóthaigh Cumann Forbartha Pobail na Mainistreach an *Gradam Comhshaoil*. Ainmníodh an Mhainistir mar an Baile is Slachtmhaire de chuid na Gaillimhe sa bhliain 2013 agus marc 304 faighte aige, is é sin le rá, an marc ab airde a fuair iontrálaí de chuid na Gaillimhe riamh.

Club Peile Maree/Órán Mór a ghnóthaigh an *Gradam Spóirt* mar gheall ar a gcuid iarrachtaí chun méadú a dhéanamh ar an líon daoine óga a ghlacann páirt sa spórt.

Bhí iomaíocht ghéar ann i leith an *Ghradaim Ealaíon agus Cultúir* agus ba é an Blue Teapot Theatre Company a ghnóthaigh é.

Ghnóthaigh Cumann Forbartha Chill Íomair & Ceantair an *Gradam d'Fhoilseachán Oidhreachta* i ndáil lena bhfoilseachán dar teideal "*Killimor: Our Parish and Our People*".

Ba í Scoil Bhriocáin, i Ros Muc, a ghnóthaigh an *Gradam do Rannchuidiú Scoileanna leis an Oidhreachta*, ar gradam é trína dtugtar aitheantas d'iarrachtaí scoileanna i leith oidhreachta a gceantair a cheiliúradh agus a chur chun cinn.

Ba iad Ionad Oidhreacht Leitir Mealláin agus Gharmna, i gcomhpháirt le Muintearas, a ghnóthaigh an chéad Ghradam eile, is é sin, an *Gradam don Rannchuidiú is Fearr leis an Oidhreacht*, ar gradam é a mbíonn an-tóir air. Tá an Lárionad Oidhreacht ann ó bhí an bhliain 2009 ann.

Ghnóthaigh Tearmann Éanna Teo, a thugann aitheantas do ghrúpaí a oibríonn chun tacú le daoine scothaosta, an *Gradam do Ghníomhaíocht Aoischairdiúil*.

Ba é Banc Óige Thuama buaiteoirí an *Ghradaim Uilechuimsitheachta Sóisialta*. Is grúpa oibrithe óga deonacha é sin a thagann le chéile uair sa tseachtain chun deontais a thabhairt do dhaoine óga imeallaithe eile i dTuaim agus sa cheantar thart ar Thuaim.

Ba é a bhí sa Ghradam deiridh, agus i mbuaicphointe na hoíche, ná an *Gradam d'Oibrí Deonach na Bliana* agus ba é an tUas. Frank Glynn, as Baile an Mhuilinn, duine de bhunaitheoirí Chumann Forbartha Bhaile an Mhuilinn, a ghnóthaigh é.

FÁILTITHE CATHARTHA agus FÁILTITHE DE CHUID AN MHÉARA

Bhí 4 Fháiltiú Chathartha ann i rith na bliana 2013:

- Mórtas Áite Uile-Oileáin, ar an 28 Eanáir
- Buaiteoirí Chraobhchomórtas Uile-Éireann Sóisearach Peile na gClubanna, Cumann Bhéal Átha na Sluaighe, agus Buaiteoirí Chraobhchomórtas Uile-Éireann Iománaíochta na gClubanna, Cumann N. Tomás, ar an 25 Márta
- Baile Chláir faoi bhun 14 – Buaiteoirí Féile Pheile Uile-Éireann, ar an 22 Iúil
- Foireann Shinsearach Camógaíochta na Gaillimhe, Buaiteoirí Chraobh na hÉireann 2013, & Foireann Idirmheánach Camógaíochta na Gaillimhe, Buaiteoirí Chraobh na hÉireann 2013, ar an 21 Deireadh Fómhair

Seoladh Fáiltiú Méara do Kieran Molloy ó Chlub Dornálaíochta Uachtar Ard a fuair bonn cré-umha le linn Chraobhchomórtas Domhanda Sóisearach an AIBA i gCív.

ÉIFEACHTÚLACHT AGUS ÉIFEACHTACHT EAGRAÍOCHTÚIL A UASMHÉADÚ

INIÚCHADH INMHEÁNACH

Is aonad neamhspleách é an tAonad Iniúchta agus é ina chuid den Rannóg Seirbhísí Corparáideacha agus tairgeann sé seirbhís sainchomhairle don Lucht Bainistíochta agus don eagraíocht ina hiomláine. Déanann an Fhoireann Iniúchta Inmheánaigh iniúchtaí agus athbhreithnithe trína Plean Bliantúil Iniúchta a dhréachtaítear i gcomhar leis an bhFoireann Bhainistíochta agus a gceadaíonn an Bainisteoir Contae agus Cathaoirleach an Choiste Iniúchta é. Bhí 5 chruinniú ag an gCoiste Iniúchta i rith na bliana 2013.

- Rinneadh 8 nIniúchadh san iomlán de chuid Phlean Iniúchta 2013 a chur i gcrích, agus áiríonn an figiúr sin scrúdú ar shampla de ghníomhaíochtaí giniúna ioncaim i gComhairle Baile Bhéal Átha na Sluaighe.
- Rinneadh athbhreithniú ar na moltaí go léir a d'éirigh as Tuarascálacha Iniúchta 2012.
- Rinneadh seiceáil randamach ar na sonraisc a bhaineann le Ranníocaíochtaí Forbartha.
- Rinneadh seiceáil mhíosúil ar an oifig airgid thirim, rinneadh seiceáil ráithiúil ar fháltais agus ar thaisceadh an bhailitheora ioncaim agus, chomh maith leis sin, rinneadh seiceáil sheachtainiúil ar an gceannoifig mhótarchánach in Áras an Chontae. De bhreis air sin, rinneadh seiceáil thréimhsiúil agus stocáireamh thréimhsiúil sna fo-oifigí mótarchánach i mBéal Átha na Sluaighe agus sa Cheathrú Rua.
- Rinneadh scrúdú ar thréimhse 3 mhí de thairfead-leatháin fruillithe gléasra chun comhlíonadh a shuíomh i leith tairiscintí LA.
- Scrúdaíodh fáltais agus taisceadh feighlithe reiligiú.

- Rinneadh tástáil iniúchta ar shampla cuntas cíosa tithíochta chun a chinntiú go raibh an cíos ceart á chur i bhfeidhm de réir na measúnachta cíosa is déanaí a rinneadh.
- Scrúdaíodh comhaid le haghaidh sampla d'obair chaipitiúil 2013 chun a fháil amach an raibh na doiciméid iomchuí ann maidir le fáil earraí agus seirbhísí.

SEIRBHÍSÍ COMHAIRLEACHA DLÍ

Soláthraíonn an Roinn seirbhísí dlí i ngach réimse cláir, lena n-áirítear ceannach agus díol maoinne, dlíthíocht a sheoladh lena n-áirítear Ionchúisimh sa Chúirt Dúiche, Dlíthíocht sa Chúirt Chuarda agus san Ard-Chúirt, lena n-áirítear Athbhreithniú Breithiúnach. Go háirithe, ba réimsí substaintiúla oibre iad na hualaí oibre ar Thithíocht Inacmhainne, ar Orduithe Ceannaigh Éigeantaigh agus ar Éisteachtaí Ó Bhéal i gcomhair tionscadal Bhóithre agus Iompair agus ar leanúint de thailte a fháil ar bhealaí idir-uirbeacha.

- Cuireadh córas i bhfeidhm ar dá réir a bhí cruinnithe bliantúla ann le gach Aonad den Chomhairle.
- Tá an córas Bainistithe Cás, trína n-éascaítear úsáid teimpléad a chruthaíonn sreabhadh oibre i gcomhair sholáthar éifeachtúil agus cost-éifeachtach na seirbhísí dlí, á chur i bhfeidhm maidir le tuilleadh réimsí oibre.
- Clár na dTailte:- Rinneamar iarraidh go ndéanfadh an tÚdarás Clárúcháin Maoine na hIontrálacha atá ann inár gcuid Ollfhóiliónna a aistriú chuig Fóiliónna ar leithligh. Rinneadh sin (ar leith ó Ollfhóiliónna GY23906 – sin an ceann is mó agus tá an PRA á aistriú faoi láthair) agus, le cabhair ón Rannóg Teicneolaíochta Faisnéise, tá na Fóiliónna nua nasctha againn lenár mbunachar sonraí le haghaidh Chlár na dTailte.
- Tá comhaontú ann maidir leis na Córais a bhaineann leis an Sceideal Coimeádta & le hAicmiú Comhad.

CÓIRÍOCHT OIFIGE

Sa bhliain 2013, dírfodh ar thimpeallacht ardchaighdeán agus ar luach ar airgead a chothabháil sa réimse Cóiríochta Oifige agus Bainistithe Saoráidí.

Tairiscintí

Iarradh, fuarthas agus measúnaíodh tairiscintí agus síníodh conarthaí chun seirbhísí iniúchta, seirbhísithe agus cothabhála a sholáthar i ngach ceann de na réimsí seo a leanas:

- Soilsiúchán Éigeandála;
- Aláirim Ionraidh, Rialú Rochtana, CCTV;
- Córais Bhraite Dóiteáin & Alárim;
- Cothabháil Ardaitheoirí;
- Múchtóirí Dóiteáin.

Bhain gach ceann de na próisis tairisceana thuas leis an tréimhse 2013-2016.

Iarradh agus fuarthas tairiscintí i ndáil le Glanadh Cóiríochta Oifige agus Leabharlainne don tréimhse 2014-2015.

Tionscnaimh chun Úsáid Fuinnimh a Laghdú

- Suiteáladh gléasra teasa agus cumhachta in éineacht (CHP) i Lárionad Fóillíochta Thuama agus athraíodh an soláthar breosla go Gás Nádúrtha i dtrátha dheireadh na bliana. Mar thoradh ar an tionscadal sin, déanfar laghdú suntasach ar thomhailt fuinnimh sa lárionad fóillíochta ón mbliain 2014 ar aghaidh. Cosnóidh an tionscadal seo €199,000 agus tá sé á pháirtmhaoiniú trí Scéim Dheontais Réigiún na Teorann, Lártíre agus an Iarthair (BMW), Thairseacha na Straitéise Náisiúnta Spásúlachta (NSS) agus Fhorbairt Réigiúnach Eorpach na Mol (HUBS).

- Cuireadh coirí nua in ionad na gcoirí ola-adhainte in Áras an Chontae agus athraíodh iad go gás nádúrtha sa chuid deiridh den bhliain agus is ceart go mbeidh sábháil shuntasach ann, ó thaobh úsáide agus costas, don bhliain 2014 agus sna blianta ina dhiaidh sin.
- Chomh maith leis sin, suiteáladh Painéil Fhótavoltacha ar an díon mar chuid den tionscadal seo agus beidh siad sin ina gcabhair maidir le laghdú a dhéanamh ar thomhailt leictreachais. Chosain an tionscadal seo €122,000 agus rinneadh é a pháirtmhaoiniú trí dheontas ó thionscnamh maoiniúcháin an SEAI dar teideal Pobail Fuinnimh Níos Fearr.

Seanleabharlann Thuama

- Táthar i mbun cainteanna leanúnacha le hOifig na nOibreacha Poiblí maidir le todhchaí **Sheanleabharlann Thuama**.

Tástáil PAT

- Cuireadh PAT (tástáil feistí iniompartha) i gcrích i ngach Oifig Ceantair, i ngach Stáisiún Dóiteáin, i ngach Leabharlann sa Chathair agus i ngach Oifig mar chuid den Chlár leanúnach Bainistithe Sábháilteachta. Fuarthas 2 aonad PAT agus oileadh 8 nduine den fhoireann ar úsáid na n-aonad le go bhféadfar tástáil a dhéanamh ar bhonn inmheánach. Dá bharr sin, beidh tairbhe ann don eagraíocht ó thaobh costas de.
- Cuireadh tús le clár cuimsitheach tástála i ndáil le suiteálacha leictreachais sa Chóiríocht Oifige agus Leabharlainne agus críochnaíodh na tástálacha in Áras an Chontae, i Leabharlann an Bhaile Bháin, i Leabharlann Bhaile Locha Riach agus in Oifigí Réigiúnacha.

Tá réamhthograí sracléaráide agus réamhchostáil curtha i gcrích i gcomhair Athchumrú bheartaithe Sheomra na Comhairle chun cóiríocht a chur ar fáil don chomhairle mhéadaithe sa bhliain 2014. Tíolacadh na Tograí Sracléaráide don CPG agus do na Comhaltaí Tofa chun a gcuid tuairimí a fháil ina leith. Tá Foireann Dearthóireachta ceaptha agus fostaithe chun an tionscadal a thabhairt ar aghaidh go céim na dearthóireachta mionsonraithe agus le go mbeifear in ann Iarratas Pleanála a dhéanamh.

BAINISTIÚ NA dTAIFEAD AGUS NA CARTLAINNE

Bhí cruinnithe rialta ag an Roinn Seirbhísí Corparáideacha leis an soláthróir nua, OASIS, a sholáthraíonn stóráil tráchtála do thaifid neamhreacha na Comhairle. Is é is cuspóir dó seo ná bainistiú a dhéanamh ar na nósanna imeachta a bhaineann le haisghabháil agus tabhairt ar ais taifead a choimeádtar i stóras ar shiúl ón láthair agus éifeachtúlacht agus rialú costas a chinntiú; Rinneadh Plean Oibre Míósúil do bhainistiú taifead i réimse na Seirbhísí Corparáideacha a chur i bhfeidhm - gabhann tagairt Arlink le gach comhad reatha anois agus déantar na tagairtí sin a chur ag gabháil le gach comhfhreagras a eisítear ón Rannóg.

Rinneadh an chuid is mó de na comhaid neamhreacha a bhaineann le Seirbhísí Corparáideacha a aistriú chuig an stóras.

Leanann an Cartlainne d'idirchaidreamh a dhéanamh le Rannóga chun aicmiú comhad & sceidil coimeáda taifead a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm agus chun comhairle a sholáthar faoin deachleachtas maidir le bainistiú taifead. Oibríonn Rannóg na Cartlainne chun aire, caomhnú, bainistiú agus rochtain a chinntiú i ndáil leis an ábhar atá ann i gcartlainne na Comhairle. Is ionann ábhair chartlainne agus sócmhainní luachmhara agus ní mór aire faoi leith a thabhairt dóibh agus, mar thoradh ar spéis mhéadaithe san am atá thart agus, go háirithe, i stair teaghlaigh, tá siad tábhachtach freisin don turasóireacht chultúrtha. Soláthraíonn an Rannóg comhairle beartais don Chomhairle freisin i dtaobh aire a thabhairt dá cuid taifead agus i dtaobh na taifid sin a bhainistiú.

- Leanadh de rochtain a sholáthar ar fhaisnéis faoi shealúchais chartlainne Chomhairle Chontae na Gaillimhe trína liostaí tuairisciúla agus, chomh maith leis sin, trína chatalóg ar líne agus trí thairseacha éagsúla cartlainne.
- Leanadh de phróiseáil a dhéanamh ar bhailiúcháin chartlainne, go háirithe bailiúchán Aontas Dhlí na mBocht Thuama (GPL5/)

- Forbraíodh an Chartlann Dhigiteach chun rochtain saor in aisce ar líne a chumasú agus a sholáthar i dtaca le roinnt bailiúcháin digitithe de (féach <http://www.galway.ie/digitalarchives/>).
- Soláthraíodh seirbhísí leanúnacha do léitheoirí amhail rochtain ar bhailiúcháin chun críocha taighde, cúnamh maidir le fiosrúcháin taighde, agus soláthar comhairle agus treorach taighde.
- Rinneadh faireachán ar dhálaí timpeallachta na n-ábhar cartlainne agus féachadh lena chintíú go rabhtas ag leanúint de na hábhair sin a chosaint, a chaomhnú agus a bhainistiú, d’ainneoin nach bhfuil na saoráidí stórála de réir na gcaighdeán a bhfuil glacadh leo go hidirnáisiúnta ó thaobh caomhantais de.
- Leanadh den chlár ar dá réir a dhéantar cúltaca slándála agus tagairtí ionadacha a sholáthar i ndáil leis na bailiúcháin.
- I measc na ngníomhaíochtaí cianrochtana a bhí ann, áirítear seoladh na Cartlainne Digití i mí Dheireadh Fómhair 2013, rannpháirtíocht san fheachtas ‘*Explore Your Archives – Story Box*’ i mí na Samhna 2013 agus seoladh an fheachtais sin, ailt in *Irish Root* agus sa ríomh-Iris ar líne *Irish Lives Remembered*, agus scaipeadh an taispeántais, *Díolaimí Ama ó na Cartlanna/Gleanings from the Archives*, chuig leabharlanna brainse éagsúla ar fud an chontae.
- Bainistíodh tionscadal chun bailiúcháin leochaileach a chaomhnú.
- Soláthraíodh comhairle faoin dea-chleachtas maidir le bainistiú taifead agus tugadh cúnamh do Rannóga, de réir mar ba ghá, go háirithe do Sheirbhísí Corparáideacha.
- Bhí cur i láthair faoi Bhainistiú Taifead ann mar chuid de Cheardlanna Faisnéise don Fhoireann i mí Bhealtaine 2013, ar lena linn a tugadh faisnéis uasdátaithe faoi cheanglais agus faoi nósanna imeachta.
- Leanadh de bhainistiú a dhéanamh ar aistriú taifead neamhreacha chuig stóráil & ar aisghabháil taifead & ar aischur: próiseáladh 832 iarratas athghairme sa bhliain 2013. Tá 70,900 taifead ann anois sa bhunachar sonraí bainistithe taifead, ArcLink.

SAORÁIL FAISNÉISE.

Fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe 47 n-iarratas san iomlán le linn na bliana 2013 faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 & 2003.

Bhain 4 cinn de na hiarratais sin le rochtain a fháil ar fhaisnéis phearsanta agus bhain 43 cinn díobh le rochtain a fháil ar fhaisnéis neamhphearsanta. Sa tábla seo a leanas, taispeántar anailís ar na cinntí a rinneadh maidir leis na hiarratais sin:

Cinneadh	An Líon
Iarratais a Ceadaíodh	21
Iarratais a Ceadaíodh i bPáirt	13
Iarratais ar Diúltaíodh Dóibh	10
Iarratais a Tarraingíodh Siar	3

COMHPHÁIRTÍOCHT SAN ÁIT OIBRE

- Reáchtáladh trí chruinniú den Choiste Comhpháirtíochta san Áit Oibre sa bhliain 2013
- Pléadh tuarascálacha ar an dul chun cinn a rinneadh ar gach saincheist maidir le Comhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010 – 2014.
- Ina theannta sin, bhreithnigh an Coiste Comhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010-2014 agus an Tuarascáil ón nGrúpa Athbhreithnithe ar Éifeachtúlacht an Rialtais Áitiúil
- Lorgaíodh tairiscintí maidir le Clár Scagthástála Shláinte na Foirne a sholáthar
- Foilsíodh nuachtlitir inmheánach na heagraíochta *Aon Scéal* dhá uair sa mhí.

SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ

I rith na bliana 2013, lean Seirbhísí Corparáideacha d'fheidhmiú mar chathaoirleach ar Ghrúpa Oifigeach Chomhairle Chontae na Gaillimhe do Sheirbhís do Chustaiméirí. Cuimsíonn an Grúpa sin ionadaithe ó gach Roinn agus tháinig sé le chéile uair amháin i ngach ráithe chun athbhreithniú a dhéanamh ar spriocanna sa Phlean Gníomhaíochta um Sheirbhísí do Chustaiméirí.

- Soláthraíodh faisnéis do gach duine d'fhoireann Chomhairle Chontae na Gaillimhe maidir le beartais, prionsabail, tionscnaimh agus nósanna imeachta a bhaineann le seirbhísí do chustaiméirí.
- Rinneadh naoi gcrúinniú den Ghrúpa Oifigeach Seirbhísí Custaiméara (CSOG) a sheoladh sa bhliain 2013.
- Tugadh isteach seoladh ríomhphoist do sheirbhísí custaiméara i.e. customerservices@galwaycoco.ie; is tríd an seoladh sin a dhéantar gach gníomhaíocht inmheánach de chuid na heagraíochta a chur in iúl don Fhoireann Seirbhísí Custaiméara; agus, ina theannta sin, is féidir le daoine den phobal teachtaireacht a chur chuig an seoladh sin má tá ceisteanna ginearálta acu agus déantar ceisteanna den sórt sin a imscrúdú agus fhreagairt go cuí.
- Tugadh isteach córas lárnaithe maidir le Fógraíocht a dhéanamh le go gcomhlíonfar an Creat Náisiúnta maidir le Hearraí agus Seirbhísí a Fháil.
- Tugadh isteach córas nua lárnaithe chun an láithreán gréasáin a uasdátú agus a leasú lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte maidir leis an Scéim Teanga agus maidir leis an Láithreán Gréasáin.
- Déantar liosta Faisnéise faoi Mhionsonraí Teagmhála Ginearálta agus Seirbhísí a chur le chéile agus a uasdátú do na comhaltaí tofa ar bhonn sémhíosúil.
- Cuireadh tús le tionscadal a bhaineann le foirmeacha iarratais na Comhairle agus é mar aidhm aige taisclann lárnach a bheith ann ar tríthi a bheidh foirmeacha iarratais uile na Comhairle ar fáil go dátheangach agus iad i bhformáidí éagsúla ach leagan amach comhsheasmhach a bheith ann.
- Cuireadh tús leis an obair ar fhorbairt na chéad chéime de na foirmeacha iarratais idirghníomhacha, mar aon le saoráidí gaolmhara le haghaidh íocaíochta ar líne (más gá).
- Tionsaíodh faisnéis sa bhunachar sonraí seirbhísí custaiméara agus béim á leagan ar na ceisteanna is coitianta a fuarthas ag an deasc Sheirbhísí Custaiméara.
- Tionsaíodh faisnéis faoi thuairiscí ar ghníomhaíocht teileafóin.
- Rinneadh uasdátú ar bhoird fógraí in Áras an Chontae agus rinneadh cothabháil ar bhoth faisnéise idirlín an aitriam atá ann mar áis don fhoireann agus don phobal.
- Próiseáladh cásanna 'Deisigh do Shráid' agus rinneadh obair leantach ar chásanna gan réiteach.
- Tugadh isteach agus oibríodh rannpháirtíocht sna Meáin Shóisialta i.e. Facebook, Twitter etc.
- I mí Aibreáin 2013, cuireadh sain-Deasc Sheirbhísí Custaiméara ar bun in Áras an Chontae chun a chinntiú go ndéantar timpeallacht ghairmiúil, fháilteach, fhaisnéiseach a sholáthar don chustaiméir ag an gcéad phointe teagmhála atá acu le Comhairle Chontae na Gaillimhe in Áras an Chontae.
- Ina theannta sin, tionscnaíodh Lárionad Cumarsáide Seirbhísí Custaiméara i mí Aibreáin 2013 agus soláthraíonn sé sin seirbhísí iomlán teileafóin, bonn chun ardán meán sóisialta na Comhairle ar twitter agus ar facebook a oibriú agus comhordú teachtaireachtaí ríomhphoist chuig customerservices@galwaycoco.ie, cumarsáidí tríd an tsaoráid do thuairimí custaiméirí ar www.galway.ie/www.gaillimh.ie agus trí deisighdoshráid.ie

Tá athrú ollmhór tagtha ar an mbéim a chuirtear ar Sholáthar Tithíochta Sóisialta le cúpla bliain anuas. San am atá thart, bhí maoiniú ar fáil chun tithe a cheannach agus a thógáil chun freastal ar riachtanais daoine ar ár liosta feithimh le haghaidh tithe. Bhí clár mór caipitiúil ag Comhairle Chontae na Gaillimhe roimh an ngéarchor chun donais sa gheilleagar, ar clár é a bhí ann chun tógáil agus fáil tithe cónaithe a chlúdach ach, mar thoradh ar an laghdú ar chaiteachas caipitiúil, ba ghá athstruchtúrú a dhéanamh ar an gclár infheistíochta tithíochta sóisialta le go bhféadfaí tithíocht shóisialta nua a sholáthar trí leas a bhaint as múnlaí maoiniúcháin níos solúbtha do na blianta amach romhainn. Leanann an tionscnamh léasaithe tithíochta sóisialta (SHLI), agus go háirithe ag an Scéim um Chóiríocht ar Cíos (RAS), de ról a bheith acu mar thacaíochtaí tithíochta sóisialta fadtéarma. Chuir an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil in iúl go bhfuil siad tiomanta i leith sásraí eile maoiniúcháin a fhorbairt chun méadú a dhéanamh ar an soláthar buantithíochta sóisialta nua. I measc na sásraí sin áireofar roghanna chun tithe a cheannach trí chomhaontuithe léasaithe, chun tithe a thógáil i gcomhair a léasaithe agus chun maoiniúchán iasachta a aimsiú ó chomhlachtaí ceadaithe tithíochta i gcomhair tógála agus fála.

FORBAIRT CHOTHROMAITHE AGUS INBHUANAITHE A BHAINT AMACH

Tógáil Tithe

Faoi threoirínite reatha na Roinne Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil (DECLG), ní chuirtear tógáil tithe san áireamh ach amháin i gcás ina bhfuil riachtanas speisialta ann. Sa bhliain 2013, chríochnaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe tógáil 3 theach faoin gcatagóir sin, ceann amháin i gCill Ó Saighleann, an Creagán, agus dhá cheann ar Inis Mór, Oileáin Árann.

Méaduithe ar Thithe Údaráis Áitiúil

Scrúdaíonn an Chomhairle gach rogha i gcónaí ionas go ndéanfar freastal ar riachtanais iarratasóirí ar thithíocht agus ar riachtanais tionóntaí reatha a bhfuil a gcuid riachtanas athraithe. Áirítear air seo méadú a dhéanamh ar thithe cónaithe reatha an údaráis áitiúil chun aghaidh a thabhairt ar phlódú nó chun freastal a dhéanamh ar riachtanais speisialta eile de chuid daoine aonair/baill teaghlaigh, ach sin faoi réir maoiniúchán a bheith ar fáil.

Rinneadh méadú ar dhá aonad sa bhliain 2013 ós rud é, maidir leis na daoine a bhí i gceist, go raibh saincheisteanna ann a bhain le plódú agus míchumas.

Bhí na méaduithe sin de bhreis ar roinnt mionoi breacha a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhain le soghluaisteacht i dtithe údaráis áitiúil dár gcuid e.g. suiteáil cithfholcadán boinn leibhéalta, greimráillí etc.

POBAIL INBHUANAITHE A FHORBAIRT

Liosta Feithimh i gcomhair Tithe

Rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe measúnacht ar an riachtanas tithíochta ina limistéar feidhme a chríochnú ar an 30 Aibreán 2013 faoi na ceannteidil seo a leanas:

- Cóiríocht Tithíochta a sholáthar ina limistéar feidhme do dhaoine a bhfuil, nó gur dócha go mbeidh, cóiríocht ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe ag teastáil uathu, ar daoine iad, i dtuairim na Comhairle Contae, a bhfuil gá acu le cóiríocht den sórt sin agus nach féidir leo í a sholáthar as a n-acmhainní féin.
- Páirceanna carbhán cónaitheach a sholáthar do dhaoine den Lucht Siúil i limistéar feidhme na Comhairle Contae agus i mbaile Bhéal Átha na Sluaighe do dhaoine a bhfuil cúis ag an gComhairle Contae chun a chreidiúint ina leith go bhfuil, nó gur dócha go mbeidh, láithreáin ón gComhairle Contae ag teastáil uathu, ar daoine iad, i dtuairim na Comhairle Contae, a bhfuil gá acu le láithreáin den sórt sin agus nach féidir leo iad a sholáthar as a n-acmhainní féin.
- Tá iarratais ó theaghlaigh atá cáilithe chun tacaíocht tithíochta sóisialta a fháil, agus a bhfuil gá acu le tacaíocht tithíochta sóisialta, inghlactha i gcomhair na tacaíochta sin de réir na nithe seo a leanas:
 - Stádas Cónaithe.
 - Ioncam.
 - Riaráistí Cíosa.
 - Cóiríocht ionadach a bheith ar fáil.

Le linn na measúnachta, bhí 1,474 theaghlach ann nach raibh cáilithe chun Tacaíocht Tithíochta Sóisialta a fháil. Sa bhliain 2011, bhí 2,433 dhuine ar an liosta feithimh i gcomhair tithíochta. Tar éis an mheasúnachta a dhéanamh, laghdaíodh an figiúr sin go 2,035. Rinneadh teagmháil roinnt uaireanta le gach iarratasóir ar an liosta tithíochta agus i gcás nach bhfuarthas freagra baineadh an t-ainm ón liosta tithíochta. Tá méadú mór tagtha ar an éileamh ar thacaíochtaí tithíochta agus is é atá sa ghlanriachtanas iomlán anois ná 2876.

Tithe Fholmha

Sa bhliain 2013, rinneadh an creat conraitheoirí a athnuachan i gcás Oibreacha Ginearálta Cothabhála agus Oibreacha Iarfheistiúcháin. Rinneadh creat Conraitheoirí Pluiméireachta a chur ar bun freisin. Cumasaíonn an creat tithíochta obair ar aonaid a chríochnú ar bhealach níos éifeachtúla agus níos tapa agus úsáideadh é chun obair a chur ar tairiscint ina míreanna chun luach ar airgead níos fearr a bhaint amach. Rinneadh an obair ar 67 dteach a chur i gcrích le linn na bliana trí úsáid a bhaint as lucht saothair na Comhairle agus as conraitheoirí araon. Rinneadh na hoibreacha sin i gcomhréir leis an leithroinnt bhuiséid a bhí againn faoin gceannteideal seo don bhliain 2013.

Ag tús mhí na Nollag 2013, bhí 97 dteach fholmha ann. Sa bhliain 2013, tháinig athrú ar bheartas an Rialtais ó dhíriú ar aonaid fholmha a chur ar ais i riocht inúsáidte go huasghrádú éifeachtúlacht fuinnimh an stoic tithe áitithe. Mar gheall ar an tionchar a bhí ag cailleadh maoiniúcháin sa réimse seo, chuaigh sé sin i gcion ar chumas na Comhairle aghaidh a thabhairt ar thithe folmha.

An Clár Éifeachtúlachta Fuinnimh agus Iarfheistiúcháin (EERP)

Thíolaic an Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil (DECLG) a bheartas athbheithnithe a bhaineann le maoiniúchán EERP a dhíriú ar an stoc títhe áitithe. Tugadh tús áite do na títhe is sine ina bhfuil an méid is lú insliúcháin ó thaobh insliú an áiléir agus na mballaí cuasacha de. Is é “Caighdeán Tí Chompordaigh” an caighdeán a sonraíodh ina leith sin. Bhain na hoibreacha sin le huasghrádú insliúcháin ballaí trí chuasáin a líonadh agus le 300mm d’insliúchán áiléir a shuiteáil, mar aon le roinnt beart a dhéanamh i ngach teach ar leith i ndáil le siorradh-dhíonadh agus aerúchán.

Grúpthithe is mó a bhí i gceist leis na títhe a uasghrádaíodh sa bhliain 2013 agus iad suite in eastáit agus bhí siad ann le níos mó ná 10 mbliana. Rinneadh oibreacha ar 659 dteach faoin EERP agus is ionann an figiúr sin agus 34% dár stoc iomlán títhe.

Tithíocht Dheonach

Tá an Chomhairle ag obair i gcomhar leis an Earnáil Dheonach d’fhonn dlús a chur leis an líon aonad a fhaightear mar chabhair maidir le dul i ngleic leis an liosta tithíochta méadaitheach. Scrúdaíodh tionscnaimh nua i ndáil le hathghiniúint agus i ndáil le comhpháirtíochtaí le dreamanna eile (e.g. NAMA) chun aonaid a chur ar fáil trí roghanna maoiniúcháin amhail an tSaoráid Léasaithe Réamhchaipitil (CALF).

Bhí plé ann leis an Roinn agus le roinnt cumann deonach tithíochta maidir le raon tograí a bhfuil an Chomhairle ag iarraidh iad a chur ar aghaidh, lena n-áirítear bailchríoch a chur ar scéimeanna faoin Scéim Cúnaimh Chaipitiúil (CAS) agus faoin Scéim um Iasachtaí Caipitiúla & Fóirdheontais Chaipitiúla (CLSS). Bhí roinnt cruinnithe ann freisin le comhlachtaí deonacha i ndáil le tograí ar fud na tíre faoi na roghanna is nua dá bhfuil ann agus ceaptar go ndéanfar comhaontuithe a bheidh ina gcabhair maidir le freastal ar riachtanas tithíochta na ndaoine atá ar an liosta feithimh.

Fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe maoiniúchán d’aonad amháin sa Ghort faoi Chlár Fála na Scéime Cúnaimh Chaipitiúil 2013 agus fuarthas cead pleanála agus maoiniúchán la haghaidh 13 aonad i Leitir Fraic.

Ceannach ag Tionóntaí

Tháinig deireadh le Scéim Ceannaigh ag Tionóntaí 2011 ar an 30 Meitheamh 2013. Faoin scéim sin, cheannaigh 31 tionónta de chuid na Comhairle a dtithe cónaithe glan amach sa bhliain 2013. De bhreis air sin, cheannaigh 20 tionónta eile de chuid na Comhairle a dtithe cónaithe i rith na bliana faoi Scéim Ceannaigh ag Tionóntaí 1995. Rinneadh Scéim Ceannaigh ag Tionóntaí 1995, a bhí le teacht chun deiridh ar an 31 Nollaig 2013, a leathnú go ceann 6 mhí eile chun deis eile a thabhairt do thionóntaí de chuid na Comhairle a raibh tairiscint faighte acu a dteach cónaithe a cheannach teacht chun bheith ina n-úinéirí tí. Díoladh 51 aonad san iomlán i rith na bliana 2013, rud a ghin €1.57m don Chomhairle mar fháltais ó dhíolacháin.

Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta, Deontais d'Áiseanna Soghluaisteachta, Deontais d'Oiriúnú Tithe i gcás Tithe Príobháideacha

I rith na bliana 2013, lean an tAonad Tithíochta liosta tosaíochta d'iarratasóirí a ullmhú agus de chúnamh deontais a sholáthar dóibh ba mhó gá. Tháinig méadú ar an líon iarratas ar dheontais d'Áiseanna Soghluaisteachta agus ar dheontais d'Oiriúnú Tithe. Maidir leis an aois cháilitheach i gcomhair Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta, ardaíodh go 70 í agus, dá bharr sin, tháinig laghdú mór ar an líon iarratas ar an deontas seo. Aontaíodh maoiniúchán a sholáthar do dhaoine faoi bhun 70 bliain d'aois in imthosca áirithe, ach sin ag brath ar a sláinte, ar a ndálaí tithíochta reatha agus ar a gcumas chun cabhrú leo féin. Tá gá le doiciméid tacaíochta i gcás ina bhfuil riachtanais liachta á lua ag an iarratasóir agus is féidir an tacaíocht sin a thíolacadh i bhfoirm tuarascála Sainchomhairleora nó tuarascála Teiripeora Ceirde. Soláthraíodh cúnamh freisin i gcásanna inarbh é a leanfadh as aghaidh a thabhairt ar easnaimh ná feabhas a chur cháilíocht shaol an duine scothaosta, d'ainneoin nár measadh a teach a bheith i ndrochríocht. Ba ghá freisin an teorainn ama sé mhí a fhorfheidhmiú, is é sin le rá, iarratas a dhúnadh más rud é nach bhfaightear comhfhreagras ó iarratasóir laistigh den teorainn ama sin.

- An líon iarratas bailí a fuarthas i rith na bliana 2013 ar Chúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta: 98
- An líon iarratas bailí a fuarthas i rith na bliana 2013 faoin Scéim Deontais d'Áiseanna Soghluaisteachta & faoin Scéim Deontais do Chúnamh Tithíochta - 139
- Ba é a bhí sa leithroinnt iomlán don bhliain 2013 ná €1,644,386 agus bhí €328,877 den tsuim sin le soláthar as acmhainní dílse na Comhairle. Caitheadh an leithroinnt iomlán sa bhliain 2013 agus tugadh 374 íocaíocht deontais i leith na dtrí scéim.

Deontais d'Oiriúnú Tithe i gcás Tithe Údaráis Áitiúil

Déantar an Deontas d'Oiriúnú Tithe i gcás Daoine faoi Mhíchumas agus i gcás Tithe Údaráis Áitiúla a chur ar fáil chun cabhair a thabhairt i ndáil le hoibreacha a dhéanamh a bhfuil gá leo go réasúnach chun go mbeidh teach níos oiriúnaí i gcomhair cóiríochta do dhuine faoi mhíchumas ar a bhfuil buanmhallachar fisiciúil, céadfach, meabhair-shláinte nó intleachta. Leanann Comhairle Chontae na Gaillimhe de mheasúnú a dhéanamh ar iarratais faoin scéim seo agus tús áite a thabhairt dóibh sin is mó gá.

Rinneadh méid teoranta maoiniúcháin a chur ar fáil do Chomhairle Chontae na Gaillimhe le haghaidh oibre den sórt sin sa bhliain 2013. Rinneadh oibreacha oiriúnúcháin ar 13 teach údaráis áitiúil san iomlán i rith na bliana agus bhí obair ar siúl ar 14 teach eile ag deireadh na bliana.

Daoine Gan Dídean

I dtaca le Seirbhísí do Dhaoine Gan Dídean, tá Comhairle Chontae na Gaillimhe ina cuid de Réigiún an Iarthair in éineacht le Cathair na Gaillimhe, Maigh Eo agus Ros Comáin. Is í Cathair na Gaillimhe an ghníomhaireacht cheannais agus déantar an maoiniúchán ar fad a chur ar fáil trí Chomhairle na Cathrach. Is iad Stiúrthóirí Seirbhísí Tithíochta na gceithre Údarás a fheidhmíonn

mar Ghrúpa Bainistíochta Réigiún an Iarthair maidir le Daoine Gan Dídean agus tá freagracht orthu i ndáil le maoiniúchán a shannadh.

Bhí 155 iarratas ó dhaoine gan dídean ann i gContae na Gaillimhe sa bhliain 2013 i.e. 3 cinn sa tseachtain ar an meán. Mná a bhí ann i gcás an tríú cuid díobh a rinne iarratas. Soláthraíodh cóiríocht éigeandála do 76 dhuine: tugadh cóiríocht do 46 dhuine díobh i mBrúnna de chuid Cope – an Fairgreen nó Osterley Lodge; chuaigh 52 dhuine díobh ar ais chuig a dteaghlach nó chuig cairde; agus diúltaíodh cóiríocht do 27 nduine díobh ar chúiseanna éagsúla. Gabhann na hOibrithe Sóisialta d’obair leantach i ndáil le gach duine gan dídean agus buaileann siad leis na daoine sin i mbrúnna chun iarracht a dhéanamh iad a chur i dtreo cóiríochta neamhspleáiche.

Ina theannta sin, tugann Contae na Gaillimhe cúnaimh deontais do Chuan Mhuire i gcomhair cóiríochta do Dhaoine Gan Dídean a bhfuil cóireáil iar-andúile á fáil acu.

Is é atá i gCóras Cóiríochta agus Tacaíochta *Pathway* (PASS) ná an córas nua comhroinnte tacaíochta agus bainistíochta leapacha do chliaint, ar córas é atá ceaptha chun cabhrú le daoine gan dídean agus ar cuid é de na gníomhartha tosaíochta atá ann sa Straitéis Náisiúnta maidir le Daoine Gan Dídean, *The Way Home*. Tá PASS tar éis ionad gach córais roimhe seo a ghlacadh mar an t-aon córas comhroinnte atá i ngníomh i ndáil le seirbhísí reachtúla agus seirbhísí deonacha do dhaoine gan dídean. Cuireadh tús le PASS mar bheosheirbhís sa réigiún seo ar an 25 Samhain 2013. Éascóidh an córas nua ullmhú tuarascálacha staitistiúla de réir mar is gá agus feabhsóidh sé an comhoibriú agus an comhordú idir soláthróirí seirbhísí.

An Scéim um Chóiríocht ar Cíos (RAS)/Léasú

Tá an Rialtas tar éis maoiniúchán a leithroinnt d’údaráis áitiúla agus do chomhlachtaí ceadaithe tithíochta chun maoin chónaithe príobháideach a ligean ar léas nó ar cíos d’iarratasóirí atá ar an liosta tithíochta. Roimhe seo, bhí RAS dírithe ar dhaoine a bhfuil forlíonadh cíosa á fháil acu le tréimhse is faide ná 18 mí. Ón 1 Aibreán 2011, meastar go bhfuil freastal déanta ar riachtanas tithíochta aon iarratasóirí ag a bhfuil cóiríocht de chineál RAS.

Déantar (RAS)/Léasú a oibriú ar bhonn gach tionóntachta ar leithligh agus tá comhaontuithe den sórt sin á ndéanamh ag Comhairle Chontae na Gaillimhe le tiarnaí talún príobháideacha ó bhí an bhliain 2007 ann.

Sa tábla thíos, tugtar léiriú ar na comhaontuithe RAS agus Léasaithe atá déanta ag Comhairle Chontae na Gaillimhe le Tiarnaí Talún príobháideacha.

An líon Iarratasóirí a bhfuil forlíonadh cíosa á fháil acu le 18 mí nó níos mó	Cathair agus Contae na Gaillimhe; na figiúirí is déanaí do dheireadh Ráithe 4: 2480
An líon Iarratasóirí ar tugadh cóiríocht dóibh i gcóiríocht príobháideach ar cíos trí chonarthaí a comhaontaíodh le tiarnaí talún príobháideacha	370
An líon Iarratasóirí a bhfuil cóiríocht acu faoi láthair trí chonarthaí a comhaontaíodh le heagraíochtaí deonacha	144

An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha - Aonaid ar cíos a chlárú

Tháinig an tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 i ngníomh ar an 1 Meán Fómhair 2004. Déileálann Cuid 7 den Acht sin le tionóntachtaí a chlárú leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe

Príobháideacha. Tá an clár foilsithe ar fáil ar láithreán gréasáin an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha ag www.prtb.ie
Bhí iniúchadh déanta ag Comhairle Chontae na Gaillimhe ar 104 mhír maoinne suas go dtí an 31 Nollaig 2013 chun a chinntiú go raibh na caighdeáin maidir le tithe ar cíós á gcomhlíonadh. Theip ar 91 Mhír Maoinne san iomlán na caighdeáin reatha a chomhlíonadh agus eisíodh 91 Fhógra Feabhsúcháin ar thiarnaí talún á cheangal orthu feabhsúcháin a dhéanamh.

Cóiríocht don Lucht Siúil

De réir Alt 9 d'Acht na dTithe 1988, arna leasú, agus Alt 6 d'Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil) 1998, rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe na riachtanais chóiríochta reatha, agus na riachtanais chóiríochta réamh-mheasta, atá ag teaghlaigh de chuid an Lucht Siúil agus nach mór freastal orthu le linn thréimhse an Chláir seo, ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2018, a mheasúnú agus a shainiú.

Baineann an measúnú sin leis na riachtanais a mheastar a bheidh ann thar an raon roghanna maidir le Cóiríocht don Lucht Siúil, lena n-áirítear grúpthíocht agus gnáth-thíocht, léasú fadtéarma, an scéim um chóiríocht ar cíós agus an scéim nua um íocaíocht chúnamh tithíochta atá beartaithe.

Áirítear na nithe seo a leanas sa mheasúnú ar riachtanas:

- Comhaireamh Bliantúil ar an líon daoine sa Lucht Siúil, de réir mar a taifeadadh Dé hAoine, an 30 Samhain 2012.
- Measúnú ar Riachtanais Tithíochta mar a bhí curtha i gcrích ar an 30 Aibreán 2013.
- Cruinnithe le teaghlaigh ar leithligh de chuid an Lucht Siúil.
- Rinneadh athbhreithniú oifige ar iarratasóirí agus ar chúinsí teaghlaigh agus críochnaíodh próiseas crostagartha chun a chinntiú go raibh na sonraí go hiomlán cothrom le dáta agus cinneadh riachtanais chóiríochta daoine ar leithligh.
- Baineadh úsáid as faisnéis a fuarthas chun an riachtanas iomlán thar thréimhse an Chláir Cóiríochta seo a chinneadh, lena n-áirítear meastachán ar chomhdhéanamh teaghlach agus na tograí maidir le cóiríocht chun freastal ar an riachtanas réamh-mheasta sin.

Déanann an Chomhairle teaghlaigh de chuid an Lucht Siúil a mheasúnú don Liosta Feithimh i gcomhair Tithíochta agus déantar leithroinntí de réir Scéim na Comhairle maidir le Tosaíochtaí Ligin. Léirigh Comhaireamh Bliantúil Theaghlaigh an Lucht Siúil agus a Staid Chóiríochta sa bhliain 2013 go raibh 544 teaghlach ann sa Chontae. Measadh go raibh 91% de na teaghlaigh sin ina gcónaí i gcóiríocht mhaith ó thaobh caighdeán na cóiríochta de.

Tríd an taithí atá faighte ag an gComhairle, agus trí chomhairliúcháin a dhéanamh, tá gnáth-thíocht sainaitheanta ag an gComhairle mar an cineál cóiríochta is fearr le tromlach mór na dteaghlach atá ann sa Lucht Siúil. Maidir le gnáth-thíocht, lena n-áirítear RAS agus Cóiríocht Phríobháideach ar Cíós, tá socrú ann ina leith ar dá réir a chuirtear daoine de chuid an Lucht Siúil san áireamh i gclár thithíochta príomhshrutha agus is cabhair é sin i ndáil le daoine den Lucht Siúil a lánpháirtí sa phobal.

Tagann an ceathrú clár cúig bliana maidir le Tithíocht don Lucht Siúil i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2014 agus tá athbhreithniú le déanamh air faoin 31 Nollaig 2016.

Tionóntacht agus Bainistíocht Eastát

Rinneadh an Straitéis Bainistithe Eastát (EMS) don chontae a ghlacadh sa bhliain 2013 agus soláthraíonn sí creat straitéiseach do Bhainistiú Eastát ar fud an chontae. Léiríonn an EMS an cur chuige idir-roinne agus idirghníomhaireachta atá glactha ag an Aonad Tithíochta agus ag a

chomhpháirtithe agus iad ag iarraidh feabhas a chur ar cháilíocht an tsaoil do chónaitheoirí inár gcuid eastát tithíochta. Bhí cruinnithe ag an Aonad Tithíochta leis an FSS, leis an VEC agus leis na Gardaí ag tráthanna éagsúla ar fud na bliana agus d'éirigh leo oibriú le chéile i roinnt réimsí a bhain le tionóntaí ar theastaigh tacaíocht uathu.

Bunaíodh an tAonad Iompair Fhrithshóisialta (ASB) sa bhliain 2013 agus déileálann sé le gearáin faoi ASB. Maidir le straitéis na Comhairle sa réimse seo, áirítear teagmháil ghníomhach leis an bpobal/rannpháirtíocht ghníomhach an phobail ar bhonn leanúnach ag leibhéal áitiúil, agus béim á leagan ar iompar frithshóisialta agus sárúithe ar chomhaontú tionóntachta a shainnithint ag céim luath. Táthar tar éis caidreamh an-láidir a fhorbairt leis na Gardaí agus buaileann an t-aonad go rialta le bainisteoirí sinsearach na nGardaí chun fadhbanna a phlé leo agus chun plé a dhéanamh i dtaobh conas is féidir leis an dá eagraíocht comhoibriú lena chéile chun aghaidh a thabhairt ar iompar frithshóisialta. I dtaca leis sin de, rinneadh fochoiste speisialta de chuid an Chomhchoiste Póilíneachta a bhunú chun scrúdú a dhéanamh ar úsáid CCTV in eastáit tithíochta agus i réimsí riachtanais eile. Tá dul chun cinn á dhéanamh ag an aonad maidir le pleananna i gcomhair CCTV i roinnt eastát agus meastar go gcabhróidh sé sin leis an gComhairle agus leis na Gardaí le linn dóibh déileáil le roinnt saincheisteanna ar ábhar inní leanúnach iad do chónaitheoirí na n-eastát. Ina theannta sin, deonaíodh ceadú chun Oifigeach sealadach Iompair Fhrithshóisialta a fhostú sa bhliain 2013.

Rialú Capall

I gcomhréir leis an bPrótacal a d'eisigh an Roinn i mí Bhealtaine 2012 chuig an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (D.A.F.M.) agus chuig Údarás Áitiúla maidir le hoibriú an Achta um Rialú Capall 1996, tá iarracht shuntasach déanta ag Comhairle Chontae na Gaillimhe chun déileáil le capaill fáin, le capaill thréigthe agus le capaill a bhfuil a leas i mbaol. Le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2013, thug an Roinn Talmhaíochta ráta uasta aisíocaíochta €450.00 isteach atá le tabhairt d'Údarás Áitiúla i leith gach capaill ar leith a urghabhatar.

Seo a leanas staitisticí a bhaineann leis an líon capall a urghabhadh sa tréimhse ón mbliain 2011 go dtí an bhliain 2013, ar staitisticí iad a léiríonn méadú mór sa ghníomhaíocht i rith na tréimhse sin.

2011 – urghabhadh 52 eachaí
 2012 – urghabhadh 243 eachaí
 2013 – urghabhadh 331 eachaí

Ba bhliain an-ghnóthach í an bhliain 2013 agus rinneadh 331 eachaí, idir chapail agus asail, a ghaibhniú. Is ar bhóithre poiblí a fuarthas tuairim is 90% de na hainmhithe thréigthe. De bharr na haeráide airgeadais, ní féidir le Comhairle Chontae na Gaillimhe an leibhéal reatha costas a sheasamh anois ná sa todhchaí gan tuilleadh cúnaimh a fháil ón D.A.F.M.

An Scéim chun Cíos a chur in ionad Morgáiste


Rinne an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil an Scéim chun Cíos a chur in ionad Morgáiste a thabhairt isteach sa bhliain 2012. Faoin scéim seo, is féidir le daoine a bhfuil deacracht acu maidir lena morgáiste a íoc athrú a dhéanamh ó úinéireacht a dtí a bheith acu go dtí an teach a bheith ar cíos acu mar thionóntaí sóisialta. Má chláraíonn duine sa scéim chun cíos a chur in ionad morgáiste ní leis an duine sin an teach cónaithe a thuilleadh ná níl aon leas airgeadais ag an duine sin sa teach cónaithe a thuilleadh. Déanann an teaghlach cíos a íoc leis an gcumann tithíochta de réir a ioncaim.

Chun cáiliú i gcomhair na scéime, ní mór d'úinéir na maoinne a bheith tar éis páirt a ghlacadh i bPróiseas Réitithe Riaráistí Morgáiste a n-iasachtóra (MARP), ar próiseas é sin nach mór don iasachtóir agus don úinéir a chur i bhfeidhm chun iarracht a dhéanamh a ndeacrachtaí a réiteach. Ní mór an morgáiste a bheith neamh-iniompartha agus ní mór don teaghlach a bheith cáilithe i gcomhair tithíochta sóisialta sa cheantar ina bhfuil cónaí orthu. Ní mór a mheas go bhfuil an mhaoin oiriúnach lena ceannach ag cumann tithíochta. Déanfaidh iarratasóirí ceadaithe seilbh a dtí cónaithe a thabhairt suas go toildeonach dá n-iasachtóir morgáiste agus díolfaidh an t-iasachtóir sin láithreach é le cumann tithíochta a ligfidh ar cíos é leis an teaghlach lena mbaineann. Déanfar na fáiltais ó dhíol na maoinne leis an gcumann tithíochta a úsáid i gcomhair an fhiachais morgáiste agus déanfaidh an t-iarratasóir socrú lena n-iasachtóir i leith aon íocaíochtaí atá fágtha gan íoc más ann dóibh. Tá deis ann chun an teach cónaithe a cheannach ar ais tar éis thréimhse 5 bliana má thagann feabhas ar staid airgeadais an teaghlaigh lena mbaineann. Maidir leis an athrú stádais ó úinéir go cíosaí, is socrú rúnda é i gcónaí. Go dtí seo, tá 25 iarratas faighte ag an gComhairle faoin scéim.

Seirbhísí Éigeandála

Is iad seo a leanas na freagrachtaí atá ar sheirbhís Dóiteáin & Tarrthála na Gaillimhe:

- Gníomhaíonn sí chun déileáil le dóiteáin agus, chomh maith leis sin, chun déileáil le timpistí tráchta bóthair, le teagmhais a bhaineann le hábhair ghuaiseacha, le tarrtháil uisce, le tuiliú agus le mórghuaiseacha de bharr timpistí;
- Féachann sí le héigeandálaí a chosc trí raon oibríochtaí coiscthe dóiteáin agus oibríochtaí teicniúla sábháilteachta dóiteáin a chur i gcrích sa Chontae agus sa Chathair agus trí thionscnaimh phobail éagsúla maidir le sábháilteacht dóiteáin.
- Is í Príomhsheirbhís Éigeandála an Údaráis Áitiúil í (PES) le haghaidh móréigeandálaí i gcathair na Gaillimhe agus i gcontae na Gaillimhe agus feidhmíonn na hÚdaráis Áitiúla mar Príomhghníomhaireachtaí Freagartha (PRA) i gcomhréir leis an gCreat Náisiúnta maidir le Mór-Éigeandálaí a Bhainistiú 2006.



Fíor 1 Suímh Stáisiúin Dóiteáin GFRS

Tá deich stáisiún ann a fhónann do Chontae na Gaillimhe ina bhfuil daonra 175,127 nduine agus do Chathair na Gaillimhe ina bhfuil daonra 75,414 dhuine (de réir staitisticí CSO 2011) de réir mar a thaispeántar i bhFíor 1.

- Baile Átha an Rí
- Béal Átha na Sluaighe
- An Clochán
- Cathair na Gaillimhe (Ceanncheathrú)
- An Gort
- Inis Mór
- Baile Locha Riach
- An Creagán

- Port Omna
- Tuaim

Nuair atá na poist go léir líonta, bíonn tuairim is 150-155 dhuine ar fostú go díreach ag an gComhairle mar phearsanra i Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe agus, san fhigiúr sin, áirítear comhraiceoirí dóiteáin lánaimseartha agus comhraiceoirí dóiteáin áirithinte sa Chathair agus sa Chontae agus oifigigh shinsearacha dóiteáin agus pearsanra tacaíochta sibhialta i Stáisiún Dóiteáin Chathair na Gaillimhe.

FORBAIRT CHOTHROMAITHE AGUS INBHUANAITHE A BHAINTE AMACH

Pobail a Choimeád Sábháilte

Rinneadh “Pobail a Choimeád Sábháilte”, arb é toradh athbhreithnithe ar Sheirbhísí Dóiteáin agus ar Shábháilteacht Dóiteáin in Éirinn é, a fhoilsíú i mí Feabhra 2013. Is ionann “Pobail a Choimeád Sábháilte” (KCS) agus treoirphlean comhtháite i ndáil le forbairt na ról riachtanach sábháilteachta pobail a chomhlíonann na Seirbhísí Dóiteáin, ar plean é atá le cur i bhfeidhm sa tréimhse 2013-2015 agus trína ndéanfar rioscaí a bhainistiú agus aghaidh a thabhairt ar nithe a bhaineann le feabhsú sábháilteachta poiblí, le laghdú teagmhas, le caighdeáin freagartha agus le struchtúir soláthair seirbhíse sna deich mbliana atá romhainn.

Déileálfaidh KCS le saincheisteanna tábhachtacha lena n-áirítear athchóiriú ar struchtúir soláthair seirbhíse agus ról na Seirbhíse Dóiteáin sa tsochaí agus déanfaidh sé straitéisí a shaináithint, agus caighdeáin a leagan síos, i ndáil le héifeachtúlacht agus próisis deimhnithe cáilíochta. Ina theannta sin, leagfaidh KCS síos spriocanna dúshlánacha maidir leis na torthaí atá le baint amach faoi dheireadh na tréimhse forfheidhmiúcháin i mí na Nollag 2015.

Tagann an tSeirbhís Dóiteáin faoi réir na srianta airgeadais céanna, agus faoi réir an ghrinnscrúdaithe chéanna, atá ann i gcás sheirbhísí uile na nÚdarás Áitiúil. I bhfianaise laige na staid airgeadais san earnáil phoiblí agus sa rialtas áitiúil, beidh sé deacair infheistíocht bhreise, os cionn an méid atá ann sa chlár cheana féin, a dhéanamh sna Seirbhísí Dóiteáin.

Is é atá sa dúshlán – mar a léirítear i dteideal an doiciméid “Pobail a Choimeád Sábháilte” – ná na hacmhainní atá ar fáil a bhainistiú chun an toradh is fearr is féidir a bhaint amach don phobal a mhéid a bhaineann le sábháilteacht phearsanta daoine, agus íoslaghdu a dhéanamh ar chaillteanais agus ar shuaitheadh sa tsochaí.

Chun cur i bhfeidhm rathúil phríomhfhórlacha KCS a bhaint amach faoi dheireadh na bliana 2015 beidh gá le tiomantas agus diongbháilteacht ar thaobh na Seirbhíse Dóiteáin agus Fhoirne Bainistíochta na Cathrach agus an Chontae agus, chomh maith leo sin, ar thaobh Ionadaithe Tofa na Cathrach agus an Chontae. Beidh gá le Plean Forbartha Seirbhíse/Plean Gníomhaíochta a ullmhú agus déanfar sin i bhfoirm Dhréachtphlean nua Alt 26 a ullmhóidh Lucht Bainistíochta na Seirbhíse Dóiteáin. Samhlaítear go ndéanfar Dréachtphlean Alt 26 a thíolacadh do na Coistí Speisialta Beartais iomchuí de chuid na Cathrach agus an Chontae i gcomhair d’fospóireachta agus go n-áireoidh sé cúlra agus ábhar an doiciméid mar aon leis na hathruithe atá á mbeartú don tSeirbhís Dóiteáin mar thoradh ar an bplean. Ina dhiaidh sin, déanfar Dréachtphlean Alt 26, agus é uasdátaithe, a thíolacadh do chruinniú iomlán de chuid na Comhairle.

Oibríochtaí Dóiteáin

Ba é a bhí sa líon iomlán teagmhas éigeandála ar fhreastail Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe orthu sa bhliain 2013 thar ceann Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus Chomhairle Chontae na Gaillimhe, i gcás na 10 stáisiún dóiteáin ar fad, ná **1564**. Is ionann an figiúr sin agus **méadú 13% i gcomparáid le teagmhais na bliana 2012 (1388)** agus ba é ba mhó ba chúis leis sin ná méadú 180% ar dhóiteáin phortaigh/féir agus foraoise i gcomparáid leis an mbliain roimhe seo.

Is é DEHLG a leagann síos na táscairí feidhmíochta don tSeirbhís Dóiteáin agus déantar iad a thuairisciú ar bhonn náisiúnta gach bliain. Ceann de na príomhtháscairí feidhmíochta is ea an méid ama a thógann sé, i gcás stáisiún dóiteáin lánaimseartha agus stáisiún dóiteáin áirithinte (páirtaimseartha), chun an fearas dóiteáin a shlógadh ón am a dhéantar an fhoireann dóiteáin a ghairm.

Sa bhliain 2012, i stáisiún dóiteáin lánaimseartha Chathair na Gaillimhe, ba é a bhí sa mheánam chun an chéad fhearas dóiteáin a shlógadh i leith teagmhas dóiteáin ná 2.6 nóiméad (**laghdú 10% i gcomparáid le figiúirí na bliana 2012) 4.8 nóiméad**, ar an meán, a bhí ann i dtaca leis an am chun an chéad fhearas dóiteáin a shlógadh sna 9 stáisiún pháirtaimseartha eile (an tSeirbhís Dóiteáin Áirithinte) i gContae na Gaillimhe (**laghdú 12% i gcomparáid le figiúirí 2012**).

Maidir le gach teagmhas éigeandála eile, thóg sé **2.25** nóiméad, ar an meán, ar stáisiún dóiteáin lánaimseartha Chathair na Gaillimhe agus **4.78**, ar an meán, ar stáisiún dóiteáin áirithinte Chontae na Gaillimhe freagairt do ghlaonna. Léiríonn na figiúirí sin feabhsú suntasach i gcomparáid leis an mbliain roimhe seo sa mhéid go raibh **laghdú 24%** ann i gcás an ama slógtha sa stáisiún dóiteáin lánaimseartha agus go raibh **laghdú 13%** ann i gcás an ama slógtha i stáisiún dóiteáin áirithinte de chuid an Chontae.

Is é atá sa dara táscaire feidhmíochta ná an fad ama a thóg sé, tar éis an glao a fháil, chun láthair an teagmhais a shroicheadh, i gcás dóiteán amháin, agus is mar a leanas na figiúirí do Bhriogáidí na Cathrach agus an Chontae:

- Níos lú ná 10 nóiméad – **50.5% de na glaonna;**
- Níos mó ná 10 nóiméad agus níos lú ná 20 nóiméad – **32.7% de na glaonna**
- Níos mó ná 20 nóiméad – **16.8% de na glaonna.**

Ba é a bhí sna táscairí feidhmíochta maidir le gach teagmhas eile, gan dóiteáin a áireamh agus i gcomhair na bparaiméadar céanna, ná **43%**, **32.8%** agus **24%** faoi seach.

Léiríonn na sonraí seo, sa chéad ásc, gur fhreastail Seirbhís Dóiteáin na Gaillimhe ar chion níos airde glaonna “Dóiteáin Amháin” i ndáil leis an gcatagóir ‘níos lú ná 10 nóiméad’, is é sin, bhí méadú ó 46% sa bhliain 2012 go 50.5% sa bhliain 2013, rud a léiríonn gur sroicheadh suíomh geografach na nglanna laistigh d’fhad ama níos giorra. Is amhlaidh an scéal sa bhanda 10 – 20 nóiméad. I gcás na gcineálacha teagmhas eile ar fad, tá laghdú den sórt céanna le brath i dtaca leis an bhfad ama a thóg sé chun an láthair a bhaint amach tar éis an glao a fháil. Léiríonn na critéir thomhais seo fairsinge gheografach na nglanna, dálaí tráchta agus, chomh maith leis sin, laghdú ionchasach ar rioscaí do bheatha agus d’fhoirgnimh sna láithreacha inar tharla na teagmhais ar freastalaíodh orthu. Ó bhí an bhliain 2009 ann, tá an pearsanra oibríochtúil áirithinte go léir de chuid an Chontae ag oibriú faoin gCóras Ceannasaíochta Náisiúnta Teagmhas (NICS) de réir Chlár Athraithe na Seirbhíse Dóiteáin faoin bhfeidhm Sláinte agus Sábháilteachta. Sa bhliain 2013, leanadh de chur i bhfeidhm NICS don phearsanra lánaimseartha sa stáisiún dóiteáin i gCathair na Gaillimhe agus dréachtaíodh Lámhleabhar Oiliúna agus Oibríochtaí i gcomhair Ceannasaíochta Teagmhas. Samhlaítear go ndéanfar NICS do phearsanra lánaimseartha Chathair na Gaillimhe a bhaint amach sa bhliain 2014 tar éis oiliúint athnuachana a sholáthar. Lean Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe de phleananna réamhtheagmhais a ullmhú i ndáil le rioscaí sa Chathair agus sa Chontae agus sannadh Príomhoifigeach Cúnta Dóiteáin chun dul i mbun na hoibre sin ar dualgas reachtúil é faoi na hAchtanna um Sheirbhísí Dóiteáin 1981 & 2003. Lean Grúpa Stiúrtha Sláinte & Sábháilteachta na Seirbhíse Dóiteáin de bheith ag teacht le chéile i gcomhair cruinnithe míosúla in 2013 chun bainistiú agus stiúradh a dhéanamh ar Phlean Bainistithe Sláinte & Sábháilteachta na Seirbhíse Dóiteáin. Rinneadh Ráiteas Coimhdeach Sábháilteachta athbhreithnithe do Sheirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe a eisiúint sa bhliain 2013 de réir mar a bhí dul chun cinn á dhéanamh ag an tSeirbhís i dtreo dheimhniúchán OSHAS 18001 sa bhliain 2014.

POBAIL INBHUANAITHE A FHORBAIRT

Sábháilteacht agus Cosc Dóiteáin

Sa bhliain 2013, leanadh den obair a dhéantar sa Roinn Coiscthe Dóiteáin & Sábháilteachta Dóiteáin.

Rinne an Roinn Coiscthe Dóiteáin **262** iniúchadh ar áitribh sa bhliain 2013 mar chuid dá Feidhm Choiscthe Dóiteáin faoin Acht um Sheirbhísí Dóiteáin 1981, faoi na hAchtanna Ceadúnúcháin, faoi na hAchtanna Pleanála agus faoin Acht um Shubstaintí Contúirteacha. Ba **mhéadú 2%** é sin i gcomparáid le figiúirí na bliana 2012 (256).

Fuair an Roinn Coiscthe Dóiteáin, agus phróiseáil siad, **255** iarratas ar cheadúnas poiblí sa bhliain 2013, ar figiúr é sin a léiríonn méadú beag i gcomparáid le figiúr na bliana 2012 (254).

Sa bhliain 2013, dhéileáil an Roinn Coiscthe Dóiteáin le 154 iarratas pleanála do Chathair agus do Chontae na Gaillimhe. Ba **mhéadú 59%** é sin i gcomparáid le figiúirí na bliana 2012 (97).

Rinne an Roinn Coiscthe Dóiteáin 250 iniúchadh sa bhliain 2013 i ndáil le heisiúint Deimhnithe Sábháilteachta Dóiteáin etc faoi na hAchtanna um Rialú Foirgníochta 1990 agus 2007. Ba **laghdú 12%** é sin i gcomparáid le figiúirí na bliana 2012 (280).

Sa bhliain 2012, phróiseáil an Roinn Coiscthe Dóiteáin **74** iarratas ar Dheimhniú Rochtana Míchumais don Chontae. Ba **mhéadú 32%** é sin i gcomparáid le figiúirí na bliana 2012 (56).

Dhéileáil an Roinn Coiscthe Dóiteáin le **213** nIarratas ar Dheimhniú Sábháilteachta Dóiteáin – gach cineál – faoi na Rialacháin um Rialú Foirgníochta, agus bhain 121 iarratas díobh sin leis an limistéar Contae agus bhain 92 iarratas díobh leis an limistéar Cathrach. B'ionann an líon foriomlán iarratas ar Dheimhniú Sábháilteachta Dóiteáin agus **méadú 2%** i gcomparáid le figiúirí na bliana 2012 (208). Léiríonn na figiúirí seo leibhéal áirithe cobhsaithe i dtaca le gníomhaíochtaí tógála i limistéar na Gaillimhe sa bhliain 2013 ach tá siad fós íseal i gcomparáid le blianta roimhe seo.

Sábháilteacht Dóiteáin sa Phobal

Fuair Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe aláraim dheataigh neamhspleácha ina bhfuil cadhnraí fad saoil agus eisíodh iad chuig 300 teaghlaigh i gCathair agus i gContae na Gaillimhe lena suiteáil ag Grúpaí Pobail de réir mar a rinneadh i mblianta roimhe seo. Ina theannta sin, fuarthas, agus dáileadh, 50 brathadóir deataigh sa bhliain 2013 do dhaoine lagéisteachta, lena n-áirítear brathadóirí ina gcuimsítear córais rabhaidh chreathacha agus córais rabhaidh ghealánacha. Cuireadh an tionscadal seo i gcrích le cabhair ó Aonad Pobail agus Fiontraíochta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

Lean Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe de chainteanna faoi shábháilteacht dóiteáin a thabhairt in 2013 de réir mar a iarradh orthu déanamh amhlaidh, leanadh de chuartheanna fearais dóiteáin a thabhairt ar scoileanna agus leanadh de pháirt a ghlacadh i Seachtain Náisiúnta na Sábháilteachta Dóiteáin tráth ar osclaíodh stáisiúin dóiteáin do dhaoine den phobal agus a ndeachthas i mbun feachtais fógraíochta nuachtáin. Ag deireadh na bliana 2013, cuireadh tús leis an obair ullmhúcháin i ndáil le hathbhunú Chlár na mBunscoileanna sa bhliain 2014, ach sin faoi réir maoiniúchán a bheith ar fáil.

Dóiteáin Mharfacha sa bhliain 2013

Go hámharach, níor tharla aon bhás de dheasca dóiteán tionóisceach i dtithe ar fhreastail Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe orthu sa bhliain 2013.

Bainistíocht Mór-Éigeandálaí (MEM)

Lean an Coiste Forbartha Mór-Éigeandálaí (MEDC) a bhunaigh an Chomhairle mar chuid den Chreat Náisiúnta Nua do MEM dá chuid obair a chur i gcrích agus ba é Eugene Cummins (Stiúrthóir Seirbhísí) a ghníomhaigh mar chathaoirleach air. Tá an coiste ag leanúint d'ullmhúchán a dhéanamh i ndáil leis na Pleananna Oibríochta Drochaimsire agus Tuilthe agus i ndáil leis an bhFophlean maidir le hAslonnú. Rinneadh Leagan 4 de Phlean Mór-Éigeandála Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2013-2014 a uasdátú agus eisíodh go foirmiúil é sa bhliain 2013. Rinneadh aide mémoires – le haghaidh coinní tábhachtacha agus iad oiriúnach lena gcur isteach i dtiachóg – a eisiúint freisin chuig ról-sealbhóirí de chuid Phlean Mór-Éigeandála na Comhairle. D'éirigh Eugene Cummins (Stiúrthóir Seirbhísí) as a ról mar Chathaoirleach ar Ghrúpa Stiúrtha Réigiún an Iarthair maidir le Bainistíocht Mór-Éigeandálaí agus ghlac FSS Thiar an cúram sin chucu. Is é is cuspóir don ghrúpa sin ná comhordú a dhéanamh ar Bhainistíocht Mór-Éigeandálaí i limistéir na Gaillimhe, Mhaigh Eo agus Ros Comáin. Lean Grúpa Oibre MEM Thiar, ina bhfuil daoine de chuid na bPríomhsheirbhísí Éigeandála (PES) i Réigiún an Iarthair (Seirbhísí Dóiteáin Údarás Áitiúil, Rannáin Áitiúla de chuid an Gharda Síochána agus Seirbhís Otharcharr FSS Thiar) páirteach, de bheith ag oibriú faoi choimirce Ghrúpa Stiúrtha Réigiún an Iarthair maidir le MEM. Leantar de Cheannoifig Chomhairle Chontae na Gaillimhe a úsáid mar shuíomh do Lárionad Áitiúil Comhordúcháin na bPríomhghníomhaireachtaí Freagartha sin (PRA) – Comhairle Cathrach/Comhairle Chontae na Gaillimhe, FSS Thiar agus Rannán na Gaillimhe den Gharda Síochána – i gcás Mór-Éigeandálaí i limistéar Chathair na Gaillimhe agus Chontae na Gaillimhe. Rinne na Príomhghníomhaireachtaí Freagartha (PRA), lena n-áirítear Comhairle Cathrach na Gaillimhe (lena n-áirítear Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe), Rannán na Gaillimhe den Gharda Síochána, FSS Thiar (lena n-áirítear an tSeirbhís Otharcharr Náisiúnta) agus Údarás Cuain na Gaillimhe (tugtar Údarás Inniúla Áitiúla – LCA – ar na gníomhaireachtaí sin freisin) plean nua éigeandála seachtraí (EEP) do shaoráid bulc-stórála ola Topaz i nDugaí na Gaillimhe (Láithreán Shraith Uachtarach Seveso II faoi Rialachán na gComhphobal Eorpach (Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí ina bhfuil Substaintí Contúirteacha i gCeist 2006) a ullmhú agus a eisiúint in 2013 de réir mar a cheanglaítear faoi rialachán COMHDS. Rinneadh cleachtadh bairr boird, ar lena linn a díriodh ar mhórtheagmhas i dteirminéal bulc-stórála ola Topaz i nDugaí na Gaillimhe, a sheoladh i gCathair na Gaillimhe i mí Feabhra 2013.

Ina dhiaidh sin, rinne Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe, ina cáil mar PES do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus do Chomhairle Chontae na Gaillimhe, cleachtadh lánsála a chur i gcrích as saoráid Topaz. Reáchtáladh an cleachtadh ar an 2 Bealtaine 2013 i gcomhar le PRA-anna/LAC-anna eile – agus le hoibreoir Topaz – chun tástáil a dhéanamh ar an bplean nua éigeandála seachtraí. Mar chuid den chleachtadh, gníomhachtaíodh an Lárionad Comhordúcháin ar an Láithreán agus rinneadh cleachtadh ina leith. D'ullmhaigh Reidy Brophy Ltd tuarascáil neamhspleách faoin gcleachtadh (féach Fíoracha 2 agus 3).

Go luath sa bhliain 2013, fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe fógra faoi shaoráid ColdChon/Chemoran in Órán Mór, Contae na Gaillimhe, á rá gur láithreán Shraith Uachtarach COMAHDS (Láithreán Shraith Uachtarach Seveso II) é. Seoladh cruinnithe tosaigh sa bhliain 2013 idir an t-oibreoir agus na PRA-anna áitiúla (Comhairle Chontae na Gaillimhe, FSS Thiar agus Rannán na Gaillimhe den Gharda Síochána) agus cuireadh tús le hobair chun Plean Éigeandála Seachtraí a ullmhú de réir mar a cheanglaítear faoi rialachán SEVESO II. Samhlaítear go gcríochnófar an obair sin go luath sa bhliain 2014.

Lean grúpa chomtháthúcháin MEM an Chontae/na Cathrach, a bunaíodh i measc na PRA-anna i gCathair na Gaillimhe agus i gContae na Gaillimhe faoi chathaoirleacht Ciaran Hayes (Stiúrthóir Seirbhísí - Comhairle Cathrach na Gaillimhe) chun déileáil le saincheistanna i limistéar na

Cathrach/an Chontae agus, go háirithe, le himeachtaí a bhfreastalaíonn scataí móra daoine orthu, de bheith ag oibriú.

Rinneadh seisiún oiliúna do Phearsanra Lárionaid Comhordúcháin Áitiúil de chuid Chomhairle na Cathrach agus Chomhairle an Chontae a sheoladh sa Lárionad Comhordúcháin Áitiúil i bhfoirgnimh an Chontae go luath sa bhliain 2013.

Ina theannta sin, rinneadh trealamh cumarsáide raidió dhigitigh a thabhairt isteach sa bhliain 2013 chun modh slán iontaofa cumarsáide a sholáthar mar thacaíocht d'oibríochtaí Mór-Éigeandála i gCathair agus i gContae na Gaillimhe. Go sonrach, cuirfidh an trealamh feabhas ar chumarsáid idir an Lárionad Comhordúcháin Áitiúil (LCC), an Lárionad Comhordúcháin ar an Láithreán (OSCC) agus Ceannasaí Teagmhais Sheirbhís Dóiteáin agus Tarrhála na Gaillimhe.



Fíor 2 Cleachtadh Mór-Éigeandála – TOPAZ – Cuan na Gaillimhe, Bealtaine 2013



Fíor 3 Lárionad Comhordúcháin ar an Láithreán (OSCC) i nGníomh le linn Chleachtadh Mór-Éigeandála TOPAZ i gCuan na Gaillimhe i mBealtaine 2013

Cosaint Shibhialta

Bhí bliain ghnóthach ag Cosaint Shibhialta na Gaillimhe ina 5 lárionad oiliúna, i gCathair na Gaillimhe, in Órán Mór, i mBaile Locha Riach, i mBéal Átha na Sluaighe agus i gCluain Bheirn, i dtaca le gníomhaíochtaí dualgais agus oiliúint, go háitiúil agus go lárnach, sa Choláiste Cosanta Sibhialta i Ros Cré. Rinneadh clár oiliúna i gCéadchabhair i gCásanna Cairdiacha, i nGarchabhair Cheirde, i gCéadchabhair Éigeandála a sheoladh ar fud na bliana 2013. Tá 17 EMT i mbun oiliúna faoi láthair agus gheobhaidh siad a gcáilíochtaí go luath sa bhliain 2014.

D'fhreagair na haonaid go léir ar iarrataí óna bpobail chun cúnaimh a thabhairt ag imeachtaí pobail áitiúla agus, le linn na n-imeachtaí sin, chuir siad clúdach garchabhrach ar fáil chomh maith le cúnaimh eile a iarradh. Bíonn fáilte roimh bhail nua ón bpobal i gcónaí agus déanfaidh an cór teagascóirí oiliúint den chaighdeán is airde a sholáthar do gach ball.

UASMHÉADÚ A DHÉANAMH AR UILECHUIMSITHEACTH SHÓISIALTA AGUS AR RIALACHAS ÁITIÚIL

Athbhreithniú ar Chlúdach Dóiteáin agus Éigeandála Chathair agus Iarthar na Gaillimhe

Bunaíodh an grúpa seo i lár na bliana 2010 le hathbhreithniú a dhéanamh ar chlúdach dóiteáin i gCathair agus in Iarthar na Gaillimhe, agus páirt á glacadh ann ag comhaltaí ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe, ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, ó DECLG, ó Chomhairle Chontae Mhaigh Eo – CAMP West – agus ag saineolaithe seachtracha ó Chomhairle Cathrach Luimnigh agus ó Sheirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Strathclyde in Albain. Rinneadh an tAthbhreithniú ar Chlúdach Dóiteáin sa Chathair agus sa Cheantar Iartharach a chríochnú agus rinneadh an tuarascáil, mar aon le measúnú na roghanna a bhí ann, a thíolacadh don SPC Tithíochta agus Seirbhísí Éigeandála agus don Chomhairle iomlán sa bhliain 2013.

Go luath sa bhliain 2013, d'fhoilsigh an Stiúrtóireacht Náisiúnta Pleanála Dóiteáin agus Éigeandála (NDFEM) a dhoiciméad beartais don tSeirbhís Dóiteáin, is é sin, *Pobail a Choimeád Sábháilte*. Rinneadh catagóiriú tosaigh rioscaí fhearainn na 10 Stáisiún Dóiteáin i nGaillimh a ullmhú le go ndéanfadh an fhoireann bhainistíochta breithniú críochnaitheach air – de réir nósanna imeachta ‘Pobail a Choimeád Sábháilte’.

ÉIFEACHTÚLACHT AGUS ÉIFEACHTACHT EAGRAÍOCHTÚIL A UASMHÉADÚ

Caipiteal

Ní bhfuair Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe maoiniúchán caipitiúil **AR BITH** ón Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil sa bhliain 2013. Rinneadh feithicil dara lámhe a thiontú ina hAonad Ceannasaíochta Teagmhas (ICU) mar chuid den Córas Ceannasaíochta Náisiúnta Teagmhas (féach Fíor 4).



Fíor 4 Aonad nua Ceannasaíochta Teagmhas Sheirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe

SEIRBHÍSÍ ARDCHAIGHDEÁIN CUSTAIMÉARA AGUS SOLÁTHAR NA SEIRBHÍSÍ SIN A FHEABHSÚ

Seirbhís Custaiméara

Rinneadh cuntas seirbhíse custaiméara a chur ar fáil i gceanncheathrú na Seirbhíse Dóiteáin chun feabhas a chur ar sheirbhís chustaiméara agus chun slándáil an phearsanta riaracháin a áirithiú.

ACMHAINNÍ DAONNA A BHARRFHEABHSÚ

Oiliúint & Earcaíocht

Rinne Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe 2 chomhraiceoir dóiteáin nua lánaimseartha a earcú agus a oiliúint do Chathair na Gaillimhe agus fuarthas iad sin ón lucht áirithinte láithreach chun folúntais lánaimseartha a líonadh sna blianta 2013 agus 2014. I gcomhar le Seirbhís Dóiteáin Chathair Chorcaí, soláthraíodh oiliúint lánaimseartha thar thréimhse 14 seachtaine. Rinne Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe 11 chomhraiceoir dóiteáin nua áirithinte a earcú agus a oiliúint sa bhliain 2013. Tá suas go 20 comhraiceoir earcaithe ag Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe sa 2 bhliain atá imithe tharainn. Bhí oiliúint do na hiontrálaithe is déanaí ar siúl sa bhliain 2013 agus críochnófar í go luath sa bhliain 2014. Seoladh feachtas breise earcaíochta ag deireadh na bliana 2013 chun folúntais a bheidh ann de bharr scoir sa bhliain 2014 i measc an phearsanra áirithinte a líonadh.

Leanadh d'oiliúint a sholáthar go háitiúil i ngach Stáisiún Dóiteáin, agus go lánach, mar a tharla i mblianta roimhe seo de réir an chláir bhliantúil oiliúna don bhliain 2013. Bhí an líon cúrsaí oiliúna a seoladh inchomparáide fós leis an líon cúrsaí a bhí ann i mblianta roimhe seo. D'fhéach Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe lena chinntiú go ndéantar gach duine de na hoifigigh dhóiteáin, idir shóisearach agus shinsearach, agus gach duine de na comhraiceoirí dóiteáin a oiliúint de réir na dtreoirí nua atá eiseithe ag an Stiúrthóireacht Náisiúnta Pleanála Dóiteáin agus Éigeandála (NDFEM).

Beidh Treoirí Náisiúnta Caighdeánacha Oibríochta (SOG-anna), atá mar bhuntaca le measúnachtaí rioscaí cineálacha i Ráiteas Sábháilteachta Foghabhálach na Seirbhíse Dóiteáin (ASS), mar a bheadh cnámh droma ann dár gcuid pleananna i gcás an phearsanra dóiteáin ar fad sa Chathair agus sa Chontae. Bhí an chéad 30 ceann de na SOG-anna a curtha i gcrích, a bheag nó a mhór, faoi dheireadh na bliana 2012. Cuireadh tús leis an obair i ndáil le cur i gcrích na SOG-anna eile sa bhliain 2013, lena n-áirítear teagmhais sábháilteachta/tarrthála uisce agus ábhar guaiseach, agus, i gcás na n-ábhar guaiseach, bhí cúrsaí nua oiliúna ann ar fheasacht do chomhraiceoirí dóiteáin, mar aon le cúrsaí nua do shealbhóirí CPC agus d'oifigigh.

AN tAONAD COMHSHAOIL, SEIRBHÍSÍ UISCE, AGUS FORBARTHA POBAIL, FIONTRAÍOCHTA & EACNAMAÍOCHTA

Seirbhísí Comhshaoil

Sa bhliain 2013, lean an Rannóg **Seirbhísí Comhshaoil** den dul chun cinn a bhí á dhéanamh acu agus den fhorbairt ar a gclár leathan ilchineálach oibre agus rinneadh dul chun cinn suntasach i gcuid mhór príomhréimsí a bhfuil mionsonraí ina leith leagtha amach thíos.

FORBAIRT CHOTHROMAITHE AGUS INBHUANAITHE A BHAINT AMACH

BONNEAGAR BAINISTITHE DRAMHAÍOLA (EWS 4)

Tá láithreán conláiste cathartha ann i dTuaim, sa Chlochán agus i mBéal Átha na Sluaigne agus iad léasaithe le Barna Waste ar feadh tréimhse 3 bliana. Soláthraíonn an Chomhairle 90 Ionad Bainc ‘Fág Anseo’ ar fud an chontae chun gloine agus cannaí deochanna atá le hathchúrsáil a bhailiú iontu. Tá Timpeallacht na nOileán ag leanúint de scéim chomhtháite bhainistithe dramhaíola a oibriú d’Oileáin Árann, mar chuid de chomhaontú comhpháirtíochta leis an gComhairle.

CLÁR AN ÚDARÁIS ÁITIÚIL MAIDIR LE COSC AGUS LÉIRIÚ (LAPD)

Leanadh de Chlár an Údaráis Áitiúil Maidir le Cosc agus Léiriú (LAPD) a chur i bhfeidhm sa bhliain 2013 agus díródh an clár go háirithe ar chosc dramhaíola agus ar laghdú a dhéanamh ar úsáid uisce agus fuinnimh. Tá cur i bhfeidhm an chláir bunaithe ar na tionscnaimh seo a leanas:

- An Tionscnamh Gnólachta Ghlais
- An Tionscnamh Foirgnimh Phoiblí
- An Tionscnamh Pobail Ghlais
- An Tionscnamh Féilte Glasaithe
- An Tionscnamh chun Deireadh a chur le Dramhaíl Bhia

Reáchtáladh bailiú Dramhthrealaimh Leictreonaigh agus Leictrigh (WEEE) ar ócáidí éagsúla i rith na bliana.

NA RIALACHÁIN UM BAINISTIÚ DRAMHAÍOLA (FEITHICLÍ A bhFUIL A RÉ CAITE) 2006

Faoi na rialacháin seo, tá aon táirgeoir a allmhairíonn feithicil isteach sa Stát, nó a mhonaraíonn feithicil sa Stát, freagrach as déileáil go cuí leis an bhfeithicil sin, agus as an bhfeithicil sin a aisghabháil, ag deireadh a ré. Sa bhliain 2013, cláraíodh 6 tháirgeoir le Comhairle Chontae na Gaillimhe.

Tá 6 Shaoráid Chóireála Údaraithe chláraithe (ATF-anna) ann i limistéar feidhme Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Is é atá in AFT-anna ná saoráidí a ghlacann le feithicilí saor in aisce de réir fhorálacha na Rialachán um Bainistiú Dramhaíola (Feithicilí a bhfuil a Ré Caite) 2006.

NA RIALACHÁIN UM BAINISTIÚ DRAMHAÍOLA (DRAMHTHREALAMH LEICTREACH AGUS LEICTREONACH) 2005

Faoi na Rialacháin thuas, ceanglaítear ar mhiondíoltóirí glacadh le trealamh leictreach agus leictreonach ó bhail den phobal, saor in aisce, ar bhonn malairte le trealamh nua den chineál sin.

NA RIALACHÁIN UM BAINISTIÚ DRAMHAÍOLA (PACÁISTIÚ) 2007

Is é is aidhm do na Rialacháin thuas ná méadú a dhéanamh ar athchúrsáil agus ar aisghabháil dramhpacáistithe agus leagann siad oibleagáidí ar ghnóthaí a dhíolann nó a sholáthraíonn ábhar pacáistithe nó earraí pacáistithe ar mhargadh na hÉireann.

AN COMHSHAOL A CHAOMHNÚ AGUS A FHEABHSÚ

FAIREACHÁN COMHSHAOL & BEARTA FORFHEIDMIÚCHÁIN (EWS 9)

Rinneadh aon iniúchadh is seasca ar láithreáin ag a bhfuil cead dramhaíola. Suiteáladh CCTV ceilte ag trí láithreán agus suiteáladh CCTV follas ag sé láithreán. Eisíodh fógraí pionóis sheasta ag láithreáin ‘fág anseo’ agus tionscnáidh imeachtaí dlíthiúla ag dhá cheann de na háiteanna ba mheasa. Tugadh feabhsú suntasach faoi deara ag na bainc buidéal atá ann agus i ndáil le laghdú bruscair agus tá laghdú 90% taifeadta ag maoir phobail i dtaca le dumpáil neamhdhleathach ag roinnt láithreán ‘fág anseo’.

Rinneadh céad, tríocha is ocht n-iniúchadh ag láithreáin ag a bhfuil ceadúnas sceite. Rinneadh litreacha rabhaidh agus imeachtaí ionchúisimh a eisiúint de réir mar ba ghá. Tugadh laghdú suntasach faoi deara maidir leis an riosca a bhaineann le láithreáin neamhúdaráithe agus le láithreáin ag a bhfuil ceadúnas sceite ach nach mbainistítear go maith. Tar éis caingne dlí, tá ceithre láithreán sceite neamhcheadúnaithe tar éis tús a chur le hoibreacha ar an láithreán agus leis an bpróiseas ceadúnúcháin. Tá coinníollacha ceadúnais á gcomhlíonadh go hiomlán i gcás tuairim is 50% de na ceadúnais.

Seoladh feachtas oideachais don phobal i ndáil le humair sheipteacha. Rinneadh trí iniúchadh déag i limistéir ard-riosca de réir cheanglais an NIP. Tháinig méadú suntasach ar fheasacht an phobail i gcoitinne i ndáil le suíomh agus cothabháil an chórais cóireála dramhuisce ar a láithreán.

Rinneadh conarthaí i ndáil le faireachán seiceála & iniúchta agus i ndáil le faireachán amh-uisce. Bhí an clár faireacháin uisce óil á chur i bhfeidhm de réir na gceanglas faireacháin. Tógadh 892 shampla ó PWS-anna agus ó GWS-anna, idir Phoiblí agus Phríobháideach. I gcás PWS-anna, bhí ráta 99% ann i dtaca le comhlíonadh na gcaighdeán atá leagtha síos sna rialacháin maidir le huisce óil.

Rinneadh imscrúduithe mar fhreagra ar ghearáin a fuarthas ón líne Náisiúnta Dumpála Neamhdhleathaí, ó dhaoine den phobal agus ó fhoireann Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus mar fhreagra ar ábhar a fuarthas ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Cuireadh feabhas ar an gcóras bainistithe gearán agus bhí laghdú suntasach ar an líon gearán beo a bhí ann. Réitíodh 960 gearán.

Bronnadh stádas ‘Bratach Ghorm’ ar na tránna seo a leanas sa bhliain 2013.:

- An Pointe Fada, Baile Locha Riach
- Trácht, Cinn Mhara
- Trá an Dóilín, an Cheathrú Rua
- Trá Mór, Coill Rua, Indreabhán
- Trá Chill Mhuirbhigh, Inis Mór

Bronnadh Gradaim an Chósta Ghlais orthu seo a leanas:

- Cuan an Mhada, Cloch na Rón
- An Ceann Thoir, Inis Bó Finne
- Dumhach, Inis Bó Finne
- Inis Oírr, Oileáin Árann
- An Aill Bhreac, Baile Conaola
- Rinn Mhaoile.

POBAIL INBHUANAITHE A FHORBAIRT

LÁITHREÁIN THRÉIGTHE (EWS 11)

Tá 7 láithreán taifeadta i gClár na Láithreán Tréigthe faoi láthair. Baineadh 8 láithreán den chlár.

REILIGÍ (EWS 12)

Tá 234 reilig lonnaithe ar fud an Chontae. I gcomhar le cuid mhór coistí áitiúla reilige, déanann an Chomhairle oibreacha cothabhála agus feabhsúcháin.

Soláthraíodh deontas bliantúil €450 do choistí a dhéanann cothabháil ar na reiligí ina gceantair féin agus bronnadh deontas ar 164 choiste.

Rinneadh méaduithe agus oibreacha feabhsúcháin ar roinnt reiligí i rith na bliana 2013.

FEASACHT CHOMHSHAOIL AGUS OIDEACHAS (EWS 14)

Bhí Oifig Feasachta Comhshaoil páirteach i bhfeasacht ar chomhshaoil a chur chun cinn trí chruinnithe faisnéise le grúpaí pobail agus deonacha agus le coistí na mbailte slachtmhara.

Ullmhaíodh agus scaipeadh bileoga faisnéise, preaseisiúintí agus fógraíocht raidió faoi shaincheistanna a bhaineann leis an gcomhshaoil.

Tá clár na Scoileanna Glasa á chur i bhfeidhm i gcónaí agus bhí an-rath air go dtí seo agus táthar tar éis Bratach Ghlas a bhronnadh ar 180 scoil. Tá 94% de scoileanna an Chontae páirteach i gclár na Scoileanna Glasa anois.

Rinneadh na bearta seo a leanas, agus baineadh an méid seo amach, sa bhliain 2013:

- Cruinnithe faisnéise leis an bpobal, le grúpaí deonacha agus le coistí na mbailte slachtmhara.
- Scaipeadh málaí ath-inúsáidte siopadóireachta a raibh teachtaireacht in aghaidh an bhruscair le feiceáil orthu.
- Chuathas i mbun feachtais ‘Glantachán Náisiúnta Earraigh’.
- Rinneadh Pacaí Faisnéise Comhshaoil a bhaineann le bainistiú dramhaíola, le caomhnú fuinnimh agus le caomhnú uisce a fhoilsiú don earnáil tís agus don earnáil tráchtála araon.

RIALÚ AGUS LEAS AINMHITHE (EWS 16)

Rinneadh cásanna leasa ainmhithe a bhain le madraí, le heallach agus le caoirigh a imscrúdú i gcomhar leis na Gardaí, leis an Roinn Talmhaíochta agus le grúpaí leasa.

Lean an Chomhairle dá gníomhaíocht maidir le saoráidí gaibhnithe a sholáthar i dTuaim agus i mBéal Átha na Sluaighe (capaill go formhór) agus rinneadh cothabháil struchtúrach ar Ionad Gaibhnithe Bhéal Átha na Sluaighe. Rinne seirbhís tréidliachta na Comhairle idirchaidreamh leis an Aonad Tithíochta le linn an tAcht um Rialú Capall a chur i bhfeidhm.

SÁBHÁILTEACHT BHIA (EWS 17)

Déanann an Chomhairle Seirbhís Iniúchta Sláinte Poiblí Tréidliachta a sholáthar faoi théarmaí a conartha 5 bliana le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.

Tá 9 seamlas áitiúla ann sa chontae agus iad ceadaithe ag an gComhairle faoi reachtaíocht na hÉireann agus faoi reachtaíocht an AE. Déantar eallach, caoirigh agus muca a mharú sna háitribh sin faoi mhaoirseacht na Comhairle. Chomh maith leis sin, déanann an Chomhairle maoirseacht ar 9 n-áitreabh cheadaithe próiseála feola sa chathair agus sa chontae araon. Tá trí áitreabh cláraithe sa chontae chun a gcuid éanlaithe féin a mharú ar an bhfeirm.

Seirbhísí Uisce

Sa bhliain 2013, rinne an Chomhairle dul chun cinn suntasach ar roinnt mórthionscadal caipitiúil a chuirfidh tuilleadh feabhais ar an mbonneagar seirbhísí uisce sa Chontae agus a chuirfidh leis an rath eacnamaíochta amach anseo. Tá an infheistíocht leantach sin thar a bheith tábhachtach chun a chinntiú go mbeidh dóthain saoráidí cóireála séarachais ann chun an timpeallacht a chosaint agus, freisin, chun a chinntiú go mbíonn soláthar uisce ghlain inólta ar fáil i gcomhair gach cineáil forbartha. Leanann an Chomhairle de thacú le hearnáil na ngrúpscéimeanna uisce i ndáil le huasghrádú a saoráidí cóireála. I dtaca le feidhmeanna seirbhísí uisce a dhídhísiú chuig Uisce Éireann, rinne an Chomhairle obair ullmhúcháin i rith na bliana agus, i mí na Nollag, síníodh comhaontú leibhéil seirbhíse chun an fheidhm seirbhísí uisce a dhéanamh thar ceann Uisce Éireann le héifeacht ó mhí Eanáir 2014.

FORBAIRT CHOTHROMAITHE AGUS INBHUANAITHE A BHAINT AMACH

Sa bhliain 2013, cuireadh tús leis an obair ar chonradh Gréasáin Scéim Soláthair Réigiúnaigh Uisce Chasla agus tá an obair sin beagnach críochnaithe. Tá socrú ann sa chonradh maidir le príomhphíobán aníos agus príomhphíobán dáileacháin, mar aon le 2 thaiscumar nua a thógáil don scéim. Nuair a bheidh sé críochnaithe, cuirfear tús le hobair ar an gconradh le haghaidh gléasra cóireála dramhuisce DBO.



Sna pictiúir thuas, taispeántar obair thógála ag an 2 thaiscumar i gCasla.



Pictiúr de shíniú an chonartha do Chonradh Gréasáin RWSS Chasla leis an gconraitheoir ar éirigh leis, is é sin, MEIC Ltd.

Ina suí Clé go Deas: Michael Dolly, Innealtóir Sinsearach, Martina Moloney, an Bainisteoir Contae, an Comhairleoir Tom Welby, Méara na Gaillimhe, Miguel Dintinho, MEIC Ltd., Tom O'Connor, MEIC Ltd.

Ina seasamh Clé go Deas: Luke E. Waldron TOBIN, Brian Downes TOBIN, an Comhairleoir Seosamh Ó Laoi, an Comhairleoir Seán Ó Tuairisg, an Comhairleoir Eileen Mannion, an Comhairleoir Seosamh Ó Cuaig.

Tuairisciú Fuinnimh de réir I.R. 542 de 2009.

Forléargas ar Úsáid Fuinnimh sa bhliain 2013

Rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe ár gClár Gníomhaíochta Bainistíochta Fuinnimh (Energy MAP) a shaothrú go gníomhach sa bhliain 2013. Is iad seo a leanas na príomhchineálacha fuinnimh a úsáidtear sa raon seirbhísí a sholáthraímid: leictreachas (73% maidir le soláthar seirbhísí uisce, 8% maidir le hoifigí & foirgnimh eile, 13% maidir le soilsíúchán poiblí, 6% maidir le saoráidí eile), breosla iompair agus téamh dár gcuid foirgneamh agus saoráidí.

Sa tábla seo a leanas, tugtar achoimre ar chostas agus ar thomhaltas bliantúil leictreachais agus breosla ag Comhairle Chontae na Gaillimhe sa bhliain 2012:

2012 – Leictreachas – Caiteachas Iomlán Bliantúil	€3,541,835
2012 – Leictreachas – Caiteachas Bliantúil ar Sheirbhísí Uisce	€2,571,372
2012 – Leictreachas – Caiteachas Bliantúil ar Shoilsíúchán Poiblí	€463,980
2012 – Breoslaí Bóthair (díosal/peitreal/bithbhreosla) – Caiteachas Iomlán Bliantúil	€779,201
2012 – Breoslaí Téite (gás/ola/bithmhais etc) – Caiteachas Iomlán Bliantúil	€245,599
2012 – Leictreachas – kWh Iomlán Bliantúil	20,906,663
2012 – Leictreachas – kWh Bliantúil a úsáideadh ar Sheirbhísí Uisce	15,178,237

2012 – Leictreachas – kWh bliantúil a úsáideadh ar Shoilsiúchán Poiblí

2,738,773

Sa bhliain 2013, chuaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe i mbun raoin tionscnamh chun feabhas a chur ar ár bhfeidhmíocht maidir le fuinneamh, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- Bearta éifeachtúlachta fuinnimh a cuireadh i bhfeidhm sna saoráidí cóireála uisce in Uachtar Ard, i gCarna/gCill Chiaráin agus i Luimneach, rud is cúis le sábháil ionchasach bhliantúil 209,900kWh
- Suiteáil micreathuirbín gaoithe sa ghléasra cóireála uisce i gCarna/gCill Chiaráin a gceaptar ina leith go leanfaidh sábháil bhliantúil 60,700kWh as
- Scéim iarfheistiúcháin Tithíochta Sóisialta i mBéal Átha na Sluaighe, ar lena linn a críochnaíodh 134 uasghrádú. Is ionann sin agus sábháil bhliantúil 380,500 kWh i dtaca le húsáid fuinnimh tís
- Cuireadh scéim iarfheistiúcháin Tithíochta Sóisialta i bhfeidhm i 672 teach i gContae na Gaillimhe (gan Béal Átha na Sluaighe a áireamh) agus b'ionann an tsábháil bhliantúil dá bharr sin agus 2,419,200kWh i dtaca le húsáid fuinnimh tís
- Rinneadh soilsiúchán poiblí atá éifeachtach ó thaobh fuinnimh de a shuiteáil i lár bhaile Thuama, rud a shábhálfar 20,100kWh sa bhliain agus rud a laghdóidh costais chothabhála go suntasach
- I measc na n-uasghráduithe a rinneadh ar Áras an Chontae áiríodh coire gáis ard-chomhdhlúthúcháin a chur in ionad an choire ola, caidéal nua a fháil agus athchoimisiúnú caidéal teasa, rud a shábhálann suas go 38,600kWh/sa bhliain
- Suiteáladh aonaid fhótavoltacha gréine in Áras an Chontae agus ginfidh siad sin 3,200kWh/sa bhliain
- Rannpháirtíocht sa Chlár Ceantar-Bhunaithe Tithe Níos Teo agus sa chlár maoiniúcháin Pobail Fuinnimh Níos Fearr, agus leas á bhaint as maoiniúchán ón DCENR le haghaidh oibreacha iarfheistiúcháin éifeachtúlachta fuinnimh, ar nithe iad sin a raibh tarraingt anuas €255,561 san iomlán ann ina leith
- Páirt a ghlacadh san oiliúint do chlár píolótach Fheachtas Feasachta Fuinnimh an SEAI

Sa iomlán, tá 338 MWh sa bhliain á sábháil ag Comhairle Chontae na Gaillimhe mar thoradh ar na bearta sin agus ar bhearta fuinnimh eile, agus tá ionchas ann dá mbarr go mbeidh teaghlaigh in ann sábháil 280 MWh sa bhliain a dhéanamh. (1 MWh =1000 kWh)

AN COMHSHAOL A CHAOMHNÚ AGUS A FHEABHSÚ

Tá an Chomhairle ag leanúint d'infheistíocht a dhéanamh i soláthar saoráidí cóireála séarachais i dtéarmaí cáilíochta agus cainníochta araon agus, sa bhliain 2013, críochnaíodh an obair thógála i ndáil le gréasáin i sráidbhailte Bhaile an Mhuilinn agus Bhaile Chláir. Bhíothas ag fanacht ar feadh i bhfad leis an infheistíocht sa dá shráidbhaile sin agus leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh leis an gconradh anois chun Gléasraí Cóireála Dramhuisce DBO a thógáil.



Sna pictiúir thuas taispeántar obair a bhí á déanamh ar Scéimeanna Séarachais Bhaile an Mhuilinn agus Bhaile Chláir.

Rinneadh an conradh do Chonradh Gréasáin Séarachais an Chlocháin a shíniú sa bhliain 2013 agus cuireadh tús leis an obair ina leith. Tá socrú ann sa chonradh sin maidir le tógáil gréasáin nua bailithe uisce dromchla, agus maidir le hoibreacha gaolmhara, do bhaile an Chlocháin chun scaradh uisce dromchla ón ngréasán láithreach séarach a éascú. Déanfar an obair sin sula ndéanfar dara conradh a chur i bhfeidhm chun Gléasra nua Cóireála Séarachais agus córas sceite a sholáthar don bhaile.



Síniú an chonartha do Chonradh Gréasáin SS an Chlocháin leis an geonraitheoir ar éirigh leis, is é sin, Wills Bros Ltd. Ina suí ó Chlé go Deas: Martina Moloney, an Bainisteoir Contae, Charles Wills as Wills Bros Ltd, an Comhairleoir Eileen Mannion, An tAire Pilib Ó hÓgáin

Ina seasamh Clé go Deas: Michael Dolly, Innealtóir Sinsearach, Ger Gibney as Ryan Hanley, Jim Cullen, Stiúrthóir Seirbhísí Uisce & Comhshaoil

Táthar ag leanúint ar aghaidh le clár caomhnaithe uisce na Comhairle agus, i dtaca leis sin de, críochnaíodh Céim 1 agus tá Céim 2 beagnach críochnaithe. Sa bhliain 2013, rinne an Chomhairle dul chun cinn maidir le Céim 3. Maidir le hoibreacha Chuid 1 de Chéim 3, áiríonn siad athshlánú 11.2km san iomlán de phríomhphíobáin in Órán Mór, in Áth Cinn, i mBéal Átha na Sluaighe agus i mBaile Átha an Rí. Maidir le hoibreacha Chuid 2 de Chéim 3, áiríonn siad athshlánú 18.7km san iomlán de phríomhphíobáin uisce sa Cheathrú Rua, sa Spidéal, i mBaile Locha Riach agus in Inis Mór. I gcás an dá chuid de Chéim 3, cuireadh tús le hoibreacha imscrúdaithe láithreáin i rith na bliana 2013. Go dtí seo, tá éirithe go han-mhaith leis an gclár caomhnaithe uisce agus tá laghdú tagtha, dá bharr, ar na figiúirí a bhaineann le huisce gan tásc sa Chontae.

POBAIL INBHUANAITHE A FHORBAIRT

Soláthraíonn an Chomhairle tacaíocht don earnáil ghrúpscéimeanna uisce agus, mar thoradh air sin, beidh pobail in ann iad féin a chothú agus a ngnóthaí féin a bhainistiú amach anseo. Tá líon mór grúpscéimeanna uisce ann sa Chontae agus, sa bhliain 2013, ghlac an Chomhairle 35 scéim faoina cúram. Ina theannta sin, soláthraíonn an Chomhairle tacaíocht do ghrúpscéimeanna trí

fhóirdheontais atá á maoiniú ag an Roinn Comhshaoil agus, sa bhliain 2013, ba é a bhí i suim iomlán an mhaoiniúcháin sin ná €2.9 milliún. Soláthraíonn an Roinn cúnamh deontais freisin i gcomhair oibreacha sonracha cosanta foinse a dhéanann na Grúpscéimeanna Uisce. Is é is aidhm don deontas ná cabhrú le scéimeanna Plean Cosanta Foinse a sholáthar agus phróiseáil an Chomhairle roinnt deontas den sórt sin sa bhliain 2013.

TACÚ LE DAONLATHAS ÁITIÚIL AGUS É A FHEABHSÚ

Lean an rannóg Seirbhísí Uisce den obair a dhéanann Coiste Beartais Straitéisigh na Seirbhísí Comhshaoil & Uisce a éascú sa bhliain 2013 agus tionóladh cruinniú amháin i ngach ráithe agus rinneadh na míreanna beartais atá luaite thíos a scrúdú agus a bhreithniú ag na cruinnithe sin. Is féidir leis an gcoiste moltaí a dhéanamh don Chomhairle Contae tar éis na gcruinnithe.

Caomhnú Uisce

Clár Infheistíochta i Seirbhísí Uisce

Athchóiriú na hEarnála Uisce

An Clár Seirbhísí Tréidliachta

Fluairídiú Uisce

Cothabháil Reiligí

Plean Bainistithe Dramhaíola Chonnacht

Rialú a dhéanamh ar líobhógach Afracach i Loch Coirib

Fiontraíocht Pobail agus Forbairt Eacnamaíochta

Tá an tAonad Fiontraíochta Pobail agus Forbartha Eacnamaíochta freagrach as comhordú a dhéanamh ar na seirbhísí rialtais áitiúil a thairgtear don earnáil phobal, don earnáil fiontraíochta, don earnáil chultúir agus don earnáil fiontraíochta. Oibríonn an t-aonad le pobail áitiúla chun cabhrú leo feabhas a chur ar a gceantair áitiúla. Oibríonn an t-aonad le gnóthaí agus le fiontair áitiúla freisin chun fostaíocht a chruthú i gContae na Gaillimhe. Feidhmíonn an tAonad laistigh de raon leathan réimsí lena n-áirítear spórt agus cultúr, cruthú fostaíochta agus feabhsú fisiciúil ceantar áitiúil, agus Infheistíocht Dhíreach Choigríche a aimsiú agus, trí fhorbairt inbhuanaithe a dhéanamh, leas a bhaint as na féidearthachta a ghabhann lenár gcuid acmhainní nádúrtha agus feabhas a chur ar chaighdeán na beatha agus ar dheiseanna fostaíochta do na saoránaigh go léir i gContae na Gaillimhe.

FORBAIRT CHOTHROMAITHE AGUS INBHUANAITHE A BHAINT AMACH

Oibríonn an tAonad mar phríomhphointe teagmhála i dtaca leis an ngnó a dhéantar laistigh de Chomhairle Chontae na Gaillimhe. I measc na dtionscnamh a chuir an tAonad i bhfeidhm sa bhliain 2013 chun forbairt eacnamaíochta agus cruthú fostaíochta a chur ar aghaidh, áirítear an méid seo a leanas:

Tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh/imeachtaí trína dtugtar spreagadh i leith Fiontraíochta agus seimneáir faisnéise faoi dheiseanna maoiniúcháin do chruthú fostaíochta sa Chontae a sholáthar do ghnóthaí agus do phobail.

Tacaíocht a thabhairt don tionscnamh líonraithe gnó, MEET WEST, sa bhliain 2013 agus bhí 300 cuideachta agus tuairim is 350 toscaire i láthair thar thréimhse 2 lá.

Tacaíocht d'imeachtaí a sholáthraíonn ionad margaidh do Chuideachtaí de chuid na Gaillimhe (Aontaí Bia, Margaí Feirmeoirí/Baile) i.e. margadh ÁITIÚIL na Nollag i nGaillimh, margadh Táirgeoirí i mBaile Chláir, Seo Garraíodóireachta agus Féile Bhia na Gaillimhe.

Tacaíocht a thabhairt do Thóstal 2013 i gContae na Gaillimhe. Rinneadh tacaíochtaí maoiniúcháin agus poiblíochta a sholáthar do chuid mhór de na himeachtaí sin. Bhí os cionn 100 imeacht pobail tóstail ann sa Chontae i rith na bliana.

Seoladh trí imeacht shuaitheanta i gContae na Gaillimhe: Féile Idirnáisiúnta Iománaíochta Aer Lingus/Etihad Airways, Teacht le Chéile Aquinas i Leitir Fraic agus Tóstal Dheireadh Fómhair Bhéal Átha na Sluaighe. Bhí Féile Iománaíochta Aer Lingus ar an ngearrliosta i gcomhair Ghradam 'Tóstal Contae na Bliana' a bhronn Comhlachtaí Tráchtála na hÉireann i leith 'Sármhaitheas sa Rialtas Áitiúil'.

Chun tacú leis an Turasóireacht, rinneadh féilire imeachtaí ar líne a chothabháil ag www.galway.ie. Bhí os cionn 500 imeachta a bhí ann liostaithe san fhéilire imeachtaí. Ina theannta sin, rinneadh féilire clóite de na himeachtaí a bhí ann i gContae na Gaillimhe a fhoilsiú sa bhliain 2013.

D'infheistigh Comhairle Chontae na Gaillimhe os cionn €100,000 sa bhliain 2013 i scéimeanna éagsúla trína ndearnadh Gaillimh a chur chun cinn mar ionad cuairteoirí i rith Bhliain an Tóstail. Mar chuid den infheistíocht sin, áiríodh ócáidí poiblíochta thar lear ag Féile na hÉireann in Milwaukee, ag an bhFéile Fiona agus Bia in Anjou sa Fhrainc agus ag Taispeántas d'Ealaín na Gaillimhe in Oifig Choiste na Réigiún sa Bhruiséil. Ina theannta sin, thacaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe le hiarrachtaí margaíochta i gcás féilte agus imeachtaí ar leithligh.

An Tionscnamh ‘Déanta i nGaillimh’. Tháinig méadú go dtí 250 gnó ar an líon úsáideoirí cláraithe ar ‘Déanta i nGaillimh’. Ghnóthaigh an tionscnamh seo Gradam Chomhlachais Tráchtála na hÉireann, Sármhaitheas sa Rialtas Áitiúil, 2013 i gcomhair Seirbhísí do Ghnóthaí. Lean an líon cuairteoirí ar an láithreán gréasáin de bheith ag dul i méid agus tá leathanach facebook agus cuntas twitter bunaithe chun feachtas ar an tionscnamh a mhéadú. Fuarthas spás taispeána faoin mbranda ‘Déanta i nGaillimh’ in Oifig Choiste na Réigiúin sa Bhruiséal, ag an bhFéile Fíona agus Bia in Anjou sa Fhrainc, ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta 2013, ag Féile Bhia na Gaillimhe agus ag Féile Gharraíodóireachta Bhaile Chláir. D’oibrigh an tAonad le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh, freisin chun taithí praiticiúil a thabhairt do mhic léinn margaíochta i ndáil leis an tionscnamh ‘Déanta i nGaillimh’ a chur chun cinn.

D’oibrigh Comhairle Chontae na Gaillimhe le Forbairt Tuaithe na Gaillimhe, le Fóram Chonamara agus le Comhdháil na nOileán chun clár forbartha na hearnála bia a chur i bhfeidhm don bhliain 2013. Ina theannta sin, chuir an Chomhairle tús le gréasán geallsealbhoirí san earnáil bhia chun an earnáil sin a fhorbairt tuilleadh i gContae na Gaillimhe.

Éascaíodh rannpháirtíocht Chomhairle Chontae na Gaillimhe i dtionscadal INTERREG IVc, GRISI plus, arb é atá i gceist leis ná dea-chleachtas maidir le Forbairt Tuaithe a chomhroinnt i gceantair thuaithe na hEorpa.

Éascaíodh rannpháirtíocht Chomhairle Chontae na Gaillimhe i dtionscadal Limistéar an Atlantaigh, APC, arb é atá i gceist leis ná forbairt a dhéanamh ar an Earnáil Fuinnimh In-Athnuaite Mhuirí sna réigiúin feadh chósta Atlantach na hEorpa.

Oibríodh in éineacht leis an tionscnamh ConnectIreland chun a chinntiú go mbeadh pobail de chuid na Gaillimhe páirteach sa ghné phobail dá gclár chun Infheistíocht Dhíreach Choigríche a mhealladh go hÉirinn.

Thacaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe le gníomhaíochtaí eacnamaíochta agus fiontraíochta i bpobail ar fud Chontae na Gaillimhe trí infheistíocht níos mó ná €150,000 a dhéanamh i dtionscadail a bhí á gcur i bhfeidhm ag Comhlachais Tráchtála i mBailte Chontae na Gaillimhe, i dtionscadail/in imeachtaí Turasóireachta Pobail, agus i Lárionaid Fiontraíochta faoi Bhainistíocht Phobail.

AN COMHSHAOL A CHAOMHNÚ AGUS A FHEABHSÚ

Fuair na ceantair seo a leanas gradaim sa bhliain 2013 i gcomórtas náisiúnta na mBailte Slachtmhara:

Buaiteoirí Boinn Cré-Umha

- Cumann Forbartha na Mainistreach
- Milltown (Co Galway) Development Co Ltd

Ardmholadh

- Coiste Bailte Slachtmhara Mhuine Mheá

Gradaim Iarrachta

- Bailte Slachtmhara Chreachmhaoile

D’eagraigh an tAonad seisiún teagaisc do na ceantair rannpháirteacha agus sheol Comhairle Chontae na Gaillimhe Fáiltiú Cathartha do na ceantair a bhí rannpháirteach sa Chomórtas Náisiúnta. Leithroinneadh maoiniúchán €50,000 sa bhliain 2013 chun tacú le gníomhaíochtaí Grúpaí Bailte Slachtmhara ar fud an Chontae. Forlónadh an maoiniúchán sin le cineálacha éagsúla tacaíochta ó oifigí ceantair Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

POBAIL INBHUANAITHE A FHORBAIRT

Rinne an tAonad an méid seo a leanas sa bhliain 2013:

- Tugadh tacaíocht do Choiste Comhtháthaithe & Éagsúlachta Chontae na Gaillimhe chun forbairt a dhéanamh ar straitéis cúig bliana maidir le Comhtháthú (2013 go 2017) a seoladh i Leabharlann Órán Mór i Márta 2013.
- Eagraíodh grúpa foghlama, agus é bunaithe ar Ghaillimh, chun bheith rannpháirteach i dtionscnamh SONETOR de chuid an AE, ar tionscnamh é a raibh Ollscoil Luimnigh i gceannas air agus a bhí beartaithe chun foghlaim chreidiúnaithe ar líne a chur chun cinn d'fhonn pobal AE d'Idirghabhálaithe Cultúir a chruthú.
- Bhíothas i gceannas ar an bhfochoiste idirghníomhaireachta ar Shláinte agus Rochtain ar Sheirbhísí faoin gCoiste Comhtháthaithe agus cuireadh tús le gníomhartha maidir le hoiliúint agus rochtain ar fhaisnéis faoin straitéis.
- Leanadh de thacaíocht a thabhairt d'Fhóram Idirchultúir Chontae na Gaillimhe agus de mhaoiniúchán deiseanna líonrúcháin a aimsiú le go bhféadfadh an Fóram idirghníomhú le Fóram Pobail an Chontae agus le líonraí agus fóraim eile sa chomharsanacht.
- Leanadh de bheith ag obair le scoileanna agus le heagraíochtaí óige chun na 6 líonra óige áitiúla de chuid Chomhairle na nÓg a fhorbairt tuilleadh ar leibhéal Toghlímistéir. Éascaíodh cruinniú choiste Chontae na Gaillimhe de Chomhairle na nÓg agus an Cruinniú Ginearálta Bliantúil a seoladh in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, ar an 26 Deireadh Fómhair 2013. Ghlac os cionn 200 duine óg as gach cuid den Chontae páirt sna himeachtaí éagsúla a d'eagraigh Comhairle na nÓg agus rannchuidigh siad leis an taighde a rinneadh chun Leabhrán Scileanna Staidéir a ullmhú, ar leabhrán é atá le seoladh sa bhliain 2014.
- Tugadh tacaíocht d'ócáid bhliantúil 'Speak Out' Nuálaithe Sóisialta Óga san Óstán Ardilaun ar ócáid í ar lena linn a labhair daoine óga as scoileanna i gCathair agus i gContae na Gaillimhe faoi na saincheisteanna sóisialta is díol spéise dóibh.
- Tugadh tacaíocht d'Inis Oírr chun páirt a ghlacadh i gcomórtas bliantúil LivCom 2013 sa tSín agus d'éirigh leo dhá chatagóir a bhuachan.

Chuir Comhairle Chontae na Gaillimhe tionscadail i bhfeidhm trí úsáid a bhaint as Ciste Tairseach agus Mol Thionól Réigiúnach BMW/ERDF chun tionscadail fuinnimh inbhuanaithe a chur i bhfeidhm i dTuaim sa bhliain 2013. Ina measc sin, áiríodh athfheistiú *Millars House*, suiteáil an CHP i Linn Snámha Thuama agus forbairt tionscadal *SMARTER Transport* in ionaid éagsúla ar fud an bhaile.

UASMHÉADÚ A DHÉANAMH AR UILECHUIMSITHEACHT SHÓISIALTA AGUS AR RIALACHAS ÁITIÚIL

D'infheistigh Comhairle Chontae na Gaillimhe €200,000 i bpobail sa Chontae trí Dheontais Tacaíochta Pobail. Sa bhliain 2013, leithroinneadh an maoiniúchán sin do níos mó ná 200 tionscadal pobail.

Lean an t-aonad de thionscadail uilechuimsitheachta sóisialta a chur i gcrích i raon leathan spriocghrúpaí.

D'éirigh le hiarratas a rinneadh sa bhliain 2013 ar Mhaoiniúchán AE chun lánpháirtíú a dhéanamh i ndáil le Náisiúnaigh Trú Tír. Déanfar an lánpháirtíú sin i gcomhar le roinnt eagraíochtaí eile.

Cuireadh tús le hobair ar bhunú an Choiste Forbartha Pobal Áitiúil (LCDC) sa bhliain 2013 agus bhí roinnt cruinnithe ann le geallsealbhoirí lena n-áirítear an DECLG agus le cuid de na príomhdhreamanna eile agus, chomh maith leis sin, leis na Grúpaí Gníomhaíochta Áitiúla agus le Fóram Pobail agus Deonach Chontae na Gaillimhe.

Chríochnaigh an t-aonad an próiseas tacaíochta do na Grúpaí Gníomhaíochta Áitiúla agus chuaigh siad i dteagmháil leis an aonad tithíochta mar chuid den phróiseas chun a chinntiú go raibh oibreacha na nGrúpaí Gníomhaíochta Áitiúla comhlántach le hobair an aonaid.

Tá an tAonad Uilechuimsitheachta Sóisialta ina chuid den Aonad agus bhí sé freagrach as na nithe seo a leanas sa bhliain 2013:

- Eagraíodh Seachtain na hUilechuimsitheachta Pobail 2013. Bhí os cionn 40 imeacht ann ar fud an Chontae chun suntas a thabhairt do shaincheisteanna uilechuimsitheachta sóisialta agus chun pobail a cheiliúradh. Ullmhaíodh bróisiúr dátheangach chun cabhrú le cur chun cinn na seachtaine.
- Ullmhaíodh 2 nuachtlitir uilechuimsitheachta sóisialta agus rinneadh faisnéis uilechuimsitheachta sóisialta a choimeád cothrom le dáta ar an Inlíon & ag www.galway.ie.
- Rinneadh an tSeachtain Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh a chur chun cinn i Meán Fómhair 2013.
- Rinneadh tuarascálacha ar thorthaí Daonáirimh a ullmhú do Chontae na Gaillimhe agus iad bunaithe ar Dhaonáireamh 2011.
- Rinneadh an feachtas maidir le Béarla atá intuigthe don ghnáthdhuine a chur chun cinn go himmheánach i measc Fhoireann Chomhairle Chontae na Gaillimhe.
- Tugadh cúnamh i ndáil le forbairt Chlár Chathair & Chontae na Gaillimhe a Thacaíonn le Daoine Breacaosta. Éascaíodh cruinnithe de chuid Chomhairle na nDaoine Scothaosta. Sa bhliain 2013, rinneadh méid mór oibre i ndáil leis an gclár 'Contae Aoischaírdiúil' agus tá sé beartaithe bailchríoch a chur ar na gníomhartha agus an Straitéis Aoischaírdiúlachta a sheoladh sa bhliain 2014.
- Tugadh cúnamh i ndáil leis an bhfeile 'Bealtaine 2013' a eagrú, a fhorbairt agus a sheoladh. Ullmhaíodh bróisiúr chun na himeachtaí a chur chun cinn.
- Éascaíodh 4 chruinniú de chuid Ghrúpa Idirghníomhaireachta Lucht Siúil Chontae na Gaillimhe.
- Comhordaíodh Seachtain Mhórtas an Lucht Siúil (20 – 26 Bealtaine) thar ceann Ghrúpa Idirghníomhaireachta an Lucht Siúil. Fuarthas €3,200 ón Roinn Dlí agus Cirt. Rinneadh imeachtaí amhail léig shacair sráide, comórtas dornálaíochta, seisiúin cheoil, maidin chaife a sheoladh chun ról an Lucht Siúil ina bpobail féin agus i sochaí na hÉireann ina hiomláine a cheiliúradh
- Eagraíodh Gradaim an Mhéara 2013 a seoladh i mí na Samhna. Bronnadh aon ghradam déag i rith oíche na ngradam i réimsí amhail spórt, ealaíona, oidhreacht, uilechuimsitheacht shóisialta, gníomhaíocht eacnamaíochta, comhshaol agus oibrí deonach na bliana.
- Rinneadh obair an Choiste SIM (Bearta Uilechuimsitheachta Sóisialta) a éascú lena n-áirítear comhordú a dhéanamh ar thacaíocht an Bhoird Forbartha Contae do phleananna na gcuideachtaí forbartha áitiúla i gContae na Gaillimhe.
- Tugadh tacaíocht do choistí eile atá páirteach i gníomhaíochtaí uilechuimsitheachta sóisialta amhail Meitheal Idirghníomhaireachta LGBT agus Homestart.

D'éascaigh an t-aonad cruinniú amháin de chuid an Bhoird Forbartha Contae sa bhliain 2013.

Rinne Comhordaitheoirí RAPID i dTuaim agus i mBéal Átha na Sluaighe seirbhísí leanúnacha comhairleacha bainistíochta tionscadail a sholáthar do ghníomhaireachtaí agus do phobail. D'éascaigh Comhordaitheoirí RAPID Foirne Feidhmithe Ceantair (AIT) RAPID agus foghrúpaí ina raibh meascán gníomhaireachtaí agus ionadaithe pobail páirteach chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le Pleananna Straitéiseacha ar Shábháilteacht Phobail & Iompar Frithshóisialta, ar Oideachas, ar Fhostaíocht & Oiliúint, agus ar an gComhshaol Fisiciúil agus tugadh cúnamh maidir le maoiniúcháin a aimsiú chun torthaí a sholáthar.

- Rinneadh Tionscadail Chomhpháirtíochta Áitiúla Spóirt sa dá cheantar RAPID a chur i gcrích le cabhair ó Chiste na gCuntas Díomhaoin.
- Rinneadh dul chun cinn maidir leis na gníomhartha comhaontaithe atá ann i gClár Eacnamaíochta Bhéal Átha na Sluaighe.
- Díríodh ar shaincheisteanna Fostaíochta & Oiliúna i mBéal Átha na Sluaighe agus i dTuaim agus rinneadh tacaíochtaí a sholáthar dóibh siúd a raibh dífhostaíocht i ndán dóibh trí iad a chur i dteagmháil le fostóirí.
- I dTuaim, tríd an ngrúpa *Training Matters*, rinneadh éascaíocht le go bhféadfadh 80 duine cúrsaí lánaimseartha agus cúrsaí páirtaimseartha i gCúram Sláinte & Sóisialta a chríochnú, agus, dá bharr sin freisin, bhí 25 aosach eile in ann cúrsa Leibhéal 7 a dhéanamh i bhFiontraíocht agus Forbairt Pobail, ar cúrsa é a rinneadh i dTuaim ach a bhí creidiúnaithe ag Institiúid Teicneolaíochta Bhail Átha Luain.
- Rinne RAPID Thuama foireann *Silver Comedy* a thabhairt as Sasana go Tuaim agus go hÉirinn den chéad uair. Chuaigh Bainisteoir *Silver Comedy* agus beirt fhuirseoirí cleachta i mbun 2 sheisiún fuirseoireachta in Áras Mhuire (Aonad Banaltrais Pobail an HSE i dTuaim) agus i dTeach

Banaltrais Greenpark do níos mó na 300 duine, idir chónaitheoirí agus dhaoine a fhreastalaíonn ar lárionaid lae.

- I dTuaim, fuair dhá thionscnamh beagscála Foréigin Baile tacaíocht ó GRD de réir thosaíochtaí AIT agus an Fhoghrúpa Tacaíochta Teaghlaigh.
- Le linn na Seachtaine Náisiúnta Áineasa i mí an Mheithimh, sheol Leabharlann Thuama Clár Léitheoireachta an tSamhraidh, sheol RAPID Éide Spóirt do Scoileanna agus do Phobail atá á bhainistiú, thar ceann RAPID agus na Comhpháirtíochta Spóirt, trí Chlár Críochnaithe Scoile Thuama, agus, i Béal Átha na Sluaighe, sheol Obair d'Ógra Éireann a leabhrán "*Consulting with Young People*" in Oifigí Cathartha Bhéal Átha na Sluaighe.
- Lean an Fóram Feabhsaithe Pobail a bunaíodh le déanaí i dTuaim de bheith ag teacht le chéile chun cumainn chónaitheoirí agus a gcuid ionadaithe a chur i dteagmháil le hOifig Thithíochta LA agus le daoine tábhachtacha de chuid gníomhaireachtaí eile amhail Tacaíocht Teaghlaigh HSE, GRETB, WRTDF agus dreamanna eile agus rinne Comhordaitheoir RAPID éascaíocht ina leith sin. Rinneadh tionscadail nua a bheadh le cur i gcrích sa bhliain 2014 a shainithint.
- Tá Cumann Lucht Siúil agus Forbartha Idirchultúir an Iarthair ag leanúint de Gharraithe Scóir Pobail Thuama, ar tionscnamh píolótach garraithe scóir sa Chontae é, a fhorbairt tuilleadh i gcomhar le Cónaitheoirí Parkmore agus le tacaíocht ó RAPID, ón Aonad Tithíochta agus ón Aonad Comhshaoil i bhfoirm mhaoiniúchán Local Agenda 21.
- D'oibrigh Comhordaitheoirí RAPID leis an nGníomhaireacht Forbartha Áitiúla d'Oirthear na Gaillimhe (GRD) lena chinntiú go dtabharfaí tús áite do cheantair RAPID Bhéal Átha na Sluaighe agus Thuama le linn pleananna comhaontaithe a chur i bhfeidhm. Sa bhliain 2013, rinneadh 10 dtionscadal a chur ar aghaidh i gceantar RAPID Bhéal Átha na Sluaighe agus rinneadh 15 cinn a chur ar aghaidh i gceantar Thuama.

TACAÍOCHT A THABHAIRT DO CHULTÚR UATHÚIL CHONTAE NA GAILLIMHE

Sa bhliain 2013, rinneadh Comhpháirtíochtaí Spóirt Chathair agus Chontae na Gaillimhe a chumasc agus rinneadh an t-eintiteas nua, ar a dtugtar Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe, a sheoladh ar an 7 Deireadh Fómhair 2013.

I rith na bliana 2013, rinne Comhpháirtíocht Spóirt an Chontae an méid seo a leanas:

- Aimsíodh maoiniúchán ó Chomhairle Spóirt na hÉireann agus ó ghníomhaireachtaí eile chun leanúint d'obair na Comhpháirtíochta sa bhliain 2013.
- Faoi dheireadh mhí Eanáir 2013, bhí bailchríoch curtha ar an gcumasc le Comhpháirtíocht Spóirt na Cathrach.
- Leanadh de chroíghníomhaíochtaí Chomhairle Spóirt na hÉireann a chur i gcrích go háitiúil, is iad sin, Buntús, Cód Eitice, Mná sa Spórt, *Girls Active*.
- Tugadh tacaíocht do Rás Chonamara sa bhliain 2013
- Sa bhliain 2013, tugadh tacaíocht d'Imeachtaí Tóstail a raibh baint acu le spórt.
- Eagraíodh rás 10k Chomhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe sa bhliain 2013.
- Rinneadh tionscadail '*Meet & Train*' a chur i bhfeidhm faoin tionscnamh 'Mná sa Spórt'.
- Soláthraíodh oiliúint mhíchumais d'fhoireann lárionaid fóillíochta sa chontae chun a chumasú dóibh éascaíocht a dhéanamh ar mhaithe le daoine faoi mhíchumas ina gcuid bunachas.
- Cuireadh Comhpháirtíocht chun cinn trí nuachtlitir, an láithreán gréasáin agus na meáin áitiúla.
- Soláthraíodh an clár 'Buntús Start' i gcomhar le coiste Cúraim Leanaí Chathair & Chontae na Gaillimhe chun rochtain luath ar spóirt a spreagadh.
- Bunaíodh clár oiliúna foirne, 'Lárionaid Gníomhaíochta Fisiciúla', chun cabhrú leis an bhfoireann freastal ar dhaoine os cionn 55 bliana d'aois.
- Leanadh den chlár '*Link2BActive*' a chur chun cinn.
- Bunaíodh clár '*Goal to Work*' i gcomhar le Comhlachtaí Ceannais Náisiúnta eagraíochtaí Cluichí Gaelacha, Sacair, Rugbaí agus Cispheile/Eitpheile chun oiliúint a thabhairt do dhaoine

atá dífhostaithe lena chumasú dóibh teacht chun bheith ina dtraenáilaithe níos fearr i dtaca lena réimse áirithe oilteachta spóirt.

Seo a leanas achoimre ar na gníomhaíochtaí sa bhliain 2013:

• Cúrsaí/Gníomhaíochtaí a Rinneadh	• An Líon Rannpháirtithe
• Cód Eitice (18 gcúrsa)	376 dhuine de chuid clubanna
• Buntús (20 scoil)	140 múinteoir
• Cúrsaí d'Oifigigh Leanaí (4 cinn)	25
• SAQ	45
• Feasacht ar Uilechuimsitheacht/Mhíchumas sa Spóirt	18
• Lúthchleasaíocht Halla Scoile	4 scoil
• Garchabhair (2 chúrsa)	24
• 10k Chomhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe	
• Clár Gníomhaíochta Tar Éis Ama Scoile	6 scoil

Oifig Ealaíon na Gaillimhe

Sa bhliain 2013, lean an Oifig Ealaíon de sheirbhís ardchaighdeán a sholáthar chun na healaíona agus gníomhaíochtaí cultúir agus eacnamaíochta cruthaithí a chothú agus a fhorbairt i gContae na Gaillimhe. Le blianta beaga anuas, tá béim nua á leagan ar fhorbairt na heacnamaíochta cruthaithí chun fostaíocht a chothú agus tuilleadh fostaíochta a chruthú in earnáil na cruthaitheachta. Soláthraíonn an Oifig Ealaíon faisnéis agus comhairle do ghrúpaí pobail, d'ealaíontóirí aonair, do chomhaltaí tofa agus do rannóga eile de chuid na Comhairle maidir le gníomhaíochtaí ealaíon agus oibríonn sí i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí príobháideacha agus le heagraíochtaí poiblí atá ag oibriú san earnáil seo.

- Rinneadh €60,000 a infheistiú i bpobail ar mhodh Deontas agus Gradam Ealaíon.
- Tugadh tacaíocht maidir le forbairt agus cur chun cinn gníomhaíochtaí nua ealaíon ar thaobh 20 ealaíontóir a bhfuil cónaí orthu sa Chontae trí €16,000 a infheistiú i ndáil le Dámhadh Sparánachtaí d'Ealaíontóirí Aonair.
- Tugadh tacaíocht maidir le rochtain agus forbairt tionscadal i Saoráidí Sláinte Poiblí, i Scoileanna agus i bPobail agus oibríodh le grúpaí óige i mbaol trí úsáid a bhaint as scannáin, as amharc-ealaíona agus as amharclannaíochta i gcomhpháirtíocht le grúpaí poiblí agus grúpaí pobail eile agus trí leas a bhaint as maoiniúchán €78,000 ón gComhairle Ealaíon
- Rinneadh forbairt Chlár Ealaíon Pháirc na Cúile a chur chun cinn i gcomhpháirtíocht leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus le grúpaí áitiúla chun feabhas a chur ar úsáid a bhaintear as an tsaoráid seo in Oirdheisceart na Gaillimhe.
- Rinneadh clár iomlán gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm i ndáil le healaíona óige agus ealaíona & oideachas.
- Soláthraíodh clár Oiliúna maidir le Comhionannas do Dhaoine faoi Mhíchumais i réimse na nEalaíon i nGaillimh.
- I gcomhar le Comhairle Cathrach na Gaillimhe, rannchuidigh an tAonad leis an ullmhúchán a rinneadh i gcomhair na tairisceana i leith stádas cathrach cruthaithí UNESCO i réimse na scannánaíochta.

- Rinneadh clár iomlán tionscadal Aoischairdiúlachta do dhaoine scothaosta a chur i gcrích, lena n-áirítear Bealtaine & Tionscadail *Burning Bright*.
- Tugadh cúnaimh i ndáil le hullmhú fheidhmchlár na Comhpháirtíochta Oideachais Ceoil.

Tugann forbairt an gheilleagair chruthaithigh deiseanna do Chontae na Gaillimhe agus leanann Comhairle Chontae na Gaillimhe de thacaíocht a thabhairt do ‘*Screen West*’, ar tionscnamh láithreáin gréasáin agus margaióchta é a dhéanann éascaíocht don lucht déanta scannán teacht chuig an Iarthar chun léiriúcháin a dhéanamh - www.screenwest.ie.

D’eagraigh an tAonad Oíche Cultúir thar ceann Chontae na Gaillimhe. Fuarthas maoiniúchán €9,000 ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht & Gaeltachta chun imeachtaí a mhaoiniú ar fud an Chontae. Bhí 35 imeacht Oíche Cultúir ann ar fud Chontae na Gaillimhe.

ÉIFEACHTÚLACHT AGUS ÉIFEACHTACHT EAGRAÍOCHTÚIL A UASMHÉADÚ

Sa bhliain 2013, rinneadh na tacaíochtaí pobail/deontais phobail go léir a sholáthraíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe a riaradh ar mhodh comhordaithe. Is iad na nithe a bhí i gceist ná scéimeanna deontais oidhreacht, scéimeanna deontais pobail agus scéimeanna deontais ealaíon.

Tá athbhreithniú á dhéanamh ag an aonad ar leithroinnt na hoibre le linn dó déileáil le cláir agus scéimeanna nua. Sa tuarascáil dar teideal ‘Tús Áite do na Daoine’ áirítear tograí lena dtabharfar ról suntasach don Rialtas Áitiúil i ndáil le forbairt Fiontraíochta agus Eacnamaíochta agus i ndáil le forbairt Coiste nua Forbartha Pobail Áitiúil a éascú i réimse na forbartha áitiúla agus, dá bharr sin, tá athbhreithniú á dhéanamh ag an Aonad ar a struchtúr. Tá an tAonad ag obair in éineacht le haonaid eile de chuid na Comhairle i ndáil le cláir éagsúla de réir mar atá leagtha amach thuas agus leanfar den obair sin.

SEIRBHÍSÍ ARDCHAIGHDEÁIN CUSTAIMÉARA AGUS A SOLÁTHAR

Rinneadh gach cruinniú/imeacht a d’eagraigh an tAonad a sheoladh in ionaid atá oiriúnach do riachtanais daoine atá faoi mhíchumas. Leanann an tAonad d’fheachtas Béarla atá intuigthe don ghnáthdhuine a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil doiciméid a ullmhaíonn an t-aonad ar fáil i bhfriotal agus i bhformáid atá inrochtana ag gach uile dhuine. Leanann an tAonad de chruinnithe a eagrú lasmuigh de ghnáthuaire oifige chun freastal ar riachtanais pobal agus saoránach. Ciallaíonn sé sin go ndéantar tromlach na gcruinnithe/n-imeachtaí/gceardlann a sheoladh sa tráthnóna agus ag an deireadh seachtaine. Déanann foireann an Aonaid na seirbhísí seo lasmuigh de ghnáthuaire oibre a sholáthar gan aon chostas breise a bheith ann.

ACMHAINNÍ DAONNA A BHARRFHEABHSÚ

Coimeádann an tAonad an leibhéal céanna seirbhíse ar bun d’ainneoin laghdaithe ar an líon foirne. Oibríonn gach duine den fhoireann ar na cláir go léir ionas gur féidir buanseirbhís a sholáthar ar fud na bliana. Baineann an tAonad leas as clár JobBridge agus as cláir eile sonrúcháin poist chun taithí ar an láthair oibre a sholáthar agus chun tacú le hobair thionscadail na croífhoirne.

AN tAONAD SEIRBHÍSÍ PLEANÁLA & FORBARTHA INBHUANAITHE AGUS SEIRBHÍSÍ ACMHAINNÍ DAONNA

PLEANÁIL AGUS FORBAIRT INBHUANAITHE

Sa bhliain 2013, lean an tAonad Pleanála & Forbartha Inbhuanaithe den fhorbairt laistigh den chontae a chur chun cinn, agus de thacaíocht a thabhairt ina leith sin, sa chaoi gur féidir lenár gcustaiméirí maireachtáil i bpobail bheoga, is é sin, áiteanna ina gcuirtear luach ar dhifríochtaí cultúrtha agus ina dtugtar spreagadh i leith difríochtaí den sórt sin, inar féidir le gach duine a bheith páirteach sa saol geilleagrach, sóisialta agus cultúrtha, agus ina bhfuil rochtain ag daoine ar leibhéal inghlactha seirbhísí agus bonneagair.

FORBAIRT CHOTHROMAITHE AGUS INBHUANAITHE A BHAINTE AMACH

PLEANÁIL CHUN CINN

- Rinneadh na Leasuithe ar Phlean Ceantair Áitiúil na Gaeltachta 2008-2018 a ghlacadh i Márta 2013.
- Rinneadh Plean Ceantair Áitiúil Mhaigh Cuilinn 2013-2019 a ghlacadh i Meán Fómhair 2013.
- Rinneadh na Leasuithe ar Phlean Ceantair Áitiúil an Chlocháin 2009-2015 a ghlacadh i Márta 2013.
- Rinneadh Plean Ceantair Áitiúil an Ghoirt 2007-2017 a ghlacadh i mí Iúil 2013.
- Sa bhliain 2013, cuireadh tús le próiseas athbhreithnithe an Phlean Ceantair Áitiúil do bhaile Phort Omna.
- Sa bhliain 2013, leanadh den obair ar Mheasúnacht Straitéiseach Riosca Tuilithe Chontae na Gaillimhe agus ar an scagadh gaolmhar i ndáil leis an Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus ar an Treoir maidir le Gnáthóga.
- Rinneadh athbhreithniú ar Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2009-2015 a thosú i mBealtaine 2013. Bhí Páipéar ar Shaincheisteanna Cúlra ar taispeáint go poiblí ón Déardaoin, an 2 Bealtaine 2013, go dtí an Déardaoin, an 27 Meitheamh 2013 (go huile), agus fuarthas 54 Aighneacht. Rinne an Chomhairle Chontae Tuarascáil an Bhainisteora ar na haighneachtaí Réamh-Dhréachta a bhreithniú ar an 21 Deireadh Fómhair 2013.

AN RANNÓG BAINISTITHE FORBARTHA

Rinneadh 1420 Iarratas Pleanála a thíolacadh don Oifig Pleanála sa bhliain 2013.

Rinneadh 1233 chinneadh pleanála sa bhliain 2013.

Fuarthas €464,723 sa bhliain 2013 ar mhodh Táillí Pleanála.

Fuarthas €43,673 sa bhliain 2013 ar mhodh díolachán sa siopa léarscáileanna.

BEARTA FORFHEIDHMIÚCHÁIN

Tá sé mar bheartas ag Comhairle Chontae na Gaillimhe comhlíonadh Ceadanna Pleanála a áirithiú agus cosc a chur ar Fhorbairt Neamhúdairithe de réir na gceanglas reachtúil atá leagtha amach san Acht um Pleanáil agus Forbairt agus sna Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt.

An líon gearán a fuarthas sa bhliain 2013	299
An líon Litreacha Rabhaidh a seirbheáladh	193
An líon Fógraí Forfheidhmiúcháin a seirbheáladh	126
An líon cásanna nua a cuireadh chuig an nGníomhaire Dlí agus chuig Aturnaetha seachtracha le haghaidh Imeachtaí Achoimre	84

RIALÚ FOIRGNÍOCHTA

Fuarthas 379 bhfógra tosaithe sa bhliain 2013 agus rinne an tOifigeach Rialaithe Foirgníochta 124 iniúchadh ar fhorbairtí nua chun comhlíonadh na Rialacháin Foirgníochta a áirithiú.

GLACADH FAOI CHÚRAM

Lean an tAonad d'fhaireachán agus de phróiseáil a dhéanamh ar iarratais ar Ghlacadh Eastát Tithíochta faoi Chúram de réir na dtreoirilínte dar teideal 'Forbairtí a Ghlacadh faoi Chúram'. Táthar tar éis bunachar sonraí ina bhfuil 398 n-eastát de chuid an Chontae a thiomsú d'fhonn stádas reatha gach ceann de na heastáit sin a shuíomh agus d'fhonn eastáit a chur in ord tosaíochta a mhéid a bhaineann le Glacadh faoi Chúram.

Glacadh 9 n-eastát faoi chúram sa bhliain 2013.

Fuarthas 13 iarratas nua sa bhliain 2013 maidir le Glacadh faoi Chúram.

Lean foireann an aonaid Rialaithe Foirgníochta de bheith ag obair leis an Roinn Comhshaoil, leis an Údarás Sláinte & Sábháilteachta agus le forbróirí agus iad ag féachaint le deireadh a chur le rioscaí sábháilteachta atá ann ar eastáit neamhchríochnaithe. Rinneadh gach eastát neamhchríochnaithe a léarscáiliú ar MyPlan (córas na Seirbhíse Eolais don Phleanáil Náisiúnta in Éirinn).

OIDHREACTH

Le linn na bliana 2013, lean an Chomhairle Contae lena cuid oibre chun feasacht, eolas agus léirthuisicint ar bhithéagsúlacht a chur chun cinn. Oibríonn an tOifigeach Oidhreachta chun spéis, oideachas, eolas agus mórtas i dtaca le hoidhreacht Chontae na Gaillimhe a chur chun cinn. Seo a leanas roinnt tionscadal ar tugadh fúthu sa bhliain 2013:

Tionscadal Oidhreachta Loch Deirgeirt

Seoladh bróisiúr Loch Deirgeirt, aip don iphone, podchraoladh agus leabhrán acmhainní oideachais le haghaidh an locha. Chuathas i mbun Iniúchadh ar an Rian Oidhreachta Nádúrtha agus rinneadh Iniúchadh Athbhreithnithe ar oibreacha atá déanta go dtí seo. Cuireadh tús le tiomsú téacs do leabhar 'bord caife'.

Conair Oidhreachta Eaglasta do Chonamara

Leanadh den Iniúchadh ar Oidhreacht Eaglasta sa bhliain 2013, i dtaca le Conamara de, agus rinneadh doiciméadú agus cruthaíodh bunachar sonraí maidir leis an saothar saibhir ealaíne atá ann sna heaglaisí.

Tionscadal an Chomhairleora Séadchomharthaí Allamuigh (FMA)

Is é atá sa ról atá ag an gComhairleoir Séadchomharthaí Allamuigh ná comhairle agus faisnéis a sholáthar faoi shéadchomharthaí allamuigh. Ceantar Shliabh Eachtaí agus Chinn Mhara a roghnaíodh don bhliain 2013.

An Tionscadal Bithéagsúlachta

Tá an tionscadal seo á oibriú mar chomhpháirtíocht idir an Chomhairle Contae, tríd an Oifig Oidhreachta, agus an tAonad Éiceolaíochta Feidhmí, OÉ, Gaillimh, i gcomhar le Forbairt Tuaithe na Gaillimhe agus Fóram Oidhreachta Chontae na Gaillimhe, agus faightear tacaíocht ina leith ón gComhairle Oidhreachta agus ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe chun dul i mbun tionscadal amháil tuilleadh Pleananna Gníomhaíochta bithéagsúlachta a sholáthar do bhailte agus do shráidbhailte sa chontae, chun straitéis a fhorbairt maidir le speicis ionracha, chun bainistíocht caomhantais reiligiú a dhéanamh i gcás líon áirithe reiligiú agus chun clár oideachais agus feasachta a sholáthar do phobail sa chontae. Rinneadh paca dátheangach Oideachais do Scoileanna a ullmhú do Renville Park.

Clár Oibreacha Caipitiúla do Mhúrtha Bhaile Átha an Rí—

Fuarthas maoiniúchán ón gComhairle Oidhreachta agus ceadú ón Aire i gcomhair an tionscadail chaipitiúil seo. Bhí obair na bliana 2013 dírithe ar na múrtha ar an taobh thoir den bhaile gar don Túr Thoir Theas. I measc na n-oibreacha a rinneadh, áiríodh taifeadadh riocht na mballaí, agus grianghrafadóireacht choigeartaithe á húsáid, ullmhú tuarascálacha seandálaíochta agus dul i mbun oibreacha caomhantais.

Múrtha Bhaile Átha an Rí – An Tionscadal Leagáide

Ba é a bhí sa Tionscadal Leagáide ná tionscadal feasachta agus scoileanna a forbraíodh chun méadú a dhéanamh ar an eolas agus ar an tuiscint ar oidhreacht shaibhir Bhaile Átha an Rí i measc na leanaí atá ag freastal ar na bunscoileanna i mBaile Átha an Rí agus i measc cuairteoirí ar Lárionad Oidhreachta Bhaile Átha an Rí. Tháinig na leanaí chun bheith ina nAmbasadóirí Sóisearacha Oidhreachta thar ceann Bhaile Átha an Rí agus d'oibrigh seandálaí áitiúil agus Grúpa Ceardaíochta Bhaile Locha Riach leis an dá scoil áitiúla chun múnlaí de roinnt foirgneamh oidhreachta de chuid Bhaile Átha an Rí agus paca ‘Ambasadóir Sóisearach Oidhreachta’ a ullmhú do gach leanbh ar leith. Mar chuid den tionscadal seo, seoladh ceardlann ghrianghrafadóireachta ar lena linn a taispeánadh do na rannpháirtithe conas taispeántas a chur le chéile ar bheagán airgid agus cuireadh a gcuid grianghraf ar taispeáint i Lárionad Oidhreachta Bhaile Átha an Rí le linn Sheachtain na hOidhreachta; bhí sráideanna, múrtha agus foirgnimh, agus codanna d’fhoirgnimh, Bhaile Átha an Rí le feiceáil ar na grianghraif sin.

Lá na mBailte Múrtha i mBaile Átha an Rí—

Tháinig breis agus 2500 duine chuig an imeacht seo agus bhí sé ar siúl Dé Domhnaigh, an 18 Lúnasa. Ba é ab aidhm don lá ná oidhreacht shaibhir Bhaile Átha an Rí a chur ar taispeáint. D’fhreastail roinnt Ambasadóirí Sóisearacha Oidhreachta ar Lá na mBailte Múrtha i mBaile Átha an Rí agus bhí a gcuid múnlaí ar taispeáint i Lárionad Oidhreachta Bhaile Átha an Rí. Bhí grianghraif Cheardlann Ghrianghrafadóireachta ‘The Legacy’ a seoladh i mí an Mheithimh ar taispeáint go poiblí an lá sin.



Pictiúir a glacadh ar Lá na mBailte Múrtha i mBaile Átha an Rí

Imeachtaí Pobail

Tugadh cúnamh, comhairle agus tacaíocht do líon mór imeachtaí Baile agus Pobail sa bhliain 2013.

I mí Iúil, bhí imeacht bliantúil ‘*Aughrim Remembered*’ ann agus, i mí Mheán Fómhair, seoladh an t-imeacht mórélímh ‘Féile na gCloch’ in Inis Oírr agus d’fhreastail os cionn 65 rannpháirtí as gach cearn den domhan ar an gceardlann seo a bhain le ballaí cloiche.

Bhí cuid mhór imeachtaí Oidhreachta ann i rith Sheachtain na hOidhreachta i mí Lúnasa.

De bhreis air sin, bhí imeachtaí ann in áiteanna éagsúla ar fud na bliana: Seimineár Staire Áitiúla, Comhdháil Chuimhneacháin i mBaile Locha Riach i mí na Samhna, Taifeadadh Reiligí agus Béaloidis agus Comhdháil ina leith, Comhdháil ‘Tuam 400’ agus Comhdháil na Gráige.

Ina theannta sin, leanadh de Léarscáiliú Digiteach a dhéanamh ar Reiligí an Chontae agus de Thionscadal Scoile ‘Beo’ i gcomhar le DERI. Bhí Gradaim an Mhéara ann i mí na Samhna.

Tugadh comhairle agus treoir do dhaoine aonair, do Scoileanna agus do ghrúpaí ar fud na bliana freisin.

Comórtas an Mhíle Órga -

Reáchtáladh oíche na nGradam in Óstán Bhaile Chláir ar an 17 Nollaig 2013 agus seoladh Féilire an Mhíle Órga le linn shearmanas na nGradam.



Míle Órga 2013: Gradaim

Buaiteoir Foriomlán & Gradam na Scoile is Fearr: Scoil na Maighdine Muire gan Smál, Camas



Seoladh Fhéilire an Mhíle Órga 2014

Tom Madden, Cathaoirleach Galway Rural Development Co. Ltd, an Méara Liam Carroll, Méara Chontae na Gaillimhe.



Faighteoirí Ghradam na hOidhreachta Foirgnithe is Fearr – Grúpa Míle Órga Clostoken



Faighteoirí Ghradam na hOidhreachta Nádúrtha is Fearr - Aughrim Community Development Co. Ltd.



Faighteoirí Ghradam na hIarrachta Pobail is Fearr & na Bainistíochta Bruscair –Coiste Míle Órga Chorr an Locha, Baile Liam

CAOMHNÚ AILTIREACHTA

Lean Comhairle Chontae na Gaillimhe den reachtaíocht reachtúil atá leagtha amach i gCuid IV den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) a chur i bhfeidhm, ar reachtaíocht í lena ndéantar foráil maidir le cosaint na hoidhreachta ailtireachta ar acmhainn uathúil í do Chontae na Gaillimhe. Áiríodh san obair sin comhairle a sholáthar do ghníomhaireachtaí reachtúla, do phobail áitiúla agus d'úinéirí agus d'áititheoirí foirgneamh agus áiteanna ag a bhfuil fiúntas speisialta ailtireachta.

Sa bhliain 2013, lean an tAonad Caomhantais d'fheasacht a chur chun cinn i ndáil le foirgnimh stairiúla agus áiteanna stairiúla agus i ndáil leis na scileanna traidisiúnta agus na hábhair is gá chun a chinntiú go dtiocfaidh siad slán sa todhchaí. Rinneadh dea-chleachtas a chur chun cinn i gcaomhnú agus i scileanna traidisiúnta trí na tionscadail chaomhantais éagsúla agus i gcomhar le comhlachtaí náisiúnta, grúpaí pobail agus úinéirí/áititheoirí foirgneamh a bhfuil sainspéis ag baint leo.

Seo a leanas roinnt gníomhaíochtaí a bhí ann sa bhliain 2013:

- Tugadh tuairimí agus comhairle faoi iarratais phleanála i gcomhair oibreacha ar Dhéanmhais Chosanta agus i gcomhair oibreacha laistigh de Limistéir Chaomhantais Ailtireachta, agus tugadh comhairle d'úinéirí agus d'áititheoirí déanmhas stairiúil maidir le dea-chleachtas agus maidir le cúnaimh atá ar fáil i gcomhair caomhantais den sórt sin, lena n-áirítear cúnaimh airgeadais.
- Bhí comhairliúcháin réamhphleanála ann agus tugadh comhairle maidir le caomhnú ailtireachta do dhaoine laistigh den údarás áitiúil agus do chomhlachtaí reachtúla agus do chomhlachtaí neamhreachtúla.
- Rinneadh measúnacht ar dhéanmhais sa Taifead ar Dhéanmhais Chosanta d'fhonn Dearbhuithe a eisiúint i dtaobh oibreacha nach mór cead pleanála a bheith ann maidir leo agus tugadh comhairle réamhphleanála d'úinéirí/d'áititheoirí.
- ***Rinneadh iniúchadh agus measúnú ar dhéanmhais atá le cur sa Taifead ar Dhéanmhais Cosanta, lena n-áirítear moltaí an Aire i leith Fhardal Náisiúnta na hOidhreachta Náisiúnta.***
- Rinneadh bunachar sonraí AIS déanmhas cosanta a chothabháil, lena n-áirítear mionsonraí úinéirí a uasdátú, ar bunachar sonraí é a bhfuil sonraí Fhardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta (NIAH) san áireamh ann.
- Rinneadh measúnachtaí ar Limistéir Chaomhantais Ailtireachta (ACA) mar chuid d'athbhreithniú ar an bPlean Forbartha Contae.
- Rinneadh ullmhú codanna iomchuí de chuid Pleananna Ceantair Áitiúil a chur i gcrích.
- Rinneadh fógraíocht faoi Chiste na nDéanmhas i mBaol, cuireadh iniúchtaí i gcrích agus rinneadh moltaí don Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus d'éirigh le hiarratas amháin a rinneadh sa réimse seo.
- Rinneadh Coiste Sócmhainní Stairiúla a bhunú trí Sheirbhísí Corparáideacha. Chun athúsáid foirgneamh stairiúil atá faoi chúram na Comhairle a chur chun cinn, bhí idirchaidreamh ann le Grúpaí Gníomhaíochta Áitiúla LEADER (LAG-anna) maidir le maoiniúchán agus le grúpaí pobail maidir le léasanna etc.
- Rinneadh idirchaidreamh le grúpaí pobail agus le comhlachtaí reachtúla maidir le caomhnú reiligí agus cuireadh suirbhéanna i gcrích maidir leis an riocht ina bhfuil reiligí.
- Rinneadh idirchaidreamh le Europa Nostra maidir leis an tionscnamh dar teideal Áit S'Againne, ar tionscadal píolótach uile-Eorpach é.
- Rinneadh idirchaidreamh le pobail maidir le Bailte Slachtmhara.
- Glacadh páirt Open House Galway (Féile Ailtireachta na Gaillimhe) i gContae na Gaillimhe.



Teach Solais Inis Oírr



Raford House



Teach Micí Phití, Inis Oírr



Dún Guaire, Cinn Mhara



Caisleán Phort Omna



Bookeen Hall, Cill Tulach.

Cuid de na rannpháirtithe in Open House Galway – Féile Ailtireachta na Gaillimhe – a bhí ann sa tréimhse 10-13 Deireadh Fómhair 2013

TACAÍOCHT A THABHAIRT DO CHULTÚR UATHÚIL CHONTAE NA GAILLIMHE

Mar chuid de thionscnamh ‘An Tóstal’, d’oibrigh an Rannóg Oidhreachta le dhá phobal, i mBéal Átha na Sluaighe agus in Uachtar Ard, chun féilte ‘Hidden Heritage’ a eagrú. Ba dheiseanna iontacha iad sin chun tuilleadh a fhoghlaim faoi oidhrecht shaibhir na Gaillimhe agus chun léargas níos fearr a fháil ar an gcontae ó thaobh na geolaíochta, an tírdhreacha, na seandálaíochta, na staire agus na ndaoine de.

Bhí Féile Tóstail Uachtar Ard ar siúl thar dheireadh seachtaine i mí Aibreáin 2013 agus seoladh sraith cainteanna ina n-áirítear ‘*Geological Heritage of Connemara*’, ‘*Emigration from Connemara in the Nineteenth Century*’, ‘*Oughterard’s Heritage on the web*’, ‘*Connemara Emerging to modernity*’, ‘*Connemara Local History Sources available in Island house Library*’, ‘*300 Years of Connemara Gardening Heritage*’, ‘*Engineering Heritage of Connemara*’, ‘*Early history of Oughterard*’, ‘*Connemara Landed Estates*’ agus ‘*Archival Sources in Galway county Council Archives*’.

Bhí Féile Tóstail Bhéal Átha na Sluaighe, ‘*An Slua Mór – the Hidden Heritage of East Galway*’ sa tréimhse 18-20 Deireadh Fómhair 2013. Bhí cainteanna ann thar an deireadh seachtaine agus, ina measc sin, áiríodh ‘*From Poverty to Prosperity*’:

Assisted Emigration from East Galway in the Nineteenth Century, ‘*A Journey Through Time – A look at the rich archaeological heritage of East Galway*’ ‘*The herdsmen of East Galway in the nineteenth century*’, ‘*The Great Famine in the Oral Tradition of East Galway*’ agus ‘*Upheaval in East Galway 1916-1922*’, gan trácht ar chainteanna eile. Bhí an t-imeacht seo ar cheann de roinnt imeachtaí a bhí ann i mBéal Átha na Sluaighe chun Tóstal 2013 a cheiliúradh. D’éirigh go han-mhaith le turas bus ‘oidhrecht faoi cheilt’ i dtús mhí Dheireadh Fómhair 2013 (mar chuid d’imeachtaí Tóstail Bhéal Átha na Sluaighe) agus, lena linn sin, fuair daoine buneolas faoi Lárionad Léirmhíniúcháin Chath Eachroma, faoi Mhainistir Chluain Tuaiscirt, faoi Lárionad Tithe na mBocht in Éirinn, Port Omna, faoi Mhainistir Phort Omna agus faoi ardeaglais iontach agus baile Bhaile Locha Riach, ar codanna iad sin go léir den oidhrecht faoi cheilt atá ar fáil i nGaillimh chun sult a bhaint astu agus tuiscint a fháil orthu.

Tugann comhdhálacha den chineál seo deis an-mhaith dúinn tuilleadh a fhoghlaim faoinár n-oidhrecht shaibhir agus, chomh maith leis sin, léargas níos fearr a fháil ar an gcontae ó thaobh na geolaíochta, an tírdhreacha, na seandálaíochta, na staire agus na ndaoine de. Tá súil agam go mbainfidh sibh go léir sult mór as na 3 lá agus go n-éireoidh libh dul ag fánaíocht chun spléachadh a fháil ar ár mbaile iontach.

D’oibrigh an Rannóg Oidhreachta leis an *Old Tuam Society* chun imeachtaí a eagrú chun ceiliúradh a dhéanamh ar stair Eaglasta Thuama mar chuid de ‘*Tuam 400*’. Reáchtáladh Seimineár dar teideal ‘*Glimpses of Tuam through the Centuries*’ ar an 28 Meán Fómhair 2013.

D’oibrigh an Rannóg Oidhreachta i gcomhairle le Oral History Ireland agus le *Clarinbridge Heritage* chun Ceardlann Oiliúna Staire Béal agus Béaloidis dar teideal ‘*Spreading the Word - how to use your Local History and Folklore Collections*’ a sholáthar ar an 18 Bealtaine 2013 i mBaile Chláir. Bhí tuairim is 50 toscaire ann ar an lá.

SEIRBHÍSÍ ARDCHAIGHDEÁIN CUSTAIMÉARA AGUS SOLÁTHAR NA SEIRBHÍSÍ SIN A FHEABHSÚ

SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ

Leanann an tAonad Pleanála agus Forbartha Inbhuanaithe de shársheirbhís a sholáthar do chustaiméirí d’ainneoin acmhainní laghdaithe a bheith ann.

Tá clinicí pleanála á seoladh fós uair amháin sa tseachtain in Áras an Chontae.

Rinne an tAonad cumarsáid leis an bpobal trí leas a bhaint as meáin éagsúla amhail nuachtáin, raidió áitiúil, an láithreán gréasáin agus ríomhphost agus trí úsáid a bhaint as an gcóras ar líne do thuairimí ó chustaiméirí.

Bhí ceardlanna poiblí ann i mBéal Átha na Sluaighe, i dTuaim, i mBaile Locha Riach, sa Chlochán agus sa Cheathrú Rua i rith mhí Bhealtaine/an Mheithimh 2013 chun Réamhdhréacht de Phlean Forbartha an Chontae a phlé.

TACÚ LE DAONLATHAS ÁITIÚIL AGUS É A FHEABHSÚ

AN COISTE BEARTAIS STRAITÉISIGH

Tháinig Coiste Beartais Straitéisigh an Aonaid Pleanála agus Forbartha Inbhuanaithe le chéile 4 huaire sa bhliain 2013.

I measc na bpríomh-shaincheisteanna beartais a pléadh i rith na bliana, áirítear na nithe seo a leanas:

- Athbhreithniú ar Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe
- Pleananna Ceantair Áitiúil
- Cairéil
- Fuinneamh Gaoithe
- Eastáit Tithíochta Neamhchríochnaithe
- Rialú Foirgníochta

ACMHAINNÍ DAONNA

Tugann an Roinn Acmhainní Daonna tacaíocht do Bhainisteoirí Líne agus d'Fhostaithe chun gur féidir leo cuspóirí corparáideacha agus cuspóirí gnó Chomhairle Chontae na Gaillimhe a bhaint amach go héifeachtúil agus go héifeachtach. Cuireann sí timpeallacht dhearfach oibre chun cinn, déanann sí bainistíocht ar phleanáil maidir leis an bhfórsa saothair, ar oiliúint agus ar fhorbairt na foirne, agus ar earcú foirne, tá sí freagrach as na beartais agus na nósanna imeachta maidir leis an bhfoireann, idir reachtúil agus neamhreachtúil, a chur i bhfeidhm, coimeádann sí caidreamh cobhsaí tionscail ar bun chun timpeallacht oibre atá cothrom, comhchomhairleach agus tacúil a chruthú laistigh den Chomhairle.

Téann an Roinn Acmhainní Daonna i dteagmháil go réamhghníomhach leis an bhfoireann maidir le forbairt phearsanta agus forbairt ghairme daoine den fhoireann a chur chun cinn agus, ar an dóigh sin, cumasaítear dóibh barr a n-acmhainne a bhaint amach agus ról a bheith acu i ndáil le cuspóirí straitéiseacha agus cuspóirí gnó na Comhairle a bhaint amach.

ÉIFEACTÚLACHT AGUS ÉIFEACTACHT EAGRAÍOCHTÚIL A UASMHÉADÚ

Caidreamh Tionscail

Tá sé mar bheartas ag an Roinn Acmhainní Daonna dea-chaidreamh tionscail a chothú ag an leibhéal corparáideach agus lean sé sin ar aghaidh le linn na bliana 2013. Rinneadh gach iarracht ceisteanna a bhain leis an bhfoireann a réiteach chomh luath agus ab fhéidir ar bhealach oscailte, comhoibritheach le Ceadchumainn agus trí phróiseas na Comhpháirtíochta san Ionad Oibre.

Comhaontú Bhóthar Haddington, Iúil 2013 – Iúil 2016

Tháinig Comhaontú Bhóthar Haddington in éifeacht ar an 1 Iúil 2013 agus rinneadh na hathruithe seo a leanas mar thoradh air:

- Athruithe ar na gnáthuaire oibre
- Athruithe ar na rialacha a bhaineann le ragobair i gcás fostaithe taobh istigh agus taobh amuigh
- Athruithe ar Incrimintí
- Athruithe maidir le laghdú ar thuarastail fostaithe a thuilleann níos mó ná €65,000 agus
- Athruithe ar rátaí na nAsbhaintí a bhaineann le Pinsin.

Tá athstruchtúirí leanúnach agus athshannadh dualgas curtha i gcrích ar fud na Comhairle chun aird a thabhairt ar laghduithe foirne agus ar an ngá le seirbhísí criticiúla a coimeád ar bun. De réir mar a thagann laghdú ar acmhainní, idir acmhainní daonna agus acmhainní airgeadais, tá tús áite tugtha ag an gComhairle do shannadh foirne agus meastar go bhfuil táirgeacht mhéadaithe bainte amach. Ní féidir cainníochtú a dhéanamh go héasca ar an táirgeacht sin ach, d'ainneoin na laghduithe ar an líon foirne, leanadh ar aghaidh leis an gcuid is mó de na cláir. D'imir an laghdú ar an líon foirne tionchar ar chumas na Comhairle chun seirbhísí a sholáthar ach rinneadh an tionchar ionchasach a mhaolú trí thoilteanas agus trí sholúbthacht na foirne atá fágtha oibriú de réir na dtosaíochtaí seirbhíse atá leagtha amach agus caighdeán arda seirbhíse a choimeád ar bun.

Leas na Foirne

Aithníonn Comhairle Chontae na Gaillimhe nach bhfuil san obair ach gné amháin de shaol ár bhfostaithe agus tá an Roinn Acmhainní Daonna freagrach as raon beartas agus sásraí tacaíochta a cheapadh agus a cur i bhfeidhm chun cabhrú leis an bhfoireann an chothromaíocht idir an obair agus an gnáthshaol a bhainistiú.

Déanann an Roinn Acmhainní Daonna an scéim phá breoiteachta a bhainistiú agus éascaíonn sí soláthar Cláir neamhspleách maidir le Cúnamh d'Fhostaithe. Tá rochtain ag gach duine san eagraíocht ar an gClár Cúnamh d'Fhostaithe atá á sholáthar ag Laya Healthcare. Is seirbhís comhairle é sin atá saor in aisce, rúnda agus neamhspleách agus tá sé ann chun cúnamh a thabhairt do gach duine d'fhoireann na Comhairle maidir le haon saincheist de chineál oibre, teaghlaigh nó pearsanta. Tá an tseirbhís ar fáil freisin do dhaoine de chuid teaghlaigh baill foirne.

Tá roinnt Scéimeanna a Thacaíonn le Teaghlaigh ag Comhairle Chontae na Gaillimhe agus tá mionsonraí fúthu sin ar fáil ar láithreán gréasáin inlín na Comhairle agus go díreach ón Roinn Acmhainní Daonna, agus cuirtear in iúl do gach fostaí nua iad. Le linn na bliana seo, bhain 492 dhuine den fhoireann leas as beartais a thacaíonn le teaghlaigh lena n-áirítear an Scéim um Bliain Oibre níos Giorra, an Scéim um Shaoire do Thuismitheoirí, an Scéim um Chomhroinnt Oibre, Sosanna Gairme, an Scéim um Rothaíocht chun na hOibre, an Scéim Pas Taistil, Saoire Force Majeure, Saoire Atruach, Saoire Atharthachta agus Scrúdaithe.

Aoisliúntas

Tá an tAonad Aoisliúntais freagrach as taifeadadh a dhéanamh i leith seirbhíse i gcás gach duine ar leith den fhoireann agus as ríomh agus socrú a dhéanamh i ndáil le hóc na dteidlíochtaí Aoisliúntais atá ag foireann Údaráis Áitiúla Chontae na Gaillimhe. Ina theannta sin, déanann sé meastachán ar theidlíochtaí a sholáthar do dhaoine den fhoireann, ach iad a iarraidh, fíoraíonn sé seirbhís roimhe seo, cinneann sé teidlíochtaí i leith blianta breise gairmiúla agus easláinte agus déanann sé measúnú ar iarratais ar cheannach seirbhíse barúlaí agus ar luachanna aistrithe.

Sa bhliain 2013, chuaigh sé fhostaí is fiche lánaimseartha agus beirt fhostaí pháirtaimseartha ar scor ó sheirbhís Chomhairle Chontae na Gaillimhe. D'éirigh triúr eile de chuid na foirne páirtaimseartha as oifig agus iad i dteideal íocaíochtaí Aisce a fháil.

Bhain deichniúr duine den fhoireann leas as an Scéim Iomarcaíochta Saorálaí agus chuaigh seachtar díobh sin ar scor roimh an 31 Nollaig 2013.

Ba mhaith le Lucht Bainistíochta agus le Foireann na Comhairle an deis seo a ghlacadh chun buíochas a ghabháil leo siúd ar fad a chuaigh ar scor as na blianta de sheirbhís dhílis a thug siad agus as an tiomantas a léirigh siad do Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

Earcú Foirne

Is fostóir comhionannais deiseanna í Comhairle Chontae na Gaillimhe agus tá sí tiomanta i leith timpeallacht oibre atá sábháilte agus tacúil a sholáthar, áit a gcaitheann daoine le chéile le dínit agus meas. Rinne an Roinn Acmhainní Daonna próiseáil ar iarratais ar phoist éagsúla le linn na bliana 2013. Fógraíodh folúntais sna nuachtáin áitiúla agus/nó náisiúnta agus chomh maith leis sin ar láithreáin ghréasáin na Comhairle agus na bPost Rialtais Áitiúil: www.galwaycoco.ie; www.localgovernmentjobs.ie. Chomh maith leis sin, bhí roinnt deiseanna ardaithe céime ann laistigh den Chomhairle agus eagraíodh agallaimh le go líonfaí na poist sin. San iomlán, reáchtáladh 21 chomórtas earcaíochta le linn na bliana agus cuireadh 206 iarrthóir faoi agallamh i gcomhair na bpost éagsúil agus ceapadh 69 nduine. De bhreis air sin, ceapadh 25 Gharda Tarrthála Trá i rith mhíonna samhraidh na bliana 2013. Tugadh 4 Bhuanfhostaí de chuid na foirne (2 x Innealtóir Feidhmiúcháin, 2 x Innealtóir Cúnta) ar iasacht do Chlár Uisce Éireann sa bhliain 2013. Chomh maith leis sin, tugadh 2 Fhostaí Shealadacha de chuid na Foirne (1 x SRE, 1 x RE) ar iasacht do Chlár Uisce Éireann sa bhliain 2013.

Sheol an Rialtas Scéim Náisiúnta Intéirneachta nua ar an 1 Iúil 2011 mar chuid dá chlár tionscnaimh jabanna. Ina cáil mar Ósteagraíocht, leanann Comhairle Chontae na Gaillimhe de bheith ag éascú Sonrúchán Intéirneachta faoin Scéim Náisiúnta Intéirneachta agus rinne sí rannpháirtíocht daichead intéirneach a éascú sa bhliain 2013. Chuaigh ochtar duine i mbun sonrúchán oibre dhá sheachtain faoi chlár ionaid oibre FÁS. Sa bhliain 2013, cuireadh tús le scéim sonrúcháin oibre na nÚdarás Áitiúil Tairsí i gComhairle Chontae na Gaillimhe agus leanadh ar aghaidh léi isteach sa bhliain 2014.



Ó Chlé go Deas ar Lá Ionductaithe na nIntéirneach


Ó Chlé go Deas: Michael Wall, Teicneoir Sibhialta, an Roinn Pleanála agus iar-intéirneach, Comhairle Chontae na Gaillimhe; James Martin, Intéirneach Sláinte & Sábháilteachta, Bóithre & Iompar; Enda Corbett, Intéirneach Sláinte & Sábháilteachta, Bóithre & Iompar; Bríd Dooley, SEO, an Roinn Acmhainní Daonna; Daniel Butler, Intéirneach Innealtóireachta Sibhialta/Meicniúla, Bóithre & Iompar; Brendan Feerick, Intéirneach Anailísithe Fála, an Roinn Airgeadais; an Comhairleoir Liam Carroll, Méara agus Cathaoirleach Chomhairle Chontae na Gaillimhe; Davina Kelly, Intéirneach Cartlainne agus Bainistíochta Taifead, Bóithre & Iompar; Barry Anderson, Intéirneach Innealtóireachta Sibhialta/Meicniúla, Bóithre & Iompar; Gennaro D'onofrio, Intéirneach Innealtóireachta Sibhialta agus Ailtireachta; Bóithre & Iompar; Kevin Kelly, Stiúrthóir Seirbhísí; Kerrie Dixon, Intéirneach Cartlainne agus Bainistíochta Taifead, Seirbhísí Corparáideacha.



Earcaithe na Seirbhíse Dóiteáin, 2013
 Ó Chlé go Deas: Kevin Kelly, Stiúrthóir Seirbhísí; FF Luke Casserley, Seirbhís Dóiteáin Áirithinte Chathair na Gaillimhe, FF Eoin Mahony, Stáisiún Dóiteáin Bhaile Locha Riach; FF Michael Carey, Stáisiún Dóiteáin an Chlocháin; FF Brendan O'Brien, Stáisiún Dóiteáin Phort Omna; FF Jason Coll, FF Liam O'Brien agus FF Eoin Rooney, Stáisiún Dóiteáin Bhaile Átha an Rí; FF Jamie Ward, Stáisiún Dóiteáin Bhéal Átha na Sluaighe; FF Vincent Heffernan, Stáisiún Dóiteáin an Chlocháin; Brid Dooley, Oifigeach Sinsearach Feidhmiúcháin, an Roinn Acmhainní Daonna.

Foghlaim agus Forbairt

An Líon Iomlán Laethanta Oiliúna sa bhliain 2013	2742
An Líon Iomlán Cúrsaí Oiliúna/Seimineár ar freastalaíodh orthu	435



Oiliúint de réir Catagóire Seimineár/Comhdhálacha 15% Scileanna Gnó 18% Scileanna Teicniúla 9%
 Maoirseacht Ceannaireacht Bainistíocht 6% Scileanna TFC 4% Oideachais Foirne 2% Sláinte & Sábháilteachta 46%

Márta 2013 – Ionadaithe Nua-Thofa Sábháilteachta a rinne Cúrsa Oiliúna 3 Lá Leibhéal 5 Fetac d’Ionadaithe Sábháilteachta



Ó Chlé go Deas:

Eugene Crehan, Cothabháil Tithíochta; Ciaran O’Donnell, an Rannóg I.S.; Rob Moughty, Seirbhís Dóiteáin Chathair na Gaillimhe; John Ryan, Teicneoir Sinsearach Feidhmiúcháin (Sláinte agus Sábháilteacht); Julianne Gavin, Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta; Johanna Roche, Oifigeach Oiliúna, Seamus Hanley, Hanley Consulting; Noel Divilly, an Clós Innealra; James Murphy, Párolla; Joe O’Reilly, Seirbhís Dóiteáin Thuama (Áirithinte); P.J. Lynch, Seirbhís Dóiteáin Phort Omna (Áirithinte);. (Ar iarraidh ón ngrianghraf: Eamon Coyle, Oifig Cheantair Thuama)

Bealtaine 2013 – Tugann an tAonad Oiliúna Soghluaiste Spáis Theoranta Cuairt ar Ghléasra Cóireála Uisce Luimnigh

I mí Bhealtaine 2013, tháinig an t-aonad Soghluaiste Spáis Theoranta go Luimneach. Cumasaíonn an t-aonad soghluaiste do Chomhairle Chontae na Gaillimhe ceanglais Sláinte & Sábháilteachta a chomhlíonadh gan laethanta táirgeachta a chailliúint nuair atá fostaithe ar shiúl ón láthair. Tugann an t-ionsamhlóir dúshlán don fhoireann i leith tuiscint a fháil ar na rioscaí a bhíonn ann i spáis theoranta amhail cáilíocht aeir, gáis indóite, fuinneamh stóráilte, guaiseacha fisiciúla agus comhshaoil, so-ionramháilteacht agus éalú. Fuair 22 Fhostaí Oiliúint Spáis Theoranta sa bhliain 2013.



Fuair 22 Fhostaí oiliúint spáis theoranta sa bhliain 2013.

Ó Chlé go deas, san Aonad Oiliúna Spáis Theoranta i Luimneach; Patsy O’Donnell Shor Control Safety; Michael Duane; Ciaran Conneely; Padraic Monaghan; Joseph McEvoy; Paul Leonard; Vincent McDonagh; Kevin Larkin; Declan Fitzpatrick

Meán Fómhair 2013 – Déanann Maoir Phobail Cúrsa 3 lá Fetac maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair.



Ar gcúl, Clé go Deas; Martin Mannion; John Glennon; Rosina Joyce; David Kelly; Christy Corcoran; Shane Coogan; Tommy Boyle. Chun tosaigh, clé go deas: Michael Kelly; Marie Nicholson; Willie Doyle; Pat Roche.

AN tAONAD BÓITHRE & IOMPAIR, MUIRÍ AGUS SEIRBHÍSÍ GINEARÁLTA

Líonra iompair sábháilte agus éifeachtúil a sholáthar chun daoine agus earraí a iompar i gcomhréir le beartais iompair inbhuanaithe agus lánpháirtithe

Tá an tAonad Bóithre & Iompair freagrach as an Líonra Bóithre Náisiúnta, Réigiúnacha agus Áitiúla ar fud an Chontae a dhearadh, a chothabháil agus a fheabhsú agus tá sé freagrach as Sábháilteacht ar Bhóithre, as cúrsaí Muirí agus as Siltean Artaireach freisin.

Bhain an tAonad Bóithre & Iompair roinnt nithe suntasacha amach le linn na bliana 2013, lena n-áirítear:

- Rinneadh Dréacht-Straitéis Chontae na Gaillimhe maidir le Siúl agus Rothaíocht a thiomsú agus tar éis é a phlé agus a leasú foilsíodh é.
- Rinneadh dul chun cinn ar scópáil agus ar fhorbairt maidir leis an Siúlbealach agus an Rotharbhealach Glas, ar bhonn comhpháirtíochta le páirtithe leasmhara, amhail úinéirí talún agus comhlachtaí turasoíreachta.
- Rinneadh clár substaintiúil oibreacha a chur i gcrích d’ainneoin an laghdaithe ar an leithroinnt ón Údarás um Bóithre Náisiúnta agus d’ainneoin an laghdaithe shuntasaigh ar an leibhéal foirne sa bhliain 2013.
- Leanadh de thalamh a cheannach i rith na bliana le go bhféadfaí tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an M18/M17, is é sin, an bealach ón nGort go Tuaim.

FORBAIRT CHOTHROMAITHE AGUS INBHUANAITHE A BHAINT AMACH

Ba é a bhí sa leithroinnt deontais ón Údarás um Bóithre Náisiúnta, do Bhóithre Náisiúnta, sa bhliain 2013 ná **€18,091,817** agus cuimsíodh na nithe seo a leanas inti:

Oibreacha feabhsúcháin	€ 16,637,407
Oibreacha Cothabhála	€ 1,454,410

Leanadh de mhaoiniúchán a sholáthar sa bhliain 2013 chun dul chun cinn agus críochnú na Mórbealaí Idiruirbeacha a éascú. Rinne Oifig Thionscadail Bhóithre na Gaillimhe bainistiú ar na mórthionscadail seo a leanas i rith na bliana 2013 agus fuarthas na costais ar fad a bhain leis an gclár sin ar ais ón Údarás um Bóithre Náisiúnta:

Uimh. an Bhóthair Náisiúnta	An Chuid den Bhealach
M6	Baile Átha Luain/Béal Átha na Sluaighe
N6	Seachbhóthar Seachtrach Chathair na Gaillimhe
M6	Gaillimh/Béal Átha na Sluaighe
M17/18	An Gort/Tuaim (Seachbhóthar Thuama san áireamh)
M18	An Gort/An Croisín
N59	Seachbhóthar Mhaigh Cuilinn
N59	Uachtar Ard go dtí an Clochán

- Cuireadh Scéim PPP M18/M17, An Gort go dtí pointe Ó Thuaidh ó Thuaim, ar aghaidh tríd an bpróiseas fála poiblí mar thionscadal comhpháirtíochta poiblí príobháidí. Táthar fós i mbun talamh a fháil don tionscadal seo. Tá sé beartaithe Conradh i gcomhair na scéime seo a shíniú leis an gcuideachta PPP sa bhliain 2014.
- Ceapadh Sainchomhairleoir chun an scéim nua a chur ar aghaidh tríd an bpróiseas pleanála do Sheachbhóthar Seachtrach na Gaillimhe.
- Tá doiciméid chonartha á n-ullmhú i gcónaí don chuid Ar Líne de Sheachbhóthar N59 Mhaigh Cuilinn agus tá Réamhoibreacha á ndéanamh i ndáil leis an Seachbhóthar.
- Dhaingnigh an Bord Pleanála an C.P.O. agus an E.I.S. ar an 20 Nollaig 2013 le haghaidh Chéim 1, ón Teach Dóite go dtí Uachtar Ard. Tá obair ar an mbealach ón gClochán go dtí an Teach Dóite ar siúl agus tá doiciméid EIS, NIS agus CPO le foilsíú sa chéad Ráithe den bhliain 2014.

Seo a leanas roinnt de na garspriocanna eile a baineadh amach i rith na bliana 2013 maidir leis an Líonra Príomhbhóithre Náisiúnta agus Bóithre Náisiúnta Tánaisteacha:

- Forbairt agus cur i gcích mórchláir tionscadal forleagain agus athailínithe ar Phríomhbhóithre Náisiúnta agus ar Bhóithre Náisiúnta Tánaisteacha.
- An obair thógála ar ailíniú an N17 ag Ceathrú an Urláir agus an N63 ag Mainistir Chnoc Muaidhe a chríochnú.

Chuathas i mbun cláir fhorleathain oibreacha pábhála & mionoibreacha feabhsúcháin ar an líonra Príomhbhóithre Náisiúnta agus Bhóithre Náisiúnta Tánaisteacha mar a leanas:

Feabhsúcháin Phábhála & Mionfheabhsúcháin ar Phríomhbhóithre Náisiúnta:

N17 Athailíniú Bhaile an Chaisleáin	N17 Baile Chláir go Tuaim	N17 Ceathrú an Urláir
N18 Ard Raithin go dtí an Gort		

Feabhsúcháin Phábhála & Mionfheabhsúcháin ar Bhóithre Náisiúnta Tánaisteacha:

N59 Uachtar Ard	N63 Mainistir Chnoc Muaidhe	N63 Ceathrú na Bó
N66 Cathair Chré Thiar go Cois Carraige	N67 Baile an Doirín go Cinn Mhara	N83 An Cheapach go dtí Teorainn an Chontae
N83 An Cheathrú Mheánach	N83 Daichead Acra	N84 Luimneach

BÓITHRE RÉIGIÚNACHA AGUS BÓITHRE ÁITIÚLA:

Ba é a bhí sa leithroinnt iomlán deontais do Bhóithre Réigiúnacha & do Bhóithre Áitiúla ná €21,591,543 agus é roinnte mar a leanas

Oibreacha feabhsúcháin	€17,583,738
Oibreacha Cothabhála	€ 4,007,805

Is féidir an leithroinnt deontais a aicmiú faoi na ceannteidil ghinearálta seo a leanas:

Catagóir Deontais	2013
Deontas Feabhsúcháin	€11,531,418
Deontas Cothabhála Athchóirithe	€3,479,050
Deontas Cothabhála Lánroghnach	€3,764,820
Deontais Sainfheabhsúcháin	€1,250,000
Deontais Feabhsúcháin Sábháilteachta ar Chostas Íseal	€122,500
Deontas Bóithre Réigiúnacha & Áitiúla Straitéiseacha (SNNR)	€800,000
Cothabháil Gheimhridh ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla	€528,755
Oiliúint	€90,000

Sainfheabhsúchán & Bóithre Réigiúnacha & Áitiúla Straitéiseacha:

Rinneadh maoiniúchán a leithroinnt do na bóithre seo a leanas i rith na bliana 2013 faoin **Scéim Sainfheabhsúcháin**:

LP4101 Cnoc Óráin go Rinn Mhíl	R333 Caisleán an Haicéadaigh
R446 An Bealach Isteach go Béal Átha na Sluaighe	R341 Baile Conaola
R347 Crosbhóthar na Reilige	

Rinneadh maoiniúchán a leithroinnt do na bóithre seo a leanas i rith na bliana 2013 faoin **Scéim Bóithre Réigiúnacha & Áitiúla Straitéiseacha**:

Bóthar Faoisimh Thuaidh Bhaile Átha an Rí – Codanna 1 go 5	Bóthar Faoisimh Bhaile Chláir – Céim na Dearthóireachta amháin
Bealach Thiar Chathair na Gaillimhe	R336 Bóthar Rochtana Chonamara (Bearna go Ros a' Mhíl)

Clár Feabhsúcháin, Athdhromchlaithe agus Cothabhála do Bhóithre Réigiúnacha & Áitiúla

Feabhsaíodh 123,288 méadar chearnacha san iomlán de bhóithre réigiúnacha faoin Deontas Feabhsúcháin ar chostas iomlán €2,715,870 agus cuireadh feabhas ar 662,863 mhéadar chearnacha eile de bhóithre áitiúla faoin deontas ar chostas €8,789,959.

Rinneadh 133,303 mhéadar chearnacha san iomlán de bhóithre réigiúnacha a dhromchlú faoin gClár Cothabhála Athchóirithe ar chostas iomlán €598,902 agus dromchlaíodh 657,461 mhéadar cearnach eile de bhóithre áitiúla faoin gClár ar chostas €2,846,933.

Cothabháil Bóithre Áitiúla

Ba é a bhí sa tsuim a soláthraíodh as acmhainní na Comhairle sa bhliain 2013 ná **€6,121,000**. Mar thoradh ar leithroinnt **€3,165,000** ó Chothabháil Ghinearálta na mBóithre Áitiúla, a bhfuil soláthar **€865,000** san áireamh ann do chostais leanúnacha oibríochtúla, ba é a bhí sa chostas in aghaidh an km ná **€565**.

Leithroinneadh suim **€2,300,000** mar a leanas i measc na dToghlimistéar éagsúil:

(1)	Béal Átha na Sluaighe	€ 519,041
(2)	Conamara	€ 456,482
(3)	Baile Locha Riach	€ 592,083
(4)	Órán Mór	€ 151,171
(5)	Tuaim	€ 581,223

Leis an tsuim sin, déantar foráil maidir le gach cineál cothabhála lena n-áirítear Bearradh Ciumhaise, Draenáil, Comharthaíocht a Athnuachan agus a Sholáthar, Cothabháil Droichead agus Cothabháil Ghinearálta.



Oibreacha Bóthair i gCeantar Órán Mór

Rinne an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta maoiniúchán €528,755 a chur ar fáil sa bhliain 2013 chun forlíonadh a dhéanamh ar acmhainní na Comhairle le haghaidh oibríochtaí Cothabhála Geimhridh ar bhóithre réigiúnacha agus ar bhóithre áitiúla.



Ullamh do Shéasúr Leagtha Grin an Gheimhridh

AN COMHSHAOL A CHAOMHNÚ AGUS A FHEABHSÚ

CLÁR ATHSHLÁNAITHE DROICHEAD AR BHÓITHRE RÉIGIÚNACHA AGUS AR BHÓITHRE ÁITIÚLA 2013

Toghlímistéar	Ainm an Droichid	Meastachán Buiséid €
Béal Átha na Sluaighe	Cill Liatháin-Lios Coill	5,000
	Droichead an Chnoic Bhric 2	15,000
	Cluain Coirinn	20,000
	Droichead Lios an Uisce	7,500
	Droichead Belview	5,000
	Droichead na Lorgan Bige 2	7,500
Baile Locha Riach	Dún Aille Thiar	7,500
	Droichead Fhearnáin, an Gort	7,500
	Droichead Bhaile na hAbhna	15,000
	Droichead Bhaile Arda Gaibhle	7,500
	Droichead Chill Chruimthir	7,500
	Droichead Pháirc na bhFianna	10,000
	Ros Dora 2	5,000
	Doire Fhada Theas	10,000
Tuaim	Droichead Gort na Lobhra	10,000
	Droichead an Ghoirtín Fhada	12,500

Órán Mór	Droichead Naoi nAcra	4,500
	Droichead Chaisleán na Craobhaí	12,000
	Droichead Bhaile na bhFalmairí	5,000
	Droichead na Creige Móire	12,000
	Cahertuber	4,500
	Baile na Manach	4,000
	Cill Cháimín	4,000
	Cinn Uisce	4,000
	Airgead coinneála atá dlíte ar chonarthaí droichid 2012	80,000
		€282,500

Rinneadh ceithre dhroichead is fiche a athshlánú sa bhliain 2013, cuid acu ar mhodh conartha agus cuid acu ar mhodh saothair dhíriú agus leas á bhaint as foireann de chuid na Comhairle Contae.

SILTEAN ARTAIREACH

Chomhlíon an Chomhairle a freagracht reachtúil maidir le hoibreacha siltin áirithe a chothabháil sa Chontae tríd an Aonad Bóithre agus Iompair agus trí Oifigí Réigiúnacha agus Áitiúla na Comhairle. Leithroinn an Chomhairle €130,000 i leith na n-oibreacha siltin sin. Tá dhá Cheantar Siltin déag faoi chúram na Comhairle agus tá dhá Cheantar faoi chúram comhpháirteach Comhchoistí Siltin i gcomhar le Comhairlí Contae Ros Comáin agus an Chláir.

Ceantair Siltin:

Áth Eascrach	An tEanach	An Bhaile	
Dún Coillín (An Gort) (Baile Locha Riach)	Dún Coillín (Baile Átha an Rí)	Dún	Coillín
Tuaim Catraí	Cill Chríost	An Leathbhaile	
Míleac/An Poll Seasc	An Creagán	Cnoc Óráin	

Comhcheantair Siltin:

Comhchoiste Siltin an Fhorghais Comhchoiste Siltin na Suca

Ceantair Siltin an Chreagáin/an tSibhin:

Rinneadh cothabháil cainéil agus réiteach blocálacha ar fhad cainéil 8.45km a chur i gcrích, i gcomhairle le hÍascaigh Intíre agus le hÚinéirí Talún, ar chraobhaibhneacha éagsúla d'Abhainn an Chaisleáin Ghearr i gceantar an Chreagáin agus Mhaigh Locha.

Ceantar Siltin Áth Eascrach:

Rinneadh cothabháil cainéil agus réiteach blocálacha ar fhad cainéil 6.30km a chur i gcrích, i gcomhairle le hÍascaigh Intíre agus le hÚinéirí Talún, ar chraobhaibhneacha éagsúla d'Abhainn Chluain Broc i gceantar Áth Eascrach/Chluain Broc.

Ceantar Siltin an Eanaigh/Aibhneacha Turra, an Eanaigh & Bhaile Uí Chathaláin, an Gort:

Rinneadh cothabháil chainéil agus réiteach blocálacha ar fhad cainéil 2km a chur i gcrích, i gcomhairle le hÍascaigh Intíre agus le hÚinéirí Talún, ar Aibhneacha Bhaile Uí Chathaláin.



Blocálacha



Blocálacha

Ceantar Siltin Chill Chríost – Cothabháil Chainéil & Deisiúcháin Droichid Áise

Rinneadh cothabháil chainéil ar fhad cainéil 4.30km a chur i gcrích, i gcomhairle le hÍascaigh Intíre agus le hÚinéirí Talún, ar na cainéil draenála ó dheas ón N66 agus ó shráidbhaile Chill Chríost. Rinneadh dhá dhroichead áise a athshlánú freisin.



Roimh na hoibreacha



Tar éis na n-oibreacha

Ceantar Siltin na Buaille:

Rinneadh cothabháil chainéil agus réiteach blocálacha ar fhad cainéil 1.60km a chur i gcrích, i gcomhairle le hÍascaigh Intíre, le NPWS agus le hÚinéirí Talún, ar chraobhaibhneacha éagsúla de chuid Abhainn na Buaille.

Ceantar Siltin Thuaim Catraí – Cothabháil Chainéil & Deisiúcháin Droichid Áise

Rinneadh cothabháil chainéil ar fhad cainéil 1.50km a chur i gcrích, i gcomhairle le hÍascaigh Intíre agus le hÚinéirí Talún, ar Abhainn Bhaile an Iúir.

<p>Roimh na hoibreacha</p> 	 <p>Tar éis na n-oibreacha</p>
 <p>Roimh na hoibreacha</p>	 <p>Tar éis na n-oibreacha</p>

Ceantar Siltin Dhún Coillín – Cothabháil Chainéil

Rinneadh cothabháil chainéil ar fhad cainéil 10.7km a chur i gcrích, i gcomhairle le hIascaigh Intíre agus le hÚinéirí Talún, ar chainéil draenála síos an sruth ó Bhaile Locha Riach.

 <p>Tar éis na n-oibreacha</p>	 <p>Tar éis na n-oibreacha</p>
--	---

OIBREACHA & STAIDÉIR MHAOLAITHE TUILTE

- Bhí cruinnithe rialta ag an gComhghrúpa Oibre Tuilte atá comhdhéanta d'ionadaithe ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus ó Oifig na nOibreacha Poiblí i rith na bliana 2013 chun oibreacha a shainaithe agus a bhrú chun cinn ar oibreacha iad atá dírithe ar laghdú a dhéanamh ar an mbaol tuilte amach anseo.
- Scrúdaíodh roinnt ceantar d'fhonn cinneadh a dhéanamh i dtaobh an ann do réiteach féideartha, ar bhonn eacnamaíoch, chun an poitéinseal do thuilte sa todhchaí a laghdú.
- Mar thoradh ar an gcigireacht a rinneadh sna ceantair sin leithroinn Oifig na nOibreacha Poiblí maoiniúchán thart ar €155,660 sa bhliain 2013 d'oibreacha i 7 suíomh agus chuir Comhairle Chontae na Gaillimhe an méid céanna maoiniúcháin ar fáil. Tá an chuid is mó de na scéimeanna sin tugtha chun críche den chuid is mó anois ach tá dearadh, idirchaidreamh le geallsealbhóirí agus oibreacha ar siúl i ndáil le líon beag díobh.
- Chuaigh an dearadh Innealtóireachta agus an Mheasúnacht Timpeallachta don scéim faoisimh tuilte a roghnaíodh do chóras Dhún Coillín ar aghaidh go mall sa bhliain 2013 de bharr srianta timpeallachta agus srianta maidir le tairbhe chostais. Tá sé beartaithe iarratas pleanála a dhéanamh chuig an mBord Pleanála a luaithe is féidir sa bhliain 2014.
- Tá Oifig na nOibreacha Poiblí chun na hoibreacha atá beartaithe do Scéim Faoisimh Abhainn an Chláir (Baile Chláir) a thosú in earrach/i samhradh na bliana 2014.
- Chuir an Chomhairle 12 Scéim Mionoibreacha Faoisimh Tuilte a chur i gcrích sa bhliain 2013 agus meastar gurbh é a bhí sa chaiteachas iomlán air sin ná suim thart ar €211,000 ar caiteachas é a bhfuarthas tacaíocht ó Oifig na nOibreacha Poiblí ina leith.

Le tacaíocht ó Oifig na nOibreacha Poiblí, leanfaidh an Chomhairle d'imscrúdú a dhéanamh faoi shuímh a bhfuil tuairiscí maidir le tuiliú ann ina leith agus cuirfear Scéimeanna Mionoibreacha maidir le Faoiseamh Tuilte ar aghaidh sa bhliain 2014 i gcás réiteach innealtóireachta féideartha a bheith ann ar réiteach é lena ngabhann tairbhe chostais.

CÉANNA A FHORBAIRT:

Rinne an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara maoiniúchán a leithroinnt chun ceithre ché i gContae na Gaillimhe a fhorbairt – Céibh Sruthán, an Cheathrú Rua; Céibh Ghlinisce, Carna; Céibh Eanach Mheáin, Leitir Mór; Céibh Inis Oírr, Árainn:

Suíomh an Tionscadail	Oibreacha	Maoiniúchán ó DAFM	Maoiniúchán ón gComhairle	Iomlán
Céibh Sruthán, An Cheathrú Rua	Balla nua cé, dréimírí rochtana, staighre, garda sábháilteachta coise agus fáinní feistithe	€112,500	€37,500	€150,000
Céibh Ghlinisce, Carna	Dréimírí rochtana, oibreacha athshlánúcháin ar an bhfánán atá ann faoi láthair	€112,500	€37,500	€150,000
Céibh Eanach Mheáin, Leitir Mór	Balla nua cé, dréimírí rochtana, staighre, garda sábháilteachta coise agus fáinní feistithe	€112,500	€37,500	€150,000

Céibh Inis Oírr, Árainn	Oibreacha athshlánúcháin ar an bhfánán atá ann faoi láthair	€112,500	€37,500	€150,000
Maoiniúchán Iomlán do Chéanna Mara				€450,000

Fuarthas leithroinnt eile €42,000 ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, mar aon le maoiniúchán comhréireach €14,000 ón gComhairle, chun oibreacha feabhsaithe sábháilteachta a dhéanamh ar Ché Inis Oírr, Árainn.

POBAIL INBHUANAITHE A FHORBAIRT


TAISTEAL NÍOS CLISTE & SOGHLUAISTEACHT INBHUANAITHE:

Lean an Chomhairle lena ról réamhghníomhach maidir le soghluaisteacht inbhuanaithe a chur chun cinn trí chlár imeachtaí a sholáthar chun comóradh a dhéanamh ar Sheachtain na Rothar ón 15 go dtí an 23 Meitheamh 2013. I measc na n-imeachtaí, áiríodh Rothaíocht trí Chonamara, rothaíocht spráúil, rothaíocht phobail agus rothaíocht chun na hoibre chun daoine a spreagadh machnamh a dhéanamh i dtaobh a gcuid nósanna taistil a athrú go dtí bealaí níos inbhuanaithe iompair amhail siúl agus rothaíocht.

Faoin tionscnamh ‘Taisteal Níos Cliste’, chuathas i mbun pleananna a ullmhú i ndáil le ‘taisteal níos cliste chun na hoibre’ i dTuaim, i mBaile Átha an Rí, sa Ghort, i mBéal Átha na Sluaighe agus sa Chlochán. Athbhreithneofar na pleananna sin, agus cuirfear bailchríoch orthu, sa bhliain 2014.

Rinneadh an dréachtbheartas maidir le Straitéis Siúil agus Rothaíochta don Chontae a fhoilsiú agus, de réir mar a ceapadh, cuireadh an Straitéis i gcrích i rith na bliana 2013. Ag deireadh na bliana 2013, tíolacadh iarratais i gcomhair maoiniúcháin do Bhaile Locha Riach, do Bhaile Átha an Rí agus don Ghort chun bailte ‘taisteal níos cliste’ a fhorbairt. Tabharfar fógra faoin maoiniúchán go luath sa bhliain 2014.

Maidir leis an nGréasán Náisiúnta Raonta Rothar, tíolacadh iarratais i gcomhair maoiniúcháin do na codanna ó Ghailimh go dtí an Liónán. Táthar ag súil go dtabharfar fógra faoin maoiniúchán go luath sa bhliain 2014.



Oibreacha feabhsúcháin ‘taisteal níos cliste’ feadh Bhóthar an Phortaigh, Órán Mór.

STÁISIÚN IARNRÓID ÓRÁN MÓR:

I gcomhar le hIarnród Éireann, d'éirigh leis an Aonad Iompair tionscadal an stáisiúin iarnróid sa Gharrán, Órán Mór, a thabhairt chun críche. Críochnaíodh an obair i rith na bliana 2013 agus tá Stáisiún Iarnróid Órán Mór, ina n-áirítear Bóthar Rochtana agus Carrchlós, ar oscailt anois agus stopann traenacha ann ag amanna éagsúla ar bhonn laethúil.

**SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE:****Coiste Sábháilteacht ar Bhóithre Le Chéile:**

- Lean an Coiste Sábháilteacht ar Bhóithre le Chéile lena ról gníomhach maidir le sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn agus bhí dhá chruinniú acu sa bhliain 2013.
- Mar chuid de Chlár Imeachtaí chun Seachtain Náisiúnta na Rothar 2013 a chomóradh, seoladh ceardlanna deisiúcháin rothar i Scoileanna Náisiúnta i gContae na Gaillimhe.
- Bhí Seachtain Sábháilteachta Bóthair na hÉireann ar siúl idir an 7 Deireadh Fómhair agus an 13 Deireadh Fómhair 2013 agus mhéadaigh an Chomhairle feasacht ar shábháilteacht ar bhóithre i measc an phobail i gcoitinne trí bhileoga a scaipeadh e.g. ag tiomáint faoi luas; ag tiomáint agus tú tuirseach; ag tiomáint faoi thionchar an óil; criosanna sábhála; fón póca in úsáid agus tú ag tiomáint; sábháilteacht leanaí i ngluaisteáin; ag tiomáint ar mhótarbhealaí; sábháilteacht rothaithe; timpealláin agus tiomáint & cógaisí; agus rinneadh ábhair fhrithchaiteacha a chur ar fáil saor in aisce; agus, ina theannta sin, reáchtáladh Comórtas Póstaeir dar théama Feasacht ar Shábháilteacht ar Bhóithre.

I measc na dtionscnamh sonrath sábháilteachta ar bhóithre a d'eagraigh an Chomhairle i rith na bliana 2013, áirítear an méid seo a leanas:

- Cur chun cinn an Chláir dar teideal 'Drive for Life' do Scoileanna Iarbhuioideachais.
- Tacú le hoibriú Scéim na Maor Scoile Sóisearach
- Tacú leis an gClár Oiliúna um Shábháilteacht ar Rothair i mbunscoileanna.
- Foilsíodh teachtaireachtaí faoi fheasacht maidir le sábháilteacht ar bhóithre in 'Aon Scéal', is é sin, iris fhoireann na Comhairle, chun leanúint le feasacht maidir le sábháilteacht ar bhóithre a mhéadú i measc na foirne.



Buaiteoirí Chomórtas na Maor Scoile Sóisearach 2013 – Coláiste na Toirbhearta, Tuaim, Co. na Gaillimhe – in éineacht leis an gComhairleoir Tom Welby, Méara Chontae na Gaillimhe

UASMHÉADÚ A DHÉANAMH AR UILECHUIMSITHEACHT SHÓISIALTA AGUS AR RIALACHAS ÁITIÚIL

Scéimeanna Fostaíochta Pobail:

I gcomhpháirtíocht leis an Roinn Coimirce Sóisialaí agus leis an bpobal, lean an Chomhairle d'fhorbairt na Fostaíochta Pobail a chur chun cinn agus a spreagadh. Dá réir sin, lean an Chomhairle d'urraíocht a thabhairt i leith 5 scéim ina bhfuil 80 rannpháirtí sna suímh seo a leanas: Maigh Cuilinn / Uachtar Ard, An Baile Mór / An Mhainistir, An Gort agus an Ceantar Máguaird, Tuaim agus an Ceantar Máguaird agus Cloch na Rón / An Clochán.



Limistéar suí a thóg Comhairle Chontae na Gaillimhe mar thoradh ar Scéim CES Chloch na Rón i lár Shráidbhaile Chloch na Rón

Rannpháirtíocht an Phobail i Scéim Oibreacha Bóthair

Lean an Chomhairle de Rannpháirtíocht an Phobail a chur chun cinn go gníomhach i Scéim Oibreacha Bóthair mar shlí chun tacaíocht ón bpobal a úsáid i gcomhair oibreacha bóthair ar bhóithre áitiúla oiriúnacha. Leithroinn an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt suim **€169,575** i gcomhair **14** scéim cheadaithe sa bhliain 2013, agus fuarthas ranníocaíochtaí iomlána **€169,575**, i bhfoirm talún, ábhar agus airgid, ó phobail áitiúla i gcomhair na scéimeanna sin.

Cuireadh **52** iarratas san iomlán faoi bhráid na Roinne le haghaidh maoiniúcháin faoin scéim agus fuarthas maoiniúchán i leith 14 thionscadal shonraithe.

Cothabháil & Feabhsú Bailte & Sráidbhailte

Lean an Chomhairle de thacaíocht a thabhairt d'iarrachtaí an phobail maidir le timpeallacht fhisiciúil bailte agus sráidbhailte a chothabháil agus a fheabhsú agus soláthraíodh maoiniúchán **€800,000** sa bhliain 2013 chun oibreacha cothabhála agus mionoibreacha feabhsúcháin a éascú. Ba é ab aidhm do chuid den mhaoiniúchán ná a éascú don Chomhairle tuilleadh tacaíochta a thabhairt i ndáil le hionchur agus feidhmíocht na bpobal sin a bhíonn rannpháirteach i gComórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara.

TACAÍOCHT A THABHAIRT DO CHULTÚR UATHÚIL CHONTAE NA GAILLIMHE
--

COMHARTHAÍOCHT

- Sa bhliain 2013, rinne an Roinn Iompair deontas **€25,000** a sholáthar maidir le hathsholáthar agus le deisiú leanúnach comharthaí ar Bhóithre Réigiúnacha, ar Clár Oibreacha é ar cuireadh tús leis sa bhliain 2003. Leithroinn an Chomhairle **€19,000** chun feabhas a chur ar threo-chomharthaí ag acomhail ar an mbealach chuig Bailte agus chuig Sráidbhailte.

ÉIFEACHTÚLACHT AGUS ÉIFEACHTAIGHT EAGRAÍOCHTÚIL A UASMHÉADÚ
--

OBAIR CHOMHPHÁIRTÍOCHTA

D'oibrigh Comhairle Chontae na Gaillimhe agus Oifig na nOibreacha Poiblí le chéile ar an gComhghrúpa Oibre ar Thuilte agus ar an nGrúpa Stiúrtha le haghaidh Scéimeanna Faoisimh Tuile Dhún Coillín & Abhainn an Chláir seo chun tionscadail oiriúnacha a chur ar aghaidh chomh maith le bearta a chur ar aghaidh chun an baol go dtarlódh tuilte amach anseo a íoslaghdú.

Lean an Chomhairle den idirchaidreamh le hAonad Iompair na Gaillimhe agus le Comhairle Cathrach na Gaillimhe chun dul chun cinn a dhéanamh i ndáil le Straitéis Siúil & Rothaíochta Chathair na Gaillimhe & an Cheantair Máguaird, ar straitéis í ina n-áirítear Bearna, Órán Mór agus Baile Chláir.

Lean an tAonad de bheith i dteagmháil leis an an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta trí chruinnithe rialta chun plé a dhéanamh ar raon leathan ábhar comhleasa.

AN CLÓS INNEALRA:

Is é an Clós Innealra a dhéanann bainistíocht ar sholáthar agus ar chothabháil Gléasra agus Innealra atá le húsáid ag an gComhairle. Tá an Chomhairle tiomanta i leith fhorbairt leanúnach na seirbhíse seo chun acmhainn éifeachtúil agus éifeachtach a sholáthar ionas go ndéanfar cur i gcrích Chláir Oibre na Comhairle a éascú. Rinneadh an gléasra agus an t-innealra a bhí ar fáil don Chlós Innealra a fhorlónadh tuilleadh sa bhliain 2012 nuair a fuarthas 2 ghreantóir salainn breise tar éis maoiniúchán breise a fháil ón Údarás um Bóithre Náisiúnta.

**SEIRBHÍSÍ ARDCHAIGHDEÁIN CUSTAIMÉARA AGUS SOLÁTHAR NA
SEIRBHÍSÍ SIN A FHEABHSÚ**

SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ

- Lean an tAonad de Shaoráid Íocaíochta Ar Líne a oibriú le gur féidir Fógraí Muirir Sheasta (Fíneálacha Páirceála) a íoc.
- Lean an tAonad d'úsáid a bhaint as www.galway.ie le linn na bliana 2013 chun Seirbhís Faisnéise faoin Trácht a sholáthar agus, sa tslí sin, cuireadh faisnéis ar fáil faoi chur isteach ar thrácht mar thoradh ar oibreacha bóthair, ar dhúnadh sealadach bóthair, ar luasteorainneacha de bharr oibreacha bóthair etc.
- Rinne an tAonad cumarsáid leis an bpobal trí leas a bhaint as meáin éagsúla amhail nuachtáin, raidió áitiúil, an láithreán gréasáin, *twitter*, ríomhphost agus téacs-teachtaireachtaí agus trí úsáid a bhaint as an gcóras ar líne do thuairimí ó chustaiméirí agus as an gcóras nua náisiúnta ar líne dar teideal deisighdoshraid.ie.
- I gcomhair leis an Aonad IT, d'oibrigh an tAonad chun forbairt a dhéanamh ar fhoirmeacha iarratais ar líne le haghaidh ceadúnas.

TACÚ LE DAONLATHAS ÁITIÚIL AGUS É A FHEABHSÚ

TACAÍOCHT CHORPARÁIDEACH

Tháinig an Coiste um Beartas Straitéiseach maidir le Bóithre & Iompar le chéile 4 huairé le linn na bliana 2013 agus bhreithnigh sé na beartais seo a leanas:

- Comharthaíocht, Feithiclí nó Déanmhais Eile ar an mBóthar Poiblí
- Rialú Fruilcharráistí Capalltarraingthe
- Laghdú Luais in Eastáit Tithíochta

Ullmhaíodh leagan nuashonraithe den Phlean Seirbhíse Geimhridh sa bhliain 2013 de réir mar a d'éiligh an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta agus an Roinn Iompair agus, tar éis don Choiste um Beartas Straitéiseach maidir le Bóithre & Iompar é a bhreithniú, cheadaigh an Chomhairle é agus foilsíodh ar láithreán gréasáin na Comhairle é. Rinneadh Straitéis bheartaithe Chontae na Gaillimhe maidir le Siúl & Rothaíocht a scaipeadh, a phlé, a leasú agus a fhoilsiú sa bhliain 2013 tar éis don Choiste um Beartas Straitéiseach maidir le Bóithre agus Iompar í a bhreithniú.

ACMHAINNÍ DAONNA A BHARRFHEABHSÚ

D'éirigh leis an Aonad Bóithre agus Iompair clár forleathan oibreacha a chur i gcrích go héifeachtúil d'ainneoin laghduithe leanúnacha ar an líon foirne. Rinneadh daoine den fhoireann a ath-implonú de réir mar ba ghá chun na hoibreacha sin a éascú. Mhéadaigh an fhoireann oifige a n-ualaí oibre de réir mar ba ghá chun cúiteamh a dhéanamh i leith laghduithe foirne de bharr daoine a chuaigh ar scor, de bharr saoire máithreachais etc.

COMHAIRLEOIRÍ ATÁ AINMNITHE DO CHOISTÍ & DO CHOMHLACHTAÍ EILE

Comhchoiste Siltin na Suca

An Comhairleoir Kevin Ryan
An Comhairleoir Seán Canney
An Comhairleoir Tomás Mannion

Coiste Sábháilteacht ar Bhóithre Le Chéile

An Méara Liam Carroll

Údarás Réigiúnach an Iarthair

An Comhairleoir Tomás Ó Curraoin
An Comhairleoir Gerry Finnerty
An Comhairleoir Tiernan Walsh
An Comhairleoir Peter Feeney
An Comhairleoir Tim Broderick
An Comhairleoir Kevin Ryan
An Comhairleoir Peter Roche

Tionól Réigiúnach B.M.W.

An Comhairleoir Gerry Finnerty
An Comhairleoir Tiernan Walsh
An Comhairleoir Peter Feeney

An Coiste Comhairliúcháin ar Chóiríocht Áitiúil don Lucht Siúil

An Méara Liam Carroll
An Comhairleoir Seosamh Ó Cuaig
An Comhairleoir Gerry Finnerty
An Comhairleoir Peter Feeney
An Comhairleoir Tom McHugh
An Comhairleoir Peter Roche
An Comhairleoir Michael Maher

Bord Fiontar Chathair agus Chontae na Gaillimhe

An Méara Liam Carroll
An Comhairleoir Jimmy McClearn

Cuideachta Forbartha Tuaithe na Gaillimhe

An Comhairleoir Shaun Cunniffe
An Comhairleoir Michael Finnerty
An Comhairleoir Tim Broderick

Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Chontae na Gaillimhe

An Comhairleoir Dermot Connolly

Athenry Heritage and Tourism Co. Ltd.

An Comhairleoir Peter Feeney
An Comhairleoir Michael Maher

Comhar Árachais Comhairlí Éireann Teo.

An Comhairleoir Jarlath McDonagh

Comhlachas na gComhairlí Contae agus Cathrach

An Comhairleoir Seamus Walsh
An Comhairleoir Jarlath McDonagh
An Comhairleoir Peter Feeney

Comhairle Ghinearálta na gComhairlí Contae

An Comhairleoir Mary Hoade
An Comhairleoir Jarlath McDonagh
An Comhairleoir Seán Canney

Fáilte Ireland an Iarthair

An Comhairleoir Peter Feeney

Fóram Turasóireachta an Chontae agus na Cathrach

An Comhairleoir Eileen Mannion

Coiste Faireacháin Uisce Tuaithe (Áitiúil) an Chontae

An Comhairleoir Michael Connolly
An Comhairleoir Eileen Mannion
An Comhairleoir Kevin Ryan

Coiste Oidhreachta Bhaile Locha Riach

An Comhairleoir Bridie Willers
An Comhairleoir Michael Maher

Coiste Comhairliúcháin Aerfort Chnoc Mhuire

An Comhairleoir Jim Cuddy

Bord Stiúirthóirí Aerfort na Coiribe Teo

An Méara Liam Carroll

An Grúpa Comhordaithe Iompair Chomhtháite

An Comhairleoir Jimmy McClearn

LAMA

An Comhairleoir Tom McHugh

Bord Stiúirthóirí Ionad Ealaíon na Gaillimhe

An Comhairleoir Eileen Mannion

Coiste Iarnróid Idirchontae an Iarthair

An Comhairleoir Michael Connolly

An Comhairleoir Seán Canney

An Comhairleoir Bridie Willers

An Comhairleoir Peter Feeney

An Comhairleoir Peter Roche

Bord Oideachais & Oilíúna na Gaillimhe & Ros Comáin

An Méara Liam Carroll

An Comhairleoir Michael Connolly

An Comhairleoir Seán Ó Tuairisg

An Comhairleoir Seosamh Ó Cuaig

An Comhairleoir Jarlath McDonagh

An Comhairleoir Kevin Ryan

An Comhairleoir Eileen Mannion

An Comhairleoir Peter Roche

An Comhairleoir Michael Maher

Ionadaíocht Fhóram Sláinte Réigiúnach an Iarthair

An Comhairleoir Mary Hoade

An Comhairleoir Michael Connolly

An Comhairleoir Shaun Cunniffe

An Comhairleoir Michael Finnerty

An Comhairleoir Tim Broderick

Fóram Chonamara Teo.

An Comhairleoir Eileen Mannion

An Comhairleoir Seosamh Ó Laoi

An Comhairleoir Seamus Walsh

An Comhairleoir Thomas Welby

Comhar na nOileán Teoranta

An Comhairleoir Seosamh Ó Laoi

An Coiste Iniúchóireachta

An Comhairleoir Tim Broderick

An Comhairleoir Jim Cuddy

Coiste Idirchaidrimh na Cathrach agus an Chontae

An Comhairleoir Bridie Willers

An Comhairleoir Seosamh Ó Cuaig

An Comhairleoir Peter Feeney

An Comhairleoir Mary Hoade

An Comhairleoir Jim Cuddy

Coiste Talmhaíochta & Forbartha Tuaithe Chontae na Gaillimhe (CCARD)

An Comhairleoir Michael Connolly

An Comhairleoir Dermot Connolly

An Bord Forbartha Contae

An Méara Liam Carroll

An Comhairleoir Tim Broderick

An Comhairleoir Tiernan Walsh

An Comhairleoir Jimmy McClearn

An Comhairleoir Michael Fahey

An Comhairleoir Seán Ó Tuairisg

An Comhairleoir Pat Hynes

Coiste Comhairleach Abhantrach an Iarthair

An Comhairleoir Peter Feeney

An Comhairleoir Thomas Welby

Coiste Comhairleach Abhantrach na Sionna

An Comhairleoir Michael Connolly

An Comhairleoir Jimmy McClearn

An Comhchoiste Póilíneachta

An Méara Liam Carroll

An Comhairleoir Tim Broderick

An Comhairleoir Michael Connolly

An Comhairleoir Jim Cuddy

An Comhairleoir Peter Roche

An Comhairleoir Shaun Cunniffe

An Comhairleoir Michael Fahy

An Comhairleoir Mary Hoade

An Comhairleoir Jimmy McClearn

An Comhairleoir Kevin Ryan

An Comhairleoir Malachy Noone

An Comhairleoir Seosamh Ó Cuaig

An Comhairleoir Tomás Ó Curraoin

An Comhairleoir Seosamh Ó Laoi

An Comhairleoir Thomas Welby

COMHDHÁLACHA AR FHREASTAIL NA COMHALTAÍ TOFA ORTHU

	Comhdháil	Eagraithe ag	Dáta & Ionad	An Líon Comhaltaí a d'Fhreastail uirthi	Táille na Comhdhála €	Taisteal & Cothú €	Iomlán €
1	Reachtaíocht Dliteanais Shibhialta & conas a fhearann sí ar Údarás Áitiúla	Esperanza Enterprises	Óstán Westport Plaza, Cathair na Mart, Co. Mhaigh Eo 11. – 12.01.2013	2	150.00	387.17	687.17
2	Seimineár Bhuiséad 2013	Ace Training	Óstán Four Seasons, Cairlinn, Contae Lú 11. – 13.01.2013	2	100.00	1,000.56	1,200.56
3	10ú Fóram Náisiúnta na hÉireann maidir le Radón	An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch	Chartered Accountants House, Sráid an Phiarsaigh, Baile Átha Cliath 2 17.01.2013	1	0.00	382.73	382.73
4	Comhdháil Thurasóireacht an Chláir 'Tourism in Recessionary Times'	Comhairle Thurasóireachta an Chláir	Óstán Falls, Inis Díomáin, Co. an Chláir 18. – 19.01.2013	3	229.00	963.80	1,650.80
5	Iarmhairtí Coiriúla a leanann as Sárú ar Rialacháin Údarás Áitiúil	Esperanza Enterprises	Óstán Manor West, Trá Lí, Co. Chiarraí 18. – 19.01.2013	1	150.00	350.42	500.42
6	Teorainneacha Toghlímistéar Áitiúil	Kadenza Consultancies	Óstán Silver Tassie, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall 18. – 20.01.2013	3	145.00	1,551.21	1,986.21
7	Saincheisteanna Beartais & Dlí i ndáil le Forbairt Fuinnimh Gaoithe	Esperanza Enterprises	Óstán Westport Plaza, Cathair na Mart, Co. Mhaigh Eo 25. – 26.01.2013	1	150.00	173.62	323.62

	Comhdháil	Eagraithe ag	Dáta & Ionad	An Líon Comhaltaí a d'Fhreastail uirthi	Táille na Comhdhála €	Taisteal & Cothú €	Iomlán €
8	Réitigh ar Fhiachas – An Reachtaíocht nua maidir le Dócmhainneacht Phearsanta	Celtic Conferences	Óstán Celtic Ross, Ros Ó gCairbre, Co. Chorcaí 25. – 27.01.2013	3	100.00	1,604.44	1,904.44
9	Díospóidí idir Comharsana & an Dlí	TJK Conferences	Óstán Patrick Punch, Luimneach 25. – 27.01.2013	3	100.00	974.98	1,274.98
10	Scoil Gheimhridh 2013 ‘An Cultúr Dúchais - ó Thinteáin go hIlmheáin’	Cumann Merriman	Óstán Westport, Cathair na Mart, Co. Mhaigh Eo 01. – 03.02.2013	3	60.00	1,041.75	1,221.75
11	An Bille um Stádas Comhionann (Leasú) 2012	Esperanza Enterprises	Óstán Manor West, Trá Lí, Co. Chiarraí 08. – 09.02.2013	1	150.00	312.40	462.40
12	Seimineár Turasóireachta - ‘Making the Difference’	Ace Training	Óstán Four Seasons, Cairlinn, Contae Lú 08. – 10.02.2013	4	100.00	1,164.83	1,564.83
13	Caoinfhulaingt & Éagsúlacht in Éirinn – Thuaidh & Theas	ACCEPT Pluralism / UCD IBIS	An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath 14.02.2013	1	0.00	382.73	382.73
14	Seimineár Poiblí faoi Bheartas FSS maidir le Rialú Tobac	Celtic Conferences	Óstán Celtic Ross, Ros Ó gCairbre, Co. Chorcaí 22. – 24.02.2013	6	100.00	3,046.43	3,646.43
15	18ú Comhdháil Bhliantúil – Téarnamh Eacnamaíochta – Dul Chun Cinn sna Réigiúin	Údarás Réigiúnach an Mheán-Iarthair	Óstán Horse & Jockey, An Marcach, Durlas, Co. Thiobraid Árann 28.02. – 01.03.2013	2	100.00	598.18	798.18

16	Comhdháil Bhliantúil 2013	Comhlachas na gComhairlí Contae & Cathrach (ACCC)	Óstán Tower, Port Láirge 07. – 08.03.2013	5	130.00	2,120.64	2,770.64
17	Geilleagar Nua Láir Tíre a Chruthú	Midlands Wind	Óstán Tullamore Court, Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí 08.03.2013	1	0.00	289.59	289.59
18	Ceapadh Beartais Phoiblí & an Comhairleoir	Superior Training	Óstán Great Northern, Bun Dobhráin, Co. Dhún na nGall 08. – 09.03.2013	2	120.00	672.32	872.32
19	Tacaíocht Rialtais Áitiúil d'Obair Dheonach	Esperanza Enterprises	Óstán Manor West, Trá Lí, Co. Chiarraí 08. – 09.03.2013	1	150.00	367.53	517.53
20	5ú Cruinniú Mullaigh maidir le Fuinneamh In-Athnuaite 2013	iQuest Ltd.	Ionad Comhdhála Pháirc an Chrócaigh, Baile Átha Cliath 14.03.2013	1	362.85	375.13	737.98
21	Seimineár ar Dhrochúsáid Drugaí & Alcóil	Celtic Conferences	Óstán Celtic Ross, Ros Ó gCairbre, Co. Chorcaí 22. – 24.03.2013	4	100.00	2,008.09	2,408.09
22	Seimineár faoi Shaoráil Faisnéise do Chomhairleoirí	TJK Conferences	Óstán Woodfield House, Luimneach 22. – 24.03.2013	1	100.00	145.37	245.37
23	Seimineár faoi Theidilíochtaí Cánach	Ace Training	Óstán Four Seasons, Cairlinn, Contae Lú 29. – 31.03.2013	4	100.00	2,020.12	2,420.12
24	Seimineár Earraigh LAMA 2013	Comhairle Chontae Loch Garman	Óstán Ashdown Park, Guaire, Co. Loch Garman 05. – 06.04.2013	8	150.00	4,079.79	5,279.79

25	Comhlachas Tráchtála a Thosú & a Fhorbairt i do Phobal	Ace Training	Óstán Four Seasons, Cairlinn, Contae Lú 12. – 14.04.2013	2	100.00	942.90	1,142.90
26	1 Iú Comhdháil Náisiúnta – an Tóstal – Cúrsaí Turasóireachta Diaspora	Turasóireacht Cheatharlach	Óstán Lord Bagenal, Leithghlinn an Droichid, Co. Cheatharlach 18. – 20.04.2013	2	150.00	848.25	1,148.25
27	Rialtas Áitiúil & an Tomhaltóir	Superior Training	Óstán Holyrood, Bun Dobhráin, Co. Dhún na nGall 19. – 20.04.2013	1	120.00	323.80	443.80
28	An Bille um Sheirbhísí Uisce 2013	Esperanza Enterprises	Óstán Westport Plaza, Cathair na Mart, Co. Mhaigh Eo 19. – 20.04.2013	1	150.00	213.55	363.55
29	Cáin Mhaoine Áitiúil: Loighistic, Impleachtaí & Iarmhairtí do Thomhaltóirí na hÉireann	TGR Seminars	Óstán Mullingar Park, An Muileann gCearr, Co. na hIarmhí 19. – 21.04.2013	1	145.00	351.05	496.05
30	Comhdháil Eures maidir le Turasóireacht Chomhpháirtíochta Trasteorann	Comhlachas Tráchtála Dhún Dealgan	Óstán Ballymascanlon House, Dún Dealgan, Co. Lú 24.04.2013	3	0.00	995.88	995.88
31	An Córas Rialaithe Foirgníochta a Neartú	Esperanza Enterprises	Óstán Westport Plaza, Cathair na Mart, Co. Mhaigh Eo 26. – 27.04.2013	1	150.00	213.55	363.55
32	Ag Déileáil le Bainistíocht – Prionsabail & Dea-Chleachtais	Celtic Conferences	Óstán Celtic Ross, Ros Ó gCairbre, Co. Chorcaí 26. – 28.04.2013	5	100.00	2,583.46	3,083.46
33	Athchóiriú a Phleanáil ar Oileán na hÉireann: Ó Bheartas go Cleachtas	Co-operation Ireland	Óstán Canal Court, an tIúr, Co. an Dúin 02.05.2013	1	0.00	365.72	365.72

34	Turasóireacht Áitiúil & an Comhairleoir	Solution Marketing	Óstán Talbot, Loch Garman 10. – 11.05.2013	1	120.00	377.03	497.03
35	Beartas FSS maidir le Rialú Tobac	Ace Training	Óstán Four Seasons, Cairlinn, Contae Lú 10. – 12.05.2013	3	100.00	1,503.39	1,803.69
36	Ag Déileáil le hEastáit Neamhchríochnaithe	Esperanza Enterprises	Óstán Manor Court, Trá Lí, Co. Chiarraí 17. – 18.05.2013	5	150.00	1,841.44	2,591.44
37	Seimineár Thurasóireacht Iarthar Chorcaí	Celtic Conferences	Óstán Celtic Ross, Ros Ó gCairbre, Co. Chorcaí 24. – 26.05.2013	1	100.00	441.67	541.67
38	Loch Deirgeirt ar an tSionainn – Barr Ár gCumais a Bhaint Amach	Comhairle Chontae na Gaillimhe	Óstán Lakeside, Béal an Átha, Co. Thiobraid Árann 28.05.2013	1	0.00	181.49	181.49
39	Na Príomh-Shaincheisteanna Fuinnimh a Fhearann ar Éirinn	Nuclear Free Local Authorities Ireland	Halla Chontae Fhine Gall, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath 07.06.2013	1	0.00	394.14	394.14
40	Reachtaíocht na hEorpa & Údaráis Áitiúla	Ace Training	Óstán Four Seasons, Cairlinn, Contae Lú 07. – 09.06.2013	1	100.00	505.03	605.03
41	Todhchaí na Sochaí Tuaithe: Deiseanna i gcomhair Forbartha Eacnamaíochta Tuaithe	CEDRA – An Coimisiún um Fhorbairt Eacnamaíoch na gCeantar Tuaithe	Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, Co. Chill Dara 10.06.2013	3	0.00	748.01	748.01
42	Ullmhúchán i ndáil le Straitéisí Náisiúnta & Réigiúnacha	Kadenza Consultancies	Óstán Silver Tassie, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall 14. – 16.06.2013	1	145.00	543.05	683.05

43	Rannhuidiú an Chomhtháthaithe & an Bheartais Uirbigh le Téarnamh Eacnamaíochta	Tionóil Réigiúnacha BMW & S+E (Comhdháil Chomhpháirteach Bhliantúil)	An Brú Ríoga, Cill Mhaighneann, Baile Átha Cliath 19.06.2013	5	0.00	1,604.32	1,604.32
44	An Bille um Réiteach Morgáistí 2013	Esperanza Enterprises	Óstán Manor West, Trá Lí, Co. Chiarraí 28. – 29.06.2013	1	150.00	367.53	517.53
45	<i>European Movement Ireland</i>	Celtic Conferences	Óstán Celtic Ross, Ros Ó gCairbre, Co. Chorcaí 28. – 30.06.2013	1	100.00	441.67	541.67
46	Drochúsáid Drugaí & Alcóil d'Údaráis Áitiúla	Ace Training	Óstán Four Seasons, Cairlinn, Contae Lú 12. – 14.07.2013	1	100.00	486.02	586.02
47	Cúnamh do Phobail Áitiúla maidir le Cruthú Fostaíochta	Solution Marketing	Óstán Talbot, Loch Garman 19. – 20.07.2013	1	120.00	396.04	516.04
48	Cánachas ar Earraí & ar Sheirbhísí	Esperanza Enterprises	Óstán Manor West, Trá Lí, Co. Chiarraí 19. – 20.07.2013	1	0.00	367.53	367.53
49	Forbairt Phobail- Ealaíona & Spóirt	BG Seminarz	Óstán Quality, Cill Airne, Co. Chiarraí 26. – 28.07.2013	1	150.00	508.83	658.83
50	<i>Looking to 2016 – How Stands the Republic?</i>	Scoil Samhraidh MacGill	Na Gleannta, Co. Dhún na nGall 28.07. – 02.08.2013	1	150.00	805.79	955.79
51	Cosc & Brath Coireachta Tuaithe	BG Seminarz	Óstán Clanree, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall 02. – 04.08.2013	1	150.00	552.56	702.56
52	Parnell & Kennedy: Lost Leaders	Scoil Samhraidh Parnell 2013	Teach Avondale, Ráth Droma, Co. Chill	1	60.00	371.33	431.33

			Mhantáin 11. – 16.08.2013				
53	Milwaukee Irish Festival	Spirit of Galway	Milwaukee & Chicago, Stáit Aontaithe Mheiriceá 13. – 23.08.2013	2	0.00	2,791.50	2,791.50
54	Éire agus Ulaidh: ag dul a mbealach féin feasta?	Scoil Samhraidh Merriman	Lios Dúin Bhearna, Co. an Chláir 14. – 18.08.2013	1	35.00	215.45	250.45
55	Na Tairbhí a Ghabhann le Cruthú Fostaíochta – Seimineár faoi Theidlíochtaí Cánach	Ace Training	Óstán Four Seasons, Cairlinn, Contae Lú 16. – 18.08.2013	3	100.00	1,340.84	1,640.84
56	An Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine	BG Seminarz	Óstán Quality, Cill Airne, Co. Chiarraí 16. – 18.08.2013	1	150.00	508.83	658.83
57	<i>Changing Social Relations of Housing Tenure</i>	Esperanza Enterprises	Óstán Westport Plaza, Cathair na Mart, Co. Mhaigh Eo 30. – 31.08.2013	1	120.00	213.55	333.55
58	Cáin Bhóthair, Dleachtanna & Ceadúnais do Mhótarfheithiclí	Esperanza Enterprises	Óstán Westport Plaza, Cathair na Mart, Co. Mhaigh Eo 06. – 07.09.2013	1	120.00	105.45	225.45
59	Dínit ag an Obair – Treoir maidir le Bulaíocht & Ciapadh san Ionad Oibre	Ace Training	Óstán Four Seasons, Cairlinn, Contae Lú 06. – 08.09.2013	3	100.00	1,398.72	1,698.72
60	Seimineár Oidhreachta Domhanda	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta & Gaeltachta	Caisleán Bhaile Átha Cliath 12.09.2013	3	0.00	1,034.66	1,034.66

61	Comhdháil Bhliantúil 2013 – Tús Áite do na Daoine	A.M.A.I.	Inchydoney Lodge & Spa, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí 12. – 14.09.2013	2	175.00	1,238.21	1,588.21
62	Comhdháil Chiarraí maidir leis an Timpeallacht, le Cultúr & le hOidhreacht	Cumann Oidhreacht Ráth Tuaidh	Golf Hotel, Baile an Bhuinneánaigh, Co. Chiarraí 18. – 21.09.2013	1	150.00	484.12	594.12
63	James Fintan Lalor Inaugural School 2013	James Fintan Lalor School Committee	Dunamais Arts Centre, Port Laoise, Co. Laoise 20. – 21.09.2013	1	0.00	341.32	341.32
64	An tAcht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2013	Esperanza Enterprises	Óstán Manor West, Trá Lí, Co. Chiarraí 20. – 21.09.2013	1	120.00	350.42	470.42
65	Meabhair-Shláinte Phobail & an Comhalta Tofa	BG Seminarz	Óstán Clanree, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall 20. – 22.09.2013	1	150.00	552.56	702.56
66	Deich mBliana na gCuimhneachán 1913 – 1923 – Ról na nÚdarás Áitiúil	Lárionad Litríochta & Cultúir Chiarraí	St. John's Theatre & Arts Centre, Lios Tuathail, Co. Chiarraí 26. – 27.09.2013	1	130.00	335.21	465.21
67	25 th Annual La Touche Legacy Seminar – Local Govt. – A New Dawn?	Comhairle Baile na gCloch Liath	Óstán Charlesland Golf & Country Club, na Clocha Liatha, Co. Chill Mhantáin 27. – 29.09.2013	1	150.00	478.42	628.42
68	An tslí inar féidir leis an gComhalta Tofa cabhair a thabhairt maidir leis an gComhrac i gcoinne na Coireachta	BG Seminarz	Óstán Quality, Cill Airne, Co. Chiarraí 27. – 29.09.2013	2	150.00	1,008.16	1,308.16
69	Ceanglais Nua d'Údarás Áitiúla maidir leis an bPróiseas Tairisceana	Ace Training	Óstán Four Seasons, Cairlinn, Contae Lú 04. – 06.10.2013	2	100.00	880.17	1,080.17

	Comhdháil	Eagraithe ag	Dáta & Ionad	An Líon Comhaltaí a d'Fhreastail uirthi	Táille na Comhdhála €	Taisteal & Cothú €	Iomlán €
69	Ceanglais Nua d'Údaráis Áitiúla maidir leis an bPróiseas Tairisceana	Ace Training	Óstán Four Seasons, Cairlinn, Contae Lú 04. – 06.10.2013	2	100.00	880.17	1,080.17
70	Internet Elections	Councillors Conferences	Óstán Louis Fitzgerald, Crois an Fhearainn Nua, Baile Átha Cliath 04. – 06.10.2013	1	89.00	343.22	432.22
71	Seimineár Fómhair LAMA 2013	Comhairle Chontae an Chláir	Óstán Falls, Inis Díomáin, Co. an Chláir 11. – 12.10.2013	5	150.00	1,447.92	2,197.92
72	Spóirt & Pleanáil Phobail	Ace Training	Óstán Park, Cluain Meala, Co. Thiobraid Árann 11. – 13.10.2013	1	100.00	322.31	422.31
73	Rialtas Áitiúil & Forbairt na Fiontraíochta	Superior Training	Óstán Holyrood, Bun Dobhráin, Co. Dhún na nGall 18. – 19.10.2013	2	120.00	520.50	760.50
74	The Best Way Forward: Inclusive Communities for Older People	Respond	An Lárionad Comhdhála, Baile Átha Cliath 23.10.2013	1	0.00	382.73	382.73
75	Future Energy Needs: Wind Turbines to Nuclear	BG Seminarz	Óstán Clanree, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall 25. – 26.10.2013	1	120.00	443.57	563.57
76	Threoirlínte Dearthóireachta i ndáil le Pleanáil & Forbairt Tithíochta Tuaithe	Celtic Conferences	Óstán Celtic Ross, Ros Ó gCairbre, Co. Chorcaí 25. – 27.10.2013	3	100.00	1,616.11	1,916.11
77	An tAcht um Thoghchán, Rialtas Áitiúil agus Pleanáil agus Forbairt 2013	Esperanza Enterprises	Óstán Westport Plaza, Cathair na Mart, Co. Mhaigh Eo 01. - 02.11.2013	1	150.00	207.84	357.84

	Comhdháil	Eagraithe ag	Dáta & Ionad	An Líon Comhaltaí a d'Fhreastail uirthi	Táille na Comhdhála €	Taisteal & Cothú €	Iomlán €
78	Buiséid Chomhairle – Ullmhú, Glacadh & Leasuithe	BG Seminarz	Óstán Quality, Cill Airne, Co. Chiarraí 01. – 03.11.2013	3	150.00	1,168.10	1,618.10
